

PLÉARÁCA '98

Foilsithe ag Pléaráca Teo ar ócáid na Féile



Clár na Féile

Agallamh le
Gearóid Ó Tuathaigh

Bád Pheada

Tigh Chonroy

Seanscoil Sailearna

Grianghrafanna idir
sean agus nua

Johnny Morgan

Tuairimíocht

Sam Maguire

Droichid Chonamara
agus neart eile

£1



Raidió na Gaeltachta

ar fud na tíre

Gach lá 0800-1930
92-94 agus 102.7FM/VHF

Eagarthóir na hIrise:

Donncha Ó hÉallaithe

Buíochas:

Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine a thug cúnamh leis an ábhar a bhailiú is a réiteach: Máire Áine Ní Chuaig, Máire Jane Céitinn, Ruaidhrí Ó Tuairisg, Peigí Ní Chonghaile, Meta Uí Mháille agus Diarmaid Johnson agus Bridgie Uí Fhiannachta a thug cúnamh le bailiú na bhfógraí.

Tá buíochas ag dul dona scríbhneoirí a chuir ábhar ar fáil: Séamas Ó Cualáin, Pádraig Seoige, Éamonn Ó Canainn, Colm de Bhaldraithe, Máire Seoige, Daithí Ó Muirí. Faraíor ní raibh an spás san iris le chuile rud a fhoilsiú i mbliana;

Johnny Healion a chuir eolas agus grianghrafanna den Morning Star ar fáil;

Gearóid Ó Tuathaigh as an t-am a thabhairt le haghaidh an agallaimh.

Dick Scott as cead a thabhairt grianghraf den Morning Star as a leabhar "The Galway Hooker" a usáid.

Foireann Chlódoirí Lurgan a thug gach cúnamh dhúinn agus Micheál Ó Braonáin a chinntigh gur tháinig sé amach in am.

B'é Caomhán Ó Scolai a rinne an leagan amach slachtmhar ar an iris.

Sé an tEagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíorbhuoch dona fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Stúirthóir na Féile

Mandy Uí Mhurchú

Coiste Oibre na Féile

Donncha Ó hÉallaithe,
Meta Uí Mháille
Mairead Ní Chualáin
Máire Ní Chualáin
Réamonn Ó Mainnín
Peigí Ní Chonghaile
Majella Ní Chríocháin
Turlough O'Connor
Gearóid Ó Murchú
Seán Ó Maidín
Máire Uí Chonaola
Joe Steve Ó Neachtain
Máirín Uí Neachtain
Tommy Ceven Ó Nia

Mic Léinn

Máire Áine Ní Chuaig

Máire Jane Ní Chéitinn
Mairead Ní Cheannabháin
Róisín Ní Chatháin

Scéim Fostaíochta an Phléaráca
Saoiste - Gabrielle Ní Mháille
Bridgie Uí Fhiannachta
Máire Áine Uí Ghriallais
Agnes Bainbridge
Sailí Uí Chualáin
Eilís Ní Mhaoláin
Fionnuala Mierke
Cáit Ní Chualáin
Máirín Ní Nia
Colm Bairéad
Máire Céitinn

Tá Coiste Oibre na Féile an-bhuíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh is tacaíocht:
Liam Mac an Iomaire
Bob Quinn
Martina Goggin

Nóirín Ní Ghrádaigh, ÚnaG
Pádraig Ó hAoláin, ÚnaG
Peadar Ó Maoláin, ÚnaG
Siorcha Nic Dhonncha, ÚnaG
Máirtín Tom Sheáinín, RnaG
Máirtín Mac Donncha, RnaG
Máirtín Jaimisí Ó Flaithearta, RnaG
Mattie Joe Sheámuís Ó Fátharta, RnaG
Tom Rua Mac an Iomaire, RnaG
Seán Ó hÉanaigh, RnaG
Cathal Goan, TnaG
Pádraig Ó Ráinne, TnaG
Nioclás Ó Conchubhair Teo., Leitir Móir

Maidhc P. Ó Conaola
Johnny Chóil Mhaidhc agus a bhean Bríd
An Spailpín Fánach
Seán Leainde
Tomás Ó Máille

Colm Ó Flatharta, Camus Muintearas
Comharchumann Shailerna Teo.
Gearóid de Faoite
Scéim Fostaíochta Pobail na Seanscoile
Breandán Ó Tuairisg
Muintir Uí Neachtain, Baile na hAbhann
Seán Ó Flaithearta
Johnny Hughes
Coiste Turasóireachta Chill Chiaráin
Eithne agus Peadar Mac Donncha
Michael Barrett
Bernard Lee
Colm Ó Cinnseala
Eamonn Ó Domhnaill,
Comharchumann Chonamara Thiar
Áras Uí Chadhain, An Cheathrú Rua
James Harold, Comh. Cho. na Gaillimhe

Seán & Mairead Uí Fhoighil
Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltacht agus Oileáin

Áras na Scríbhneoirí, BAC
Áine Hensey, RnaG
Diarmaid Mac an Adhastair
Na bunscoileanna a ghlac páirt sa gcomórtas ealaíne
Eo Teilifís agus Ros na Rún
Róisín Ní Mhainín
Joe Ó Neachtain
Colm Sonny Ó Méalóid
Colm Dubh Ó Méalóid
Sibéal Ní Mháille
Michael Ó Máille
An tAth Eddie Bheartla Ó Conghaile
Michael Foley, Teach an Daingin
Ollie Jennings
Michael Diskin, Town Hall Theatre
Trish Fitzpatrick, Ionad Ealaíne na Gaillimhe
Peter Sirr
Maidhc Donahue
Jean Noel Rault
Criostóir Mac Cárthaigh, Béaloidéas
Pádraig Ó Duinnín, Meitheal Mara
An Fámaire, criú agus ceoltóirí
Diarmuid de Faoite,
Seán Conneely
Orla Uí Thuathail, Telegael
Brid Ní Dhonncha, Eo Teilifís
Máire Ní Chonláin, Gael Media
Petie ó Máille, Eanach Mheáin
Áras Mhac Dara
Teach Scribe
Comhaltas Charna
Coiste Seanscoil na Trá Báine
Na Moltóirí go léir
Na ceoltóirí, fonnadóirí, filí a chuir siamsaíocht ar fáil le linn na féile.
Na bádóirí agus iomróirí a ghlac páirt sna himeachtaí farraige.

Is cinnte go bhfuil daoine fágtha ar lár againn. Ní d'aon turas é.

Buíochas speisialta le foireann Raidió na Gaeltachta. Buíochas chomh maith le Glór Chonamara, An Connacht Tribune, Galway Advertiser, Galway Bay FM, Clare FM as poiblíocht agus eolas a thabhairt faoi imeachtaí na féile.

Urraithe na Féile:

Seo leanas na heagraíochtaí agus na comhlachtaí gnó a thug urraíocht fhlaithiúil dúinn le Pléaráca Chonamara '98 a reachtáil: Údarás na Gaeltachta; Comhairle Chontae na Gaillimhe; Guinness; An British Council; Tigh Standún; Island Ferries; Muintearas; An Chistin; Tigh Chualáin; Óstán Westport.

Clár na hIrise

- 2 Eagarthócal
- 5 Agallamh an Phléaráca: An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh
- 9 Bád Pheada
- 18 An Bantiarna Dudley
- 21 Clár Imeachtaí an Phléaráca
- 27 Teach Ghairfean agus Conroys Ros Muc
- 29 Patsy Ceannabháin
- 30 Stair na nDroichead i gConamara
- 31 Droichead Flannery
- 34 Johnny Mhorgan
- 36 Cérbh é Sam Maguire
- 38 Pléaráca
- 39 Seanscoil Shailerna
- 42 Conamara Aineoil
- 44 Cumas

Foilsithe ag
PLÉARÁCA TEO., ROS MUC
091-574346
Ríomhphost: plearaca@tinet.ie

CÓIPCHEART

Tá cóipcheart ag Pléaráca Teo. agus ag na húdair ar an ábhar atá foilsithe anseo. Le cead a fháil ábhar a usáid is cóir dul i dteangbháil leis an Eagarthóir.

Cá bhfuil an Tascfhórsa Gaeltachta?

"Ní dul chun cinn eacnamaíoch a mharóidh an Ghaeilge ach gan an cineál seo dul chun cinn ní bheidh pobal ann le teanga d'aon tsórt a labhairt. Ach os a choinne sin d'fhéadfadh forbairt tionsclaíoch de chineál áirithe, saor ó aon rialacha teanga, an Ghaeilge a scuabadh chun siúil níos tapúla ná mar a rinne na bataí scoir."

Breandán Ó hEithir a scríobh an méid sin scór bliain ó shoin, i bhforlíonadh speisialta a bhí san Irish Times faoin teideal "An Ghaeltacht agus Cúrsaí na Gaeilge".

Le scór bliain anuas d'éirigh le hÚdarás na Gaeltachta an fhorbairt thionsclaíoch a dhéanamh, "saor ó aon rialacha teanga" ar an gcuid is mó agus tá an Ghaeilge beagnach scuabtha chun siúil.

Mí Aibreáin seo caite, d'fhoilsigh an Oifig Staidrimh figiúirí daonáirimh spéisiúla agus scanrúla faoi usáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Léirigh sé go bhfuil an líon daoine fásta a usáideann Gaeilge ar bhonn laethúil titithe faoi bhun a leath sa Ghaeltacht ina hiomláine. As 41,000 duine os cionn 18 mbliana sa Ghaeltacht ag an am a rinneadh an daonáireamh i 1996, bhí 20,000 acu ag maíomh go n-usáideann siad an Ghaeilge go laethúil. Ag cur san áireamh go mbeadh cúpla míle acu, ar a laghad, ag déanamh áibhéile faoin méid Ghaeilge a labhrann siad, ciallaíonn an figiúr seo nach gnáthach le duine fásta as gach beirt sa Ghaeltacht Oifigiúil an Ghaeilge a usáid ar chor ar bith i gcaitheamh an lae. Ar ndóighe, tá an scéal i bhfad níos measa i measc na ndéagóirí sa nGaeltacht.

Bheifeá ag súil le díospóireacht

phoiblí faoin gceist, nuair a foilsíodh na torthaí, ach is fada an lá ó thit cás na Gaeltachta den agenda náisiúnta.

I gCathair na Mart mí Feabhra seo caite, chuir an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh páipéar faoi staid na Gaeltachta i láthair comhdhála a thug an eagraíocht Cumas le chéile. I láthair, bhí thart ar 80 duine atá gníomhach i bhforbairt phobail i gConamara Theas agus ar Oileáin Árann. Níor chuir sé fiacal ann. Dúirt sé go bhfuil an Ghaeltacht ag béal na huaighe.

"Tá bás na bpobal Gaeltachta, mar phobail ar leith teanga, á thuar le fada", a dúirt sé. "Tá fianaise ann go bhfuil an tuar ag tíocht faoin tairngreacht de réir a chéile. I gcuid dena limistéir atá aitheanta ag an Stát mar chuid den Ghaeltacht 'oifigiúil' tá an bonn teanga chomh lag sin gur ar éigean a d'fhéadfaí a rá gur teanga phobail í an Ghaeilge ar aon tsli réasúnta. Go fiú sna limistéir is láidre ó thaobh na teanga de, tá fianaise dhoshéanta go bhfuil an patrún dátheangach atá ag feidhmiú iontu ag tabhairt an lámh in uachtar don Bhéarla i saol an phobail níos mó agus níos mó."

B'é tuairim mheáite na comhdhála i gCathair na Mart, tar éis plé fada a dhéanamh ar staid na Gaeltachta go mba chóir tascfhórsa a bhunú le féachaint an bhféadfaí stop a chur le díothú na Gaeltachta. Níor bunaíodh an tascfhórsa fós.

Tá an t-eagarfhocal seo dírithe ar an Aire Stáit Éamonn Ó Cuív, fear a chuirgeann an cheist níos fearr ná éinne a tháinig roimhe sa phost agus éinne a maith níos fearr ná éinne a thosaíodh ina dhiaidh. Tá muid ag iarraidh ar an Aire Stáit rud amháin

a dhéanamh go práinneach agus sé sin Tascfhórsa Gaeltachta a bhunú a mbeidh sé mar chúram air fianaise a thógáil sa Ghaeltacht faoin bhfíorstaid ina bhfuil gach ceantar; agus ansin stráitéis chomhtháite a cur le chéile maidir le slánú na Gaeltachta mar phobal dhátheangach ina mbeadh an Ghaeilge in uachtar.

Tascfhórsa éifeachtach a theastódh, ar a mbeadh daoine consiasacha tuisceanacha réadúla óna pobail Ghaeltachta, ag obair faoi stiúir áisitheora neamhspléaigh. Ní mhór go mbeadh na daoine a roghnófaí ar an dtascfhórsa bainteach le agus eolach ar shaol laethúil na Gaeltachta; go mbeidís ionadaíoch de na grúpaí sóisialta éagsúla - tuismitheoirí, oideachasóirí, daoine óga, lucht na meán; oibrithe monarchan; agus thar aon rud eile go mbeidís in ann an obair a dhéanamh go héifeachtach le chéile. Ba chóir go bhféadfadh an tascfhórsa comhairleoirí a fliostú, le saineolas a thabhairt, de réir mar ba ghá.

Sa deireadh thiar thall agus muid ar druim le deireadh na mílaoise, tá dhá rogha ann. Na maidí a ligint le sruth, géilleadh don Bhéarla agus glacadh leis nach mbeidh an Ghaeilge dá h-usáid i bhfad eile mar gnáth-theanga phobail i nDeisceart Chonamara. É sin, nó comhghuaillíocht a bhunú idir na heagraíochtaí agus na daoine atá gníomhach sa phobal, ar cás leo an Ghaeltacht agus seasamh láidir a thógáil faoin gceist sara mbeidh sé rómhail.

A Éamonn, is fútsa atá sé gníomhú.



AGALLAMH AN PHLÉARÁCA

An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta

Dhá bhliain ó shoin ceapadh Gearóid Ó Tuathaigh, ollamh le stair in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ina chathaoirleach ar Údarás na Gaeltachta. San agallamh seo, a chuir Donncha Ó hÉallaithe air le déanaí, léiríonn sé a dhearcadh ar an obair atá ar bun ag an Údarás agus ar na fadhbanna atá le réiteach. Léiríonn

sé a imní faoi thodhchaí na Gaeltachta. Má ghlacann an rialtas le moladh ón Údarás go mba chóir go mbeadh an tÚdarás ar fad tofa go daonlathach, ag an gcéad toghchán eile, tiocfaidh deire le chathaoirleacht Gearóid Uí Thuathaigh, gan ach beagáin le cois leath dá thréimhse ceapacháin caite aige sa phost. ►

Donncha Ó hÉallaithe: Céard é do ról mar chathaoirleach ar Údarás na Gaeltachta?

Gearóid Ó Tuathaigh: Bhuel, go simplí sé ról an chathaoirligh is dócha ná bheith i gceannas ar na cruinnithe.

Chomh maith leis sin, ar ndóigh, tá ról ag an

gcathaoirleach bheith ag taispeáint taoiseachais áirithe chomh fada is a bhaineann sé leis an agenda, chomh fada is a bhaineann sé le buncheisteanna. Tá ról idirghabhála go pointe áirithe ag an gcathaoirleach, sa mhéid is go gcaithfidh an cathaoirleach bheith ar a dhícheall ag iarraidh a bheith suas chun dáta ar na rudaí atá ag déanamh inní do na comhaltaí. Chomh maith leis sin beidh sé ag féachaint amach oiread is a féidir idir na cruinnithe ar cad atá ar bun ag na feidhmeannaigh agus cad iad na scéalta atá ag teacht chun cinn agus cén fhorbairt atá déanta ar rudaí atá ardaithe agus cén beart atá déanta ar rudaí atá socraithe ag an Údarás. Mar sin, ar shlí ní ról feidhmiúcháin

é ach is ról leanúnach é ó thaobh monotóir-eachta de, ó thaobh gríosaithe de agus tré bheith ag teacht chun cinn le smaointe chomh maith.

D Ó hÉ: Agus an bhfuil athrú curtha agatsa ar an agenda ó ceapadh thú?

G Ó TUATHAIGH: Níor mhaith liom a mhaíomh go bhfuil athrú curtha agamsa go pearsanta ar an agenda. Faoi mar a tharla bhí roinnt áirithe ceisteanna nua tagtha chun cinn nuair a chuas isteach mar chathaoirleach agus tá na ceisteanna sin, b'fhéidir, múnlaith agus beachtaithe níos mó ó shin. Bhí páirt agamsa sa ghnó san. Mar shampla, níl aon amharas in aon chor ná go bhfuil tuiscint níos fairsinge ann anois laistigh den Údarás go gcaithfidh an tÚdarás bheith ag féachaint ar fhorbairt chomhtháite, go gcaithfear tú gné na teanga, gné an phobail agus mar sin de a thabhairt

isteach sa scéal faoi chuile chinneadh atá le déanamh. Má bhí am ann nuair ba í an fhostaíocht agus cruthú fostaíochta an chéad chloch agus an chloch dheireannach ar a bpaidrín, mar a déarfá, ag feidhmeannaigh an Údaráis, tá an lá sin thart.

Cúrsaí Oiliúna i mBéarla dhá Reachtáil sa Ghaeltacht

D Ó hÉ: Déarfadh daoine gur beag seasamh a thóg an tÚdarás thar na blianta ó bunaíodh an tÚdarás i 1979 faoi cheist na Gaeilge sa nGaeltacht agus go bhfuil cuid den locht ar an Údarás faoin gcreimeadh mhór atá tagtha ar an nGaeilge - cúrsaí oiliúna á eagrú trí Bhéarla, mar shampla.

G Ó TUATHAIGH: Cibé rud a bhí ann san aimsir atá thart, agus glacaim leis cinnte go raibh go leor leor rudaí i gceist le creimeadh na teanga sa nGaeltacht, nuair a bhí tuiscint ag an Údarás mar oidhre ar Ghaeltarra Éireann gurb é bun is barr an chuspóra a bhí ag an Údarás ná bheith ag cruthú fostaíochta; má bhí na figiúirí ceart ag deireadh na bliana bhí an beart déanta. Sé an rud atá dhá rá agam ná nach mar sin atá an scéal faoi láthair. Níor mhaith liom go mbeadh aon chúrsa oiliúna dhá reachtáil faoi choimirce an Údaráis in aon cheantar Gaeltachta nó le pobal Gaeltachta, fiú na Gaeltachtaí is laige, gan an cúrsa sin a bheith ar fáil i nGaeilge. Bíonn deacracht ann ó am go chéile, ag brath ar cén saghas cúrsa atá i gceist, daoine feiliúnacha a fháil atá in ann cúrsa iomlán a theagasc trí Ghaeilge. Caithfidh mé a rá gur dóigh liom féin go ndéantar rud ró mhór den deacracht sin go minic ó cheann ceann na tíre, ach go speiseálta sa nGaeltacht. Anois glacaim leis, agus glacaim leis mar go bhfuil sé feicthe agam agus glacaim leis mar go bhfuil sé cloiste agam ó dhaoine sa nGaeltacht, go raibh cúrsaí áirithe curtha ar fáil a raibh an iomarca Béarla iontu nó gurb é an Béarla a bhí in uachtar iontu. Níl sé sin inghlactha dhomsa agus tá sé sin curtha in iúl don rannóg oiliúna agus táim sásta go dtuigeann siadsan an polasaí atá leagaithe síos agus go bhfuilid dá leanacht.

D Ó hÉ: Ag caint ar iompar teangan, nach dtugtar cead a chinn i ndáiríre do bhainistíocht na monarchan a rogha rud a dhéanamh nuair atá an togra bunaithe agus na deontais fáighte,

"In aon phleanáil shóisialta a bheidh ar bun, ní féidir leis an Údarás a bheith gearrtha amach ó chúrsaí tithíochta agus an phleanáil fhisiciúil. An slí is deise, b'fhéidir, chun é a dhéanamh ná ról a bheith ag an Údarás i bpáirt leis an gComhairle Contae...."

maidir le earcaíocht fóirne ón taobh amuigh agus maidir le cleachtas teangan san ionad oibre?

G Ó TUATHAIGH: Tá do mhéar leagaithe agat ar an bhfadhb. Cad í an úirlis smachta atá ag an Údarás nuair atá an rud bunaithe agus nuair atá an deontas tugaithe agus nuair atá na coinníollacha comhlíonta ó thaobh na hinfheistíochta di? An freagra macánta ar sin nach bhfuil úirlis smachta díreach ann. Ní féidir an t-airgead a fháil arais. Tá áfach an fhadhb seo pléite againn, mar an rud atá luaite agat is rud é a chuireann isteach ar chomhaltaí an Údaráis, a chuir isteach ormsa ón tus agus go n-adhmaíonn na feidhmeannaigh gur fadhb í.

Ceann de na rudaí atá socraithe againn ná in aon dara iarratas a chuirfear isteach feasta scrúdófar staid na teanga agus iompar teanga sa mhonarcha chomh dian céanna agus a scrúdaítear cúrsaí fostaíochta agus staid airgeadais an ghnólachta.

D'admhóinn nár dhein an tÚdarás go dtí seo cúram d'iompar teanga ag an leibhéal críochnúil a bhí ag teastáil. Easpa eolais cheapfainn fhéin ba chúis leis sin. Ní raibh an oiread sin taighde déanta ná taithí ar bhealaí oibre....

D Ó hÉ: Ach bhí easpa tola ann chomh maith....

G Ó TUATHAIGH: Ní dhéarfainn easpa tola. Tá mé ag caint ar na tosaíochtaí a chuireadar rompu, agus níl dabht faoin spéir ná go naithnítear anois go gcaithfear eolas níos beaichte a

fháil faoi na modhanna iompar teanga, cad iad na rudaí a oibríonn, cad iad na fadhbanna...

D Ó hÉ: Ach an bhfuil sé an-mhall anois?

G Ó TUATHAIGH: An- mhall, cinnte. Go deimhin, tá sé an-mhall ó thaobh an stáit féin de. Tá sé dochreidte, 75 bliain th'éis bhunú an stáit, go mbeadh an chuid is mó den státchóras, ní hé amháin aineolach ach 'utterly unsensitised' ar chuile bhealach ar impleachtaí teanga nuair atá siad ag plé le pobal Gaeltachta.

Ó thaobh an Údaráis de ghacaim leis go bhfuil cuid dena céimeanna atá á nglacadh againn ag teacht an-mhall ar fad agus dhéarfadh daoine áirithe ró-mhall i gcás pócaí áirithe Gaeltachta, agus ní bheinn a' rá nach bhfuil an ceart acu.

An Ghaeltacht agus an Státchóras

D Ó hÉ: Shílfeá nach bhfuil mórán muiníne agat sa Státchóras agus é ag déileáil leis an nGaeltacht. Ar chóir níos mó de ról a bheith ag an Údarás ná mar atá faoi láthair, i gcás tithíocht mar shampla?

G Ó TUATHAIGH: Sé an rud atá dhá rá agamsa, ná in aon phleanáil shóisialta a bheidh ar bun, ní féidir leis an Údarás a bheith gearrtha amach ó chúrsaí tithíochta agus an phleanáil fhisiciúil. An slí is deise, b'fhéidir, chun é a dhéanamh ná ról a bheith ag an Údarás i bpáirt leis an gComhairle Contae... Sin é an rud a dúramar san aighneacht a chuireamar isteach chuig an Coimisiún faoi chúrsaí Devolution. Is féidir liom a rá leat go mbeidh sé an-deacair ar an Údarás an cas seo a dhéanamh. Beidh sé an-deacair ar an Aire Stáit an cas sin a dhéanamh. Mar ní léir dom go dtuigtear sa Státchóras go mbeadh gá lena leithéid de ról ag aon dream sa nGaeltacht. Na moltaí atá déanta, cuirim i gcás, faoi athraithe sa Rialtas Áitiúil, shílfeá nach dtuigeann na h-údair Gaeltacht a bheith ann in aon chor, ó thaobh cúrsaí toghchánaíochta nó aon rud eile, gan trácht ar chúrsaí pleanála fhisiciúla agus tógáil tithé.

Éagothromaíocht Infheistíochtaí gConamara

D Ó hÉ: Ag tíocht go gearán eile a bhíonn ag daoine sa nGaeltacht seo, sé sin an éagothromaíocht an-mhór



"An té nach bhfuil sásta dul os comhair an phobail agus vóta muiníne a lorg ní cóir go mbeadh aon údar gearáin ag an té sin nach bhfuil sé i bhfeighil rudaí. Agus ní bheadh agamsa.

Déanfaidh mé mo dhícheall fad is atá mé ann. Caithim go cothrom le gach dream...."

atá sa bhforbairt atá déanta ag an Údarás. Na jabannaí curtha ar fáil i limistéir beag gar do chathair na Gaillimhe agus daoine óga dhá sú amach as ceantracha cosúil le Ceantar na nOileán, Rosmuc, Camus. Cois Fharraige dhá phlúchadh ag daoine ag bogadh isteach is áiteanna eile dhá mbánú. Céard is féidir leis an Údarás a dhéanamh faoi seo?


G Ó TUATHAIGH: Bhuel, ar an gcéad dul síos d'admhóinn go bhfuil an fhorbairt atá déanta éagothrom. Is iomaí cúis atá leis sin. Ní féidir a rá nach bhfuil baint ag polasaithe an Údaráis leis an scéal, sa mhéid is gurb é an tÚdarás a cheadaíonn tograí is gurb é an tÚdarás a chuireann leibhéal éagsúla deontais ar fáil.

Anois céard is féidir leis an Údarás a dhéanamh? Bhuel, tá cúpla rud nó trí déanta agus caithfidh mé a rá nach bhfuil a dhóthain déanta agus nach bhfuilim féin sásta go bhfuil an freagra agamsa ar an bhfadhb seo ach an oiread. Mar shampla, ins na pacáistí deontais atá curtha le chéile ag an Údarás tá buntáistí áirithe do na ceantair tearcfhorbartha, mar a tugtar orthu, seachas mar atá, abraimís, i gCois Fharraige.

Anois, cad eile gur féidir linn a dhéanamh? Is féidir linn infheistíocht a dhéanamh roimhré. Cuirim i gcás tá an tÚdarás tar éis iarracht a dhéanamh tosaíocht a thabhairt do roinnt áiteanna le dhá bhliain anuas. Thugamar infheistíocht chaipitil ar aghaidh agus rinne muid iarracht speisialta tograí a mhealladh do cheantar Iorras Aithneach agus Cárna, mar shampla.

An fhadhb atá ann ná seo: má tá daoine ann go bhfuil fonn orthu togra a bhunú agus go bhfuil airgead acu, a thagann chun cinn agus a labhrann le feidhmeannaigh san Údarás, agus má leagtar amach pacáiste dóibh atá níos fearr ó thaobh deontais de agus ó thaobh tacaíochta de do Chárna ná mar atá sé do Indreabhán agus fós má deireann siad, "tá sé ró fhada ó na háiteacha ina bhfuilimid, labhróidh muid le Forbairt", cad a dhéanann tú? An ndéireann tú, "slán libh, ní féidir linn tada a dhéanamh faoi". Is fadhb chasta í seo. Níl na cártaí uilig ag an Údarás.

D Ó hÉ: Tá díomá ar dhaoine faoin mbealach a bhfuil forbairt déanta ar an dtionscail fise. Ba é an tÚdarás a chuir Telegael sa Spidéal agus ba shin tús leis. Nach bhféadfadh an tÚdarás a



An tEastát Tionsclaíoch ar an gCoill Rua, Cois Fharraige.

rá bhuel sin a dhóthain don Spidéal. Ach ina dhiadh sin thug an tÚdarás airgead le stiúideo Ros na Rún a thógáil sa Spidéal, le stuideo traenála chomh maith le tionscail athghuthaithe a lonnú sa Spidéal, agus anois anuas ar sin uilig tá Media Park dhá thógáil sa Spidéal. Nach bhfuil sé thar am do dhaoine sa gCeathrú Rua agus i Ros Muc agus áiteacha eile a rá, bhuel cén uair a chuirfear sciar den tionscail an-tábhachtach' seo siar againne?

G Ó TUATHAIGH: Glacaim le do phointe go bhfuil cnuasach de áiseanna bailithe le chéile in aon láthair amháin. An chomhairle a bhí ar fáil i dtús

aimsire ná go mbeadh rud éigin de bhun toirt nó 'critical mass' ag teastáil le go mbeadh daoine ar fáil le scileanna agus go mbeadh cros shaibhriú ar bun idir na leibhéil éagsúla imeachtaí a bhí ar bun agus na céimeanna éagsúla den phróiseis. Glacaim leis sin.

Go hiondúil bíonn buntáistí breise ann do chomhlachtaí atá sásta bheith lonnaithe agus gur féidir linn áiseanna a chur ar fáil dóibh in sna ceantair tearcfhorbartha. Roghnaíonn cuid acu, fiú amháin leibhéal deontais níos ísle a bheith acu mar go dteastaíonn uathu bheith in aice comhlachtaí atá ann cheana féin.

Níl sé fíor ach an oiread nach bhfuil infheistíocht déanta againn sa gCeathrú

Rua. Fiú amháin i gcúrsaí cumarsáide, tá Foinse sa gCeathrú Rua. Tá seirbhís aistriúcháin ann. Tá comhlachtaí beaga eile dhá mbunú sa gCeathrú Rua, bunaithe ar chúrsaí cumarsáide agus ar acmhainní teanga chomh maith.

Glacaim leis ó thaobh cúrsaí fiseáin de go bhfeiceann daoine an iomarca den bhailiú isteach in aon chiorcal beag thart ar bhaile an Spidéil. B'fhearr liomsa go mbeadh scaipeadh níos fairsinge air. Leis an gcineál oibre atá ann níl údar ar bith nach mbeadh. Tuigim féin go pearsanta ó bheith ag caint le daoine gurb iad na comhlachtaí féin atá ag iarraidh bheith le chéile cuid mhór ó thaobh cúrsaí sóisialta de agus ó thaobh na *dynamics* a bhaineann le ►

tionscail nua; go mbraitheann siad go mbeadh buntáiste ann dhóibh féin a bheith in aon láthair amháin.

D Ó hÉ: Nach bhfuil éagothromaíocht eile ann sa mhéid is gur iad seo na postanna maithe atá ag daoine le oideachas 3ú leibhéal agus go bhfuil na postanna sin uilig dhá lonnú i gceantar amháin?

G Ó TUATHAIGH: Tá do mhéar curtha agat ar fhadhb bhunúsach. Cuid de na postanna a bhaineann leis an nua-aois, tá siad i réimse na cumarsáide, níl aon amhras faoi sin. Ní mhaífinn go bhfuil saibhreas dhá dhéanamh ag gach éinne atá ag dul isteach i gcúrsaí fiséain agus i gcúrsaí scannánaíochta, dála na scéil. Tá éiginteacht ag baint leis na postanna. Tá go leor daoine ar chonradh. An dushlán is mó atá ag an Údaras faoi láthair ó thaobh cúrsaí fostaíochta ná na postanna a chruthú nó dhul i ndiaidh cruthú postanna a bheidh ag teacht le mianta, le leibhéal oideachais agus leis an ioncam atá ag teastáil ó oíge na Gaeltachta, i gCárna, i Rosmuc agus in áiteanna eile, chomh maith le daoine ar bhóthair Chois Fharraige. Cuid de na cáilíochtaí atá ag oíge na Gaeltachta, is cáilíochtaí iad nach bhfuil an t-Údaras ag cruthú dóthain postanna atá oirúnach dóibh.

Údarás Lán Tofa molta ag Bord an Údaráis

D Ó hÉ: Tá reachtaíocht nua dhá bheartú ag an Aire Stáit Éamonn Ó Cúiv maidir le Bille Teanga agus le struchtúr an Údaráis. Céard é dearcadh an Údaráis faoi na ceisteanna sin?

G Ó TUATHAIGH: Is féidir liom dhá rud a rá. Ar an gcéad dul síos ó thaobh an bhille teanga de tá aighneacht mhór shubstainteach curtha isteach ag an

"Tá mo mhacnamh déanta agam cad atá ag teastáil don Ghaeltacht, cé go bhfuilim an-ímníoch ar fad ar fadfaoi chás na Gaeltachta. Feictear dom go bhfuil an Ghaeltacht ag imeacht as, ina cosa in airde. Ach mar sin féin cím rudaí fiúntacha gur féidir a dhéanamh, agus déanfaidh mé mo dhícheall iad sin a chur i gcríoch."

Údarás agus ag Bord na Gaeilge le chéile, tar éis do ghrúpa speisialtóirí agus buíon den dá bhord stáit a bheith ag obair le chéile. Agus tá súil againn go mbeidh lón macnaimh ann don Aire Stáit agus don rialtas agus go mbeidh comhairle mhaith in san aighneacht.

Dar ndóigh in aon bhille teanga nó in aon reachtaíocht caithfear sainchás na Gaeltachta laistigh den pholasáí teanga i gcoitinne a rianú agus a mhíniú go beacht. Maidir le struchtúr an Údaráis, tá moltaí déanta ag an Údarás féin faoi cad é an struchtúr is fearr. Is féidir liom a rá go bhfuil molta ag an Údarás féin gur Údarás lán tofa ar chóir a bheith ann.

D Ó hÉ: Ach ní bheadh tú i do chathaoirleach air?

G Ó TUATHAIGH: Ní bheadh. Ó ní

bheadh. Bheinn ag súil leis gurb é an t-Údarás fhéin a roghnódh an cathaoirleach as measc na mball. Anois sin é atá molta, tá moltaí eile againn freisin cuirim i gcás.....

D Ó hÉ: Nach ndéarfadh daoine dá mbeadh cathaoirleach ann i measc na mball tofa go mbeadh sé ag breathnú i ndiaidh a pharóiste fhéin agus go mba chuma sa diabhal leis faoi chuile pharóiste eile. Ní mar sin a bhreathnaítear ortsa. Nach féidir leatsa bheith níos cothroime ó thaobh na nGaeltachtaí éagsúla nuair atá siad uilig ag iarraidh píosa don cáca?

G Ó TUATHAIGH: Gan amhras in aon chor tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le Údarás lán tofa, le cathaoirleach lán tofa. Ach chomh luath is a bhogann tú ó sin agus go ndeireann tú, tá cead ag an bpobal na comhaltaí a cheapadh ach sé an tAire nó an Rialtas a chaithfidh an cathaoirleach a cheapadh, cad é atá dhá rá agat? Nach féidir muinín a bheith agat as na daoine atá tofa ag an bpobal?

An té nach bhfuil sásta dul ós comhair an phobail agus vóta muiníne a lorg ní cóir go mbeadh aon údar gearáin ag an té sin nach bhfuil sé i bhfeighil rudaí. Agus ní bheadh agamsa. Déanfaidh mé mo dhícheall fad is atá mé ann. Caithim go cothrom le gach dream.

Tá mo mhacnamh déanta agam cad atá ag teastáil don Ghaeltacht, cé go bhfuilim an-ímníoch faoi chás na Gaeltachta, an-ímníoch ar fad ar fad. Feictear dom go bhfuil an Ghaeltacht ag imeacht as, ina cosa in airde. Ach mar sin féin cím rudaí gur féidir a dhéanamh, rudaí fiúntacha gur féidir a dhéanamh, agus déanfaidh mé mo dhícheall iad sin a chur i gcríoch. Ach níl amhras orm nach dtiocfaidh daoine i mo dhiaidh, a bheidh gach pioc chomh díograiseach liomsa nó níos fearr.



Castar na réalta ar a chéile: Cuid de na daoine a ghlac páirt sa gheamaireacht 'Púca Dubh na Tulai', a thug Pléaráca go Béal Feirste le linn an Oireachtais anuraidh. Tógadh an ghrianghraf ar Bhóthar na bhFál. Sa phictiúr in éindigh leo tá Gerry Adams, Uachtarán Shinn Féin, agus an t-aisteoir cáiliúil Meiriceánach Martin Sheen

OIREACHTAS na Gaeilge 1998



TRÁ LÍ

23 Deireadh Fómhair – 1 Samhain

Dáta deireannach iontrála do na comórtais ardáin:
16 Meán Fómhair

Oifig an Oireachtais, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

01-4753857 Facs: 01-4758767
Ríomh-phost: oireacht@indigo.ie
<http://www.indigo.ie/egt/lghlin/oireachtas/>

Tigh pheadair mhóir

Báintreach, Baile na hAbhann

BEÁR

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Cniotáil Ros Muc

Earraí Cniotáilte déanta uiliog in Éirinn
Gach saghas earraí cniotáilte ar fáil
Beidh fáilte romhat
Buail isteach chugainn

Pádraig agus Mairéad Ní Chonaire
Gort Mór, Ros Muc
Fón: 091-574172 Facs: 091-574291



*'Oh Morning Star,
you are my darling.
You are my fancy
I do declare.
For when I'm drinking
I'm always thinking
And knowing that you'll
come back here.'*

BÁD PHEADA

An Morning Star

Ruaidhrí Ó Tuairisg

I na shuí lena uncail taobh amuigh de Tigh Joe Mac i gCill Rónáin i Samhradh na bliana 1960 a thit **Johnny Healion** i ngrá le báid Chonamara. Bhí cleachtadh mhaith ar bháid agus ar sheoltóireacht aige roimhe sin ós rud é gur tógadh i mBeann Éadair é ach an lá áirid seo chonaic sé **An Mhaighdean Mhara** ag teacht isteach go sean-chéibh Chill Rónáin le ualach móna, an seol tosaigh agus an jib caite anuas aici agus ag ceangal suas le balla.

Dúirt sé go gcaithfeadh sé ceann de na báid sin a fháil. Ach fillfidh muid ar Johnny ar ball.

Glactar leis gurbh é

Patrick Brannelly a thóg **An Morning Star**. Rugadh Patrick tuairim dhá chéad slat ó dheas de chéibh na Cora Duibhe (Blackweir) in aice le Baile na Cúirte. Tá píosa de bhalla an tí le feiceáil ann fós le taobh an chró. Tá cuid dá mhuintir fós i mBaile na Cúirte. Tá neantóga agus driseacha ag fás go fairsing anois, san áit ar tógadh **An Morning Star** agus **An**

Tónaí ar an gCora Dubh.

Rugadh **Patrick Brannelly** sa mbliain 1859. Ba saor báid a athair freisin. Ba feairín beag crua é Patrick agus ní raibh cinneadh ar bith leis ag obair. Rinne sé an oiread sin oibre gur dúradh go mbíodh na daoine maithe ag obair in éineacht leis. Bhíodh go leor printísigh aige, agus thóg sé báid i gCinn Mhara agus i nGaillimh freisin. I measc na mbád eile a thóg sé bhí **An Tónaí**, **An Chorainn**, **An Lovely Ann** (Moonraker anois), **An Catherine**, **Queen of Connemara**, ar scríobh Francis A. Fahy an tamhrán fúithi, agus **Morning Star** eile a bhí ag **Maitias Ó Máille** i Ros Muc.

Ní bhfuair Patrick saol fada. Bhí sé féin agus printíseach, **Johnny Barrett** as Leitir Ard, Carna, a bhí chúig bhliana déag, i ngleoiteog ar chuan Chinn Mhara. D'iompaigh an bád agus de réir an teastas báis fuair Patrick bás de "cold and exposure" ar an gceathrú lá déag de Dheireadh Fómhair 1892. Tá sé curtha i reilig Bhaile na Cúirte. Tháinig Johnny Barrett slán.

Bád Pheada

Níltear cinnte cé dhó a rinneadh **An Morning Star** nó cén bhliain. Ceaptar gur tógadh í am eicint idir 1884 agus 1890. Dúirt **Pádraig a' Mháille** liom go raibh sí ag muintir **Birmingham** in Oileán Eide ar feadh achar gearr agus go raibh **St. Patrick** uirthi. Dúirt **Cóilín**



An Morning Star ag seoladh ag an bhFéile mhór bád i Douarnanez na Briotáine i 1988. Is é Paul Healion, deartháir le Johnny' atá ar an halmadóir.

O hIarnáin gur do Pheaitsín Sheáin Mhaolra Ó Flaithearta as Inis Eirc ach a bhí ina chónaí ar an gCladach i nGaillimh a rinneadh í. Ba deartháir le Peaitsín é **Tony Sheáin Mhaolra** a raibh An Tónaí aige, agus **Joe Sheáin Mhaolra**, a bhí ina shaor ar **An Brig St. John**. Bhí clann iníon ag Peaitsín, a bhí ag obair an bháid agus tugadh **Bád na mBan** ar an Star. Dúirt **Johnny Bailey** gur chuala sé óna sheanathair gur lucht glasógaí a chuaigh an chéad lá ariamh inti. Bhí sí ag tarraingt adhmaid ó na Réamainn agus na Comerfords go Co. an Chláir.


Báitheadh mac le Peaitsín i nGaillimh agus dhíol sé an bád le **Nóra Ní Chonaire** as Tír an Fhia, a bhí tagtha

abhaile as Meiriceá. Phós **Peada Mhicil Hughie Ó Conghaile** as **Inis Bearachain** isteach sa teach agus mar gheall ar sin is **Bád Pheada** is minicí a tugadh uirthi ina dhiaidh sin.

Ní bád mór a bhí inti. Shnámhfadh sí ar cheithre throigh go leith uisce, aon déag sé ina seas crainn, agus tríocha seacht troigh ar faid. Tharraing sí go leor móna go **Cinn Mhara** agus **Árainn** as **Caladh Thaidhg**, **An Sruthán** agus as **Ros an Mhíl**. Thug sí go leor fuisce soir freisin agus lasta anoir as Gaillimh go siopa **Hynes** i **dTír an Fhia**, agus go dtí an siopa beag a bhí ag **Peada** féin. Bhíodh **Peada** agus a chlann, **Peadar, Joe, Pádraig**, agus **Colm** inti. Báitheadh **Colm** aisti ag dul soir ag **Ceann Bóirne**.

Caite i dTír an Fhia

Cosúil leis na báid eile nuair a tháinig na leoraithe bhí a cuid oibre déanta. Bhí sí caite i **dTír an Fhia** ar feadh trí bliana déag agus droch-chaoi uirthi nuair a cheannaigh **Dennis Aylmer** as **Bleá Cliath** í ar £200 sa mbliain 1965. Chuir sé **Michael Willy** ag obair uirthi. Fuair siad cille an **Morning Star** eile a bhí titithe i **Snámh Bó**, i **Ros Muc**, ar £1 le cur inti, cille beithe. D'íoc **Dennis** £37 ar an adhmaid as **Gort Inse Guaire**. Leoraí feamainne a thug an tadhmad anoir agus is poitín a fuair fear an leoraí mar íocaíocht. Chaith **Dennis** £1500 ar fad uirthi agus bhí ard-mheas aige ar obair Mhichael Willy.



Mar a fuair Johnny Hellon an stair

I Meán Fómhair '66 sheol Dennis Aylmer síos go Luimneach í, suas an tSionainn, tríd an Grand Canal, áit ar chaith sí an Geimhreadh. I Márta '67 bhí sí i nDún Laoghaire. Rinne sé roinnt mhaith seoltóireachta ar an gcósta thoir agus sa mbliain 1971 dhíol sé le cúpla duine eile í i mBleá Cliath. Is cosúil nach ndearna siad sin tada léi mar sa mbliain 1975 chonaic Johnny Healion í i gCaladh an Ghuail i nDún Laoghaire agus í an-chraite. Cheannaigh sé í ó Ray Naughton, duine den ghrúpa ar £500.

Rinne Johnny agus cara leis, Nicky Kelly, obair uirthi agus sa mbliain 1976 thug Máirtín Mylotte í féin agus marquee síos go Carna ar lowloader le haghaidh Féile Mhic Dara. Ins an ngeall bhí sí féin, An Hunter agus An Volunteer. Ceaptar anois go raibh an-bhaint ag turas an Star i '76 go Conamara le aithbheochaint na mbád. Bhí sí i gConamara aríst i '77, '78, '79

agus bhí sí ag an gcéad Cruinniú na mBád i gCinn Mhara, scór bliain ó shin. Níor dearnadh mórán léi ansin go dtí gur tugadh síos chuig Colm Ó Maoilchiaráin í in 1985. Thóg sé as an nua í agus tá tarraingt sé troigh anois aici agus tá sí tríocha naoi troigh, sé órlaigh. Ghearr Joe Mhaidín seolta di.

Ag taisteal ó shin

Tá go leor taistil déanta aici lena criú ó shin — Johnny, a dheartháir, Paul, Joe Taylor, Tommy Quirke, Paddy Murphy agus daoine eile. Bhí sí i Douarnenez sa bhFrainc i '88, '92, '96, san Ollainn i '95 agus i Lorient i '97. Tá difríocht amhór idir an Star agus báid eile a théann ar thurais mar seo. Is bád oscailte í an Star i gcónaí agus deirimse leat nach aon spóirt í t'aghaidh a thabhairt ar fharraigí oscailte ar feadh trí nó ceathair de laethanta i mbád gan aon deic ach mar a bhí fadó.

Tá video, Working Gaffers, déanta faoi An Morning Star agus tá scannán déanta faoi Johnny féin ag obair ar an

leath-bhád a rinne sé, Star of the West. Tá gleoiteog déanta aige agus faoi láthair tá sé ag obair ar an Meaircín Joe i mBleá Cliath. Ní droch-amhránaí é Johnny ach oiread lena ghiotar, go háithrid nuair a thosaíonn sé ag cumadh a chuid véarsaí faoi An Morning Star.

*"Hoist up your great mainsail, my little darling.
Hoist up your seol tosaigh and jib as well.
For there is no Bád Mór that will ever beat you,
In the calm or in the swell."*

Morning Star eile

Sula gcrichtnóidh mé is fiú dhá fhocal a rá faoin Morning Star eile. Sé Brannelly a thosaigh í ach chríochnaigh Seáinín Keane í. Bhí sí an-mhór, leath-chéad troigh ar faid. Bhí sí ag Neidín Ó Conghaile i gCloch na Rón, mar sin tugadh Bád Neidín uirthi. Cheannaigh Maitias Tom Ó Máille í ar £100 timpeall 1921. Tharraing sí go leor

ábhair ag siopa Mháille i Ros Muc, beithigh agus muca as Árinn, agus slata mara go Cill Chiaráin suas go dtí 1955. Chuir an gála mór Debbie droch-bhail uirthi i 1961.

Tá mé faoi chomaoín mhór ag na daoine seo a thug cúnamh dom, Johnny Bailey, John William Seoige, Pádraig a' Mháille, Dennis Aylmer, Beachla Joe Ó Domhnaill, Meta Uí Mháille, Cóilín Ó

hIarnáin agus dar ndóigh Johnny Healion féin. Ná raibh sé i bhfad go raibh tú, a Johnny, i gConamara le do Star aríst.

© Ruaidhrí Ó Tuairisg & Pléaráca Teo



HUP, A BHUACHAILLÍ!: An Morning Star á ndíriú suas i dTír an Fhia thart ar 1963, tar éis don saor bhád Michael Willy é a dheisiú. Nach iontach an cúnamh a bhí ar fáil.



An Morning Star ag lúí le céibh. Ceaptar gur úinéir an bháid ag an am, Peada Mhicil Hughie Ó Conghaile, fear an chaipéin ar chlié. Ní fios cé hiad an bheirt eile.



Foireann Iománaíochta na mBreathnaigh faoi 14 a ghnóthaigh an comórtas sraitheí mbliana. Líne Cúil ó chlé: Charles Picard; Ciarán Ó Conghaile; Jack Mac Giolla Bhríde; Diarmaid Ó Cuív; Antaine Ó Finneadha; Daithí Ó Callanáin; Cian Ó Gríofa; Diarmaid Ó Ceallaigh; Cian Mac Giolla Bhríde; Séamas Ó Conghaile. Líne tosaigh ó chlé: Pádraig Ó Gallchóir; Dónall Ó hÉalaí; Pádraig Ó Duíll; Seán Ó Donncha; Peadar Ó Cionnaithe; Pádraig Mac Giolla Bhríde; Aonghus Ó Cadhain; Eoinín Ó hAinmhire; Séamas Ó Coinceanainn.

COMHARCHUMANN CONAMARA THÍAR Tta

Cill Chiaráin 095-33436
Ros Muc 091-74341

STÓR AN CHOMHARCHUMAINN
Ábhar Tógála agus Feirme

SIOPA AN PHOBAIL
FORBAIRT POBAIL

Go n-éirí go Geal
leis an bPléaráca



mfg teo

meitheal forbartha na gaeltachta teo

AIDHM:

Spreagadh pobail agus chun féinmhuinín
a mhúscailt.

Leas phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge
a chur chun cinn

Eolas agus Cúnamh ó:
Ivan Mac Philip
Oifig Chonnacht agus na Mí
Meitheal Forbartha na Gaeltachta
Na hAille,
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe
Fón/Facs: 091-593410



Foireann Chiarraí a thógann páirt i Maratón na gCurach ag Pléaráca chuile bhliain. Is ar an Satharn, an 19 Meán Fómhair a bheas maratón na bliana seo ar bun ón Dóilín faoi Dhroichead an Daingin go hAnach Mheáin. pic: Joe Shaughnessy

CEARDAÍOCHT

Nead Síoda

- Dearthóireacht Teicstíle • Dathú •
- Éadach Lámhphriondálte •
- Lása • Fíodóireacht •

Hilairí Nic Cába
Cois Locha, Gleann Mór, An Cheathrú Rua
091-595314

Saotharlann Chonamara Teo

(T/A CONNEMARA LABORATORY SERVICES)
Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-574355 Faics: 091-574356

Déanann an saotharlann
anailís ar bhia, uisce agus eisilteach
Traenáil agus Taighde

Tigh phádraic Joe Joe
mac an Iomaire

NEART CEOL AGUS CRAIC

'Go n-éirí go geal
leis an bPléaráca'

593114
593667

TEACH AN DAINGIN

- Ceol, Ól agus Craic -

Béal an Daingin
Conamara
091-572502



Réalt na Maidne

An Cheathrú Rua
Fón: 595193

BEÁR
CEOL CHUILE DEIREADH SEACHTAINE

Go n-éirí leis an bPléaráca!

BOLUISCE

BIALANN • BIA NA MARA
(091) 83286



Úinéirí:
Monica agus Kevin Mac Gabhann
An Spidéal, Conamara



Seo grianghrafanna as bailiúchán an Bhantiarna Dudley, bean chéile Dudley a bhí ina Lord Leifteanant ar Éirinn i dtús an chéid seo. Tógadh iad idir 1902-1905. Bhí tithe samhraidh ag Dudley i gConamara — Teach Scríbe agus Teach Inbhir i Ros Muc agus chaith sé féin agus a bhean tréimhsí fada sa gceantar. Sí an bhantiarna a bhunaigh an buíon banaltraí 'Na Dudley Nurses', tá grianghraf de dhuine acu anseo. Is léir go raibh an-suim aici sa ngrianghrafadóireacht mar tá riar mhaith grianghraif a thóig si féin sa mbailiúchán, cuid mhaith acu tógtha i gConamara.

Beidh scannán fáisnéise le Seosamh Ó Cuaig agus Emer Ní Choistealbha faoi An Tiarna Dudley agus an Píarsach i Ros Muc dá thaispeáint ar TnaG sa bhFómhar.

Grianghraf 1
An Bhantiarna Dudley agus duine dá cuid banaltraí i gCarna.

Grianghraf 2
An Bhanaltra Cusack, duine de bhanaltraí Dudley i mBéal an Daingin. An n-aithníonn éinne an bádóir?

Grianghraf 3
An monarcha lása a tógadh ar an gCeathrú Rua faoi Bhord na gCeantar Cúng. An aithníonn sibh éinne de na mná a bhí ag obair ann?

Tigh Mhóráin

Carna

**Siopa Grósaera
agus Beár**

095-32244/32763

Tigh Phlunkett

Leitir Móir – Teil: 551157

**Siopa • Bureau de Change
Beár • Posta • Peitreal**

'Má bhíonn tú thart, ná téigh tharais'

SOCOS TEO

SOCOS Teo.,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593301
Facs: 593303

Cártaí Bainise

Gaeilge • Béarla • nó Dhá Theangach

Fearáistí Oifige

Troscáin Oifige

Córais Stórála

Soláthairtí Ríomhaireachta

Má tá sé uait, tá sé againn!



Cló Iar - Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 593307 Fax: (091) 593362

PEADAR Ó CEANNABHÁIN MO CHUID DEN TSAOL

Amhráin ar an Sean-Nós ó Chonamara
CICD 131 (CD £12.99; Cass £7.99)

Scoilar an chéad albam seo le hamhránaí a bhfuil
ardneacht air le fada le linn Oíche Scéalaíochta
agus Seanchais an Piléaráca ar an Aoine, 19
Meán Fómhair i Scoil na hAirde, Carna.



CONAMARA: AN TÍR AINEOIL
BOB QUINN / LIAM MAC CON IOMAIRÉ
ISBN 1 900693 39 9 £20

Bailiúchán pictiúr ó cheannara Bhub Quinn agus ó pheann Liam Mac Con
Iomaire, de roinnt de na daoine is mó a bhfuil aithne orthu i gConamara,
in Oileáin Árann agus i Ráth Cairn. Dátheangach.


SAOIRE — PÁDRAIG STANDÚN (Úrscéal)
ISBN 1 900693 59 9 £10 (clúdach cruá)

Ag teacht go luath . . .

FONN LE FONN — TOMÁS Ó CEANNABHÁIN
(caiséad ceoil) CIC 124 £6.99

Cuir fios ar chatalóg inniu!

Pádraic Ó Séaghdha



Ros an Mhíl, Baile na hAbhann
Teil: 091-72132

OLLMHARGADH

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara

OIFIG AN PHOIST

• CAMUS •

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

TIGH HENRY

An Droim, Leitir Mór
Teil: 091-551106

Beár, Ceol & Craic

—Seirbhís Sochraide—

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Stáisiún Seirbhís Bhreathnach

CASLA

091-572456/572169
Mobile: 086-2525088

Seirbhís Aisghabhála 24 Uair an Chloig

Treallamh lascaireachta

Páirteanna athlámha do charranna



The Saw Doctors

Déardaoín 17 Meán Fómhair 1998
TIGH DEAIRBE, BÉAL AN DAINGIN

DOIRSE OSCAILTE: 8.30i.n.

TICÉID: £6 (roimhré); £8 (ag an doras)

PLÉARÁCA CHONAMARA

14-20 MEÁN FÓMHAIR 1998

Dé Luain 14

Óstán Charna

8.00in: **Oscailt Oifigiúil** le Diarmuid Mac an Adhstair. Ina dhiaidh:

OÍCHE NA mBOSCADÓIRÍ

- Johnny Connolly
 - Sonny Choilm Learaí agus a chlann
 - Josie Ó Ceannabháin
 - Máirtín Ó Cualáin agus neart boscadóirí eile
- Bean an Tí: Áine Hensey, Raidió na Gaeltachta

Bronnfar **Gradam an Phléaráca** le linn na hoíche mar aitheantas ar an méid atá déanta ag an té a roghnófar thar na mblianta le cultúr Chonamara a chur chun cinn.

Taispeántas na mBunscoileanna

Íomhánna de shaol an lae inniu i nGaeltacht Chonamara, péinteáilte ar chanbhás ag scoláirí óga na háite

- Óstán Charna, oíche na hoscailte
- An Chrannóg, Ros Muc, Dé Sathairn 19ú

Malí Ní Dhomhnaill

Cúrsa Bio-Energy

ar an gCeathrú Rua

Tairiscint Speisialta i gcomhar leis an bPléaráca

£30 ar Chúrsa 4 lá
087-2359575

Dé Máirt 15

8.30in: **SIAMSA NA nOILEÁN** le PJ Ó hIarnáin agus ceoltóirí agus amhránaithe eile. **Seolfar leabhar nua le Gearóidín Uí Nía le linn na hoíche Tigh Phlunkett**

6.30-8.30in: **CEARDLANN DAMHSA AR AN SEAN-NÓS** le Seosamh Ó Neachtain *Tigh an Táilliúra, An Cheathrú Rua* Áirithintí/Eolas: 091-574341

9.00in: COMÓRTAS DAMHSA AR AN SEAN-NÓS i gcuimhne ar Mháirtín Beag Ó Gríofa

An Chistin, An Cheathrú Rua

1ú duais: Corn Tí Sé = £100 curtha ar fáil ag An Cistin

2ú duais: £70

3ú duais: £50

Duais speisialta £50 don damhsóir is fearr nar ghnóthaigh duais sa chomórtas seo cheana.

TAISPEÁNTAS DAMHSA AR AN SEAN-NÓS Stíl Chontae an Chláir le James Keane, Cill an Díseart

Dé Céadaoin 16 Déardaoin 17

Seanscoil na Trá Báine **Taispeántas AN TÁIN** le Louis le Brocquy *Urraithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe*

8.00in: **Amhrán na Trá Báine** Léacht le Máirtín Mac Donncha Seanscoil na Trá Báine

9.00in: **OÍCHE SEANCHAIS** Fear an Tí: An tAth Eddie Bheartla Ó Conghaile. *Urraithe ag Comharchumann Chonamara Thiar*



THE SAW DOCTORS

Tigh Dáirbe, Béal an Daingin
Doirse oscailte: 8.30 i.n.

Ticéid ar fáil roimhré (£6) nó ag an doras ar an oíche (£8)

EALAÍN AR CHRIATHRACH

Taispeántas Ealaíona ag crosbhóthar na Tulaigh ar Fleadh na seachtaine. Painéil adhmaid péinteáilte ag ealaíontóirí Chonamara agus Árann, crochta ar an bportach agus ar taispeáint do chuile dhuine a théann thart.

9.00in: OÍCHE JOHNNY CHÓIL MHAIDHC

Fear an Tí: Máirtín Jaimsí Ó Flaithearta *Tigh Pheadar Mhóir*

Dé hAoine 18

8.00in: **OÍCHE FILÍOCHTA** Rita Ann Higgins, Áine Ní Ghlinn, Liam Ó Muirthile, Dara Ó Conaola agus filí eile. *Teach Scríbe* Fear an Tí: Joe Steve Ó Neachtain *Urraithe ag Áras na Scribhneoirí*

8.30in **Coirmcheol Mhór na Féile.**

SCLÉIP ANPHLÉARÁCA

Óstán an Dóilín, An Cheathrú Rua. Joe Burke & Anne Conroy **Gaelic Café** Johnny Mháirtín Learaí Tony McMahon & Mícheál Ó hEidhin Mairí Smith (Alba) Julie Murphy (An Bhreatain Bheag)

Damhsóirí ar an Sean Nós agus buaiteoirí Chonamara ag Fleadh Cheoil na hÉireann

Fear an Tí: Máirtín Tom Sheáinín

Cead Isteach: £4 agus £2 do pháistí scoile.

9.30in: **Comórtais Damhsa Beirte agus**

CÉILÍ

le **MATT CUNNINGHAM**

Comórtas Jiveáil, Sean Waltz Shoe the Donkey An Staicín' srl.

An Poitín Stíl, Indreabhán

Dé Sathairn 19

10.00rn: Turas na ngasúir scoile ar Ros na Rún
11.30rn: **Na Forbacha BLITZ IOMÁNA AN ÓIGE** i bPáirc na bhForbacha *Tuilleadh eolais: 091-592569*

Comórtais na nÓg

1.30in: **An Chrannóg, Ros Muc**

- Amhránaíocht ar an Sean-nós
- Damhsa ar an Sean-nós
- Rogha uirlis cheoil
- Aithriseoireacht

Dhá rannóg i ngach comórtas
(i) Gasúir Bunscoile
(ii) Scoláirí Iarbunscoile
Bean an Tí: Sibéal Ní Mháille

4.00in: Trá an Dóilín **Maratón na gCurachai**

Eanach Mhéain, Galfmara 2.00in: **LÁ NA SEOIGHE**

- Taispeántas curachai ó áiteanna difriúla sa tír
- Taispeántas déantús Curachai Ciorcalacha na Bóinne
- Taispeántas grianghraif curachai ó Roinn Béaloideas na hÉireann
- Taispeántas agus ceardlann caoladóireachta
- Deireadh Maratón na gCurachai (c. 6.00in)
- Taispeántas fístéip 'Seoighí Inis Bhearachain' curtha i láthair ag Liam Mac Con Iomaire
- Ceol sa gClubtheach le Ceoltóirí ón bhFámaire

7.30: **Tigh Chualáin, Collí Rua**

COMÓRTAS TOM PHÁIDÍN TOM

Amhránaíocht ar an sean nós Fear an Tí: Máirtín Mac Donnchadha

An Spidéal 9.30 i.n. **JIMMY CROWLEY** *An Crúiscín Lán*

Ros Muc 9.30in **TONY McMAHON & MÍCHEÁL Ó hEIDHIN** *Tigh Mhicó*

Teach Dóite 10.00in **BRÉAG** *Tigh Pheacocke*

Dé Domhnaigh 20

Carna 11.00rn: **Aifreann** i Séipéal Charna

Camus LÁ SPÓIRT AGUS SCLÉIPE

2.00in: **Páirc Chamuis**

Cill Chiaráin

3.00in: **Geallta Bád do Leathbháid agus Báid Mhóra**

Eagraithe ag Coiste Turasóireachta Chill Chiaráin

Bearna/An Spidéal

3.30in: **Turas na nGleiteog le Comórtas lascaireachta.** 091-592569

An Spidéal

4.00in: **Ceol na Mara 'RAVE' NA RONNACHAÍ**

- Bréag
 - Minera
 - Anavrin
 - Clíodhna, Eoin, Darach agus na hIce Girls
- Ceolchoirm mhór faoin aer agus Barbeque Ronnachai.**

Urraithe ag GUINNESS

Béal an Daingin

5.00in: **Comórtas Saighid Teach an Daingin**

Na hOileáin

5.00in: **Comórtas Pool Tigh Anraí**


An Cheathrú Rua

6.00in: **Siamsa na Seandaoine**

Fear an Tí: Joe Steve Ó Neachtain *Áras Mhic Dara*

9.00 i.n. Cill Chiaráin SEÓ IORRAS AITHNEACH CÉILÍ

Ionad Pobail Chill Chiaráin Eagraithe ag Comhaltas Charna



idh an boscadóir il JOE BURKE ar d de na ceoltóirí a bheas páirteach i SCAN PHLÉARÁCA inn an Dóilín oíche Dé hAoine

Ealaín ar Chriathrach



Darach Ó Scoláir – Na hAille



Seán Ó Flaithearta – Cill Rónáin



Barbara Derrane – Inis Mór



Micheál Ó Ceallaigh




Turlough O'Connor, An Spidéal



Gwyn Uí Ghaora, Ros Muc



Danny Wallace



Mick Moynihan, An Spidéal



Jackie Mulvey



Peadar Ó Tuathail, Leithrean



Michelle Conway, An Spidéal



Cyril Ó Flatharta

ACA CHONAMARA 98 PLÉARACA CHONAMARA 98 PLÉARACA CHONAMARA 98 PLÉARACA CHONAMARA 98 PLÉARACA CHONAMARA 98 PLÉARACA CHONAMARA 98 PLÉAR

Seó Iorras Aithneach ... agus céilí ina dhiaidh!

Is fada é ráite go bhfuil ceantar Iorras Aithneach ar ceann dena háiteacha is saibhre ceoil traidisiúnta san Eoraip.

Líonfaí leathanach go héasca dá dtosnófaí ag liostáil ainmneacha na gceoltóirí is na bhfionnadóirí den scoth ó pharóiste Charna.

Bíonn cuid acu bailithe isteach i Scoil na hAirde gach Pléaráca le haghaidh an Oíche Seanchais.

I mbliana tá sé i gceist Seó Iorras Aithneach a chur ar an ardán in Ionad Pobail Chill Chiaráin, chun deis a thabhairt don phobal mór an saibhreas ceoil atá thart orthu a bhlaiseadh.

Tá an oíche dhá heagrú ag Comhaltas Charna agus tar éis an seó foirmeáilte beidh Céilí breá spleodrach ann le críoch a chur le Pléaráca na bliana seo.



Johnny Chóil Mhaidhc agus Diarmuid Mac an Adhstair

Oíche Johnny Chóil Mhaidhc

Siar sna seascaidí nuair nach raibh aon chúnamh airgid ann don drámaíocht bhí Johnny Chóil Mhaidhc ag líonadh hallaí i gConamara le drámaí a bhí scríofa agus léirithe aige féin. Seo mar a scríobh Gearóid Denvir faoi i leabhar acadúil a foilsíodh 9 mbliain ó shoin. "Is minic Johnny, fear tráthúil, raconteur, file Indreabháin, i ndáil chomhairle de réir an tsean-nois lena chuid leathbhadóirí Tigh Tommy nó Tigh Johnny Sheáin. Níl aon dabht faoi ach gurb é féin ardshirriam na cúirte sin." Is i dTigh Pheadair Mhoir a bhéas Oíche Johnny Chóil Mhaidhc ar bun Dé Céadaoine 16 Meán Fómhair. Beidh sé féin ann ar ndóigh agus cuid de na daoine ar d'oibrigh sé leo thar na mblianta – Diarmaid Mac an Adhstair agus Tom Sailí Ó Flaithearta ina measc. Sé a sheanchara Máirtín Jaimsí Ó Flaithearta a bhéas ina fhear an tí agus tá Maidhc P. Ó Conghaile i mbun léirithe ar an oíche. Beidh idir agallaimh beirte, scéalta grinn, píosaí filíochta agus dráma nuascríofa ar bun. Déanfaidh sé an oíche.

Taispeántas Ealaíne na mBunscoileanna

Sara dhún na bunscoileanna le haghaidh laethe saoire an tsamhraidh, tugadh cuireadh dona scoileanna, na páistí a chur ag péinteáil íomhánna de shaol an lae inniu i nGaeltacht Chonamara. Tá pictiúirí fíor spéisúla curtha ar chanbhás ag go leor leor scoileanna. Beidh na pictiúirí le feiscint in Óstán Charna, oíche na hoscailte agus arís i Ros Muc, sa Chránnóg le linn na gcomórtas do dhaoine óige, Dé Sathairn an 19 Meán Fómhair. Is fiú go mór iad a fheiscint.

Dóibh siúd a ghlac páirt sa tionscnamh, tá Pléaráca ag eagrú turais go set Ros na Rún Dé Sathairn 19 Meán Fómhair, áit a mbeidh deis ag na páistí castáil le Liam agus Jason agus an cuid eile den chliar. Ní hamháin sin ach beidh cóisir bheag dona gasúir i Ros na Rún chomh maith. Beidh eolas faoi am na mbusanna le fáil sna scoileanna iad féin nó ó Oifig Phléaráca (091) 574341.

Rave na Ronnacháí

Lá spraoiúil faoin aer le togha an cheoil agus togha na beatha. Bannaí ceoil den scoth. Bréag ó Bhéal Feirste. Minerva, Anavrin agus grúpaí eile agus beidh Clíodhna, Eoin, Darach is na Ice Girls ann chomh maith. Feicfear na báid seoil sa Chuan agus ag tóirneál siar i dtreo céibh an Spidéil, le ualach ronnacháí úra réidh le caitheamh ar an mbarbecue.



Jah-cheoil leis an rac ghrúpa Béal Feirsteach BRÉAG

Oíche Filíochta

Ceann dena hoícheanta is deise a bhíonn ar siúl le linn Phléaráca Chonamara ná an oíche filíochta. I mbliana tá an chúirt filíochta ag filleadh ar Theach Scribe. I measc na ndaoine a bheidh ag léamh ann tá Rita Anne Higgins, file ó Ghaillimh, a scríobhann i mBéarla agus a bhfuil Gaeilge foghlamtha aici le cúpla bliain anuas. Beidh Áine Ní Ghlinn ann chomh maith, arb as Tiobraid Árann ó dhúchas di ach atá ag obair le Raidió na Gaeltachta i mBaile Átha Cliath. Cloisfear chomh maith filí óga Chonamara — Clíodhna Ní Mhurchú, Ciarán Ó Coinceanainn.

PRÍOMHURRAITHE NA FÉILE

ÚDARÁS NA
GAELTACHTA
COMHAIRLE CHONTAE
NA GAILLIMHE
GUINNESS
BRITISH COUNCIL
ÁRAS NA
SCRÍBHNEOIRÍ



Cloisfear an boscadóir TONY McMAHON ag coirmcheoil mhór na féile SCLÉIP AN PHLÉARÁCA in Óstán an Dóilín oíche Dé hAoine

Ceol faoi Lán tSeoil ar an bhFámaire

Beidh AN FÁMAIRE — húicéir — lán go bend le ceoltóirí ag seoladh ó chéibh go céibh le linn na féile. I measc na gceoltóirí ar bord beidh na fídléirí Seán Smith agus Kevin Glackin; an boscadóir Johnny Óg Ó Conghaile;

fear an bhanjó Mike Kenny; John Kelly ar an bhfeadóg mhór agus sé an fonnadóir Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha a bheas ar an halmadóir. Beidh siad ag casadh sna tithe tábhairre seo leanas le linn an turais:

Céadaoin 16ú:
Tigh Mhóráin, Cárna
Déardaoin 17ú:
Tigh Tommy, An Tulach
Aoine 18ú:
Tigh Phádraig, Inis Meáin
Satharn 19ú:
Galfmara, Anach Mheáin
Domhnach 20ú:
Tigh Chatháin, Cill Chiaráin




Máirín agus Joe Steve Ó Neachtain

Gradam an Phléaráca

Chuile bhliain bronntar Gradam an Phléaráca ar dhuine éicint, nó ar chúpla mar a tharla anuraidh, mar chomhartha aitheantais faoin méid atá déanta go leonach thar na blianta ag an té a roghnaítear le dúchas Chonamara a chur chun cinn i mbealaí éagsúla.

Iarrtar moltaí ó coistí pobail agus coistí eile sa gceantar. Sé Bord Stiúrtha Phléaráca a dhéanann an roghnú ach bíonn sé ina rún daingean go dtí go mbronntar an gradam ar an oíche.

I mbliana bronntar Gradam an Phléaráca tar éis na hoscailte, Dé Luain an 14 Meán Fómhair, in Óstán Chárna. Beidh oíche go maidin ina dhiaidh le boscadóirí den scoth ag soláthar an cheoil.



Teach Ghairfean agus Conroys Ros Muc

Tá pleananna móra ann Tigh Chonroy a chur in oiriúnt lena usáid mar ionad cultúir agus mar acmhainn don cheantar. Tá stair spéisiúil ag an Teach. Tá an t-alt seo bunaithe ar agallamh a chuir **Meta Uí Mháille** ar Jimín Toni Ó Nía, a bhásaigh le linn na bliana, go ndéana Dia trócaire ar a anam uasal.

Do réir an tseanchais, is as Cloch na Rón a tháinig na Conroys. Is de bharr gan iad in ann ardú cíosa a íoc a díbríodh Páidín Mharcuis, a bhean agus seachtar mac as gCloch na Rón. Chuir siad fúthu ar feadh tamaill ar an Turlach i Ros Muc.

Do réir na tuairisce a fuair mé ó sheanchaí áitiúil bhí siad tamall de bhlianta ar an nGairfean i Rosmuc, sul má d'oscail siad an siopa a bunaíodh i 1850, más fíor atá ráite. Ag an am ní raibh na Conroys tada níos fearr as ná gnáthmhuintir na háite nó gur phós duine den chlann mhac, Tom Conroy bean de mhuintir Mháirtín Mhóir Mhic Dhonncha i nGaillimh. Commerford a bhí ina máthair agus is cosúil gur ag na Commerfords a bhí an mháthair a chuir Máirtín Mór ar a cosa. Bhí an bhean a phós Tom Conroy an-saibhir freisin.

Triúr clainne a bhí ag Tom Conroy - Maidheo, Issaic agus Pádraig nó sean Phádraig Ó Conaire mar is fearr aithne anois air. D'imigh Tom Conroy go

Meirceá agus an chlann óg. Bhí an-ghean aige ar na mná, agus is cosúil go raibh an oiread sin acu ina dhiaidh sa deireadh go mb'éigean dó imeacht. Ach níor imigh sé folamh. Chroch sé leis a raibh d'airgead ag a bhean agus d'fhág sé í fhéin agus a chlann mhac beo bocht ag cuartú déirce i nGaillimh. Tá sé ráite gurbh é Tom Conroy a chuir an t-airgead as Meiriceá ag a dheartháir Pat a bhí i nGairfean agus gur leis seo a bunaíodh an siopa ar an nGairfean.

Cuireadh clann Tom Conroy siar go Ros Muc ar feadh tamaill ag a dheartháir Páitín, a raibh an siopa aige i nGairfean. Bhíodh Sean Pádraig ag obair le carr asail agus is ann a d'fhoghlaim sé an Ghaeilge agus a phioc sé suas ábhar na scéalta a scríobh sé. Bhí an-dúil aige san ól agus ní go minic a chuaigh sé féin ná an t-asail thar an gcéad stílhouse a casadh air. Ní raibh aon mheas ag Pat Conroy ná ag a bhean ar aon duine a bhí ag plé le ól, rud a d'fhág Sean Pádraig ag codladh amuigh

go minic. Cheap muintir na h-áite go raibh sé cineál craiceáilte mar go mbíodh sé ag scríobh.

Cúigear clainne a bhí ag Pat Conroy agus a bhean Mae — Francis, Charlie, Patrick, Michael agus Grace. Fuair beirt acu bás ina ngasúir.

Michael a d'fhan i mbun an ghnó. Ba as Mhaigheo a bhean siúd agus bhí triúr clainne acu - Mark, Catherine agus Jane. Lean Michael leis an obair a bhí ar siúl ansin i gcónaí, ach bhí leoraí ag déanamh na hoibre a bhíodh ar siúl roimhe sin ag an mbád. Thosaigh sé ag feidhmiú mar ghníomhaire taistil, rud a thug go leor ag tarraingt ar an siopa mar go raibh go leor imirce go Meirceá ag an am agus bhí sé in ann déileáil leis na daoine trí Ghaeilge, seirbhís nach raibh ar fáil i nGaillimh. Deirtear nár chlis air paisinéarachta a fháil d'aon duine ariamh.

Bhí an siopa ag obair tamall maith blianta, sul ar ceannaíodh Bád Chonroy nó an Saint Patrick mar is fearr aithne anois uirthi, bád a thóg Cathasaigh Mhaoinse dóibh fhéin thart ar an mbliain 1914 ach ní raibh aon mhaith ag Pat Conroy nó go gceannódh sé í le stuif a tharraingt as Gaillimh don tsiopa. £100 a chuaigh an bád ag an am.

Bhí sí ag Tigh Chonroy nó gur stop sí ag trádáil thart ar 1950.

Is le báid a bhí trádáil is taisteal á dhéanamh ag an am. Bhí an siopa buailte ar chéibh Chonroy nó céibh Chaladh na Leice mar a thugtar uirthi. Cuireadh feabhas ar an gcéibh seo faoi scéim na gCeantar Cúng. Bhí sí an-áisiúil do mhuintir na gceantar timpeall le cósta le siopadóireacht a dhéanamh. Ní i bhfad go raibh Tigh Chonroy ar cheann de na siopaí ba láidre sa tír, agus daoine ag tarraingt ann ón gCeathrú Rua, Leitir Móir, Béal a' Daingin, Eanach Mheáin, Cill Chiaráin agus Camus chomh maith le muintir Ros Muc fhéin. Bhí chuile ní beo a raibh ag teastáil ag an am le fáil ann. Plúr, tae, siúcra, adhmaid, teara agus cailico le haghaidh bád.

Bhí an-mheas ar mhuintir Chonroy agus bhí an cháil orthu go raibh siad cóir gnaíúil lena gcuid custaiméirí. Thug siad cairde dóibh ó bhliain go bliain, nó seans é a íoc le obair in áit a luach. Deirtear nár dhiúltaigh siad mála mine ná aon rud eile d'aon duine nuair a bhí an saol go dona.

Chuir na Conroys cuid mhaith fostaíochta ar fáil sa bpobal agus thóg siad seilbh ar chuid mhaith talún timpeall an cheantair. Bhí sé éasca talamh a fháil ag an am ach an t-airgead a bheith agat leis an gcíos a íoc le Robinson a bhí mar ionadaí ag an tiarna talún in Eilíurach. Bhí an t-airgead ag na Conroys le cíós a íoc agus tar éis imeacht na Sasannach as an tír d'fhan an talamh ina seilbh.

Ba as Dúiche Sheoighe do Mhae Melia, bean Phat Conroy. Bean bhreá dhathúil a bhí inti agus an-bhean tí. Is cosúil go raibh sí an-ghníomhach i gcur chun cinn an ghnó.

Ba é Micheál Joe, fear ceirde as Ros Cíde a d'fág lorg a láimhe i gcuid mhaith áiteacha ar fud Chonamara agus Mhaigheo, a thóg an teach - teach stór ar airde, déanta as cloch eibhir na háite le díon slinne air. Baineann an dearadh atá ar an teach taobh istigh le deireadh ré Victoria. I measc an obair cheardaíochta atá le feiceáil sa teach tá teallach deartha as marmar Chonamara a cuireadh á dhéanamh sa tionscail obair mharmair i Mionloch thart ar an mbliain 1900 nuair a cuireadh méid ar an teach.

Bhí stádas sóisialta ard ag na



Conroys. Mhair siad mar a mhair mór uaisle na linne sin, ag cóiriú an tí le troscán seandachtaí, na ballaí le píosaí obair láimhe taipéise, urláir marmair agus maple acu. Bhí na ballaí taobh amuigh clúdaithe in eidhin Boston Ivy agus Passion Flower. Mar ba gnách le tithe uaisle na linne sin, bhí a suíochán fhéin in áirithe i dTeach Pobail Ros Muc dóibh agus tá a gcnámha sínte i gCill Bhriocáin faoin gcrois mhór Cheilteach, (an chrois is airde sa reilig) le ráille iarainn thart uirthi.

Níor chuir Pat Conroy ná a mhac Michael a gclann riamh ag an scoil áitiúil bhí múinteoir príobháideach fostaíthe acu agus múineadh an chlann ag baile. Chuaigh Grace sna mná rialta agus tar éis do Phat Conroy bás a fháil, tá sé ráite gur thug a máthair cuid mhaith den tsuibhreas do Grace le caitheamh san Afraic ag cabhrú le daoine bochta agus le Séipéil a thógáil.

Tá go leor foirgneamh eile ann a tógadh beagán níos deireanaí ná an teach. Tógadh Ionad Sláinte inar cuireadh seirbhísí sláinte ar fáil. Tógadh Teach Cúirte inar pléadh cúrsaí dlí suas go dtí tús an chéid seo. Bhí stórtha adhmaid ann chomh maith agus bÁCÚS. Foirgneamh dhá stór a bhí iontu seo, déanta mar a bhí an teach as cloch eibhir agus ceann slinne air.

Siad muintir na h-áite a bhait na clocha as a bhfuil an teach agus na foirgnimh déanta. Bhí go leor fostaíthe ag saothrú agus ag cur fála ar an talamh, ag obair sa siopa, sna stórtha, ar an mbád, ag leagan stuf le carranaí capaill. Bhí cailíní ag obair sa teach agus

daoine ag breathnú i ndiaidh tréad mhór beithíoch a bhí ag na Conroys.

Dhá scilling an pá lae d'fhear ag an am, ar obair ó dhubbh go dubh.

Fear den sloinne Burns as Uachtar Ard a bhí ag obair mar bhaicéara. Dhá bhÁCÚS a bhí coinnteithe ag obair ag an éileamh mór ar na builíní. Na báid agus carranna capaill is asail ag tarraingt builíní go dtí áiteacha chomh fada ó bhaile leis an gCaiseal.


Níor cuireadh aon athrú ar an siopa, bhí cúntar adhmaid timpeall leis an mballa ina mbíodh rollaí bréidín agus cailicó leagtha. Bhíodh bróga agus wellingtons ag crochadh as an tsíleáil.

Dúnadh an siopa i 1980 agus is i gCorcaigh a chaith Michael Conroy na blianta deireanacha dhá shaol.

Ag breathnú ar an áit inniu, an geata mór iarainn ornáideach dúnta, an cosán leathan fása faoi fhéar, an gairdín imithe i bhfiántas, nach beag a chreidfeadh go dtiocfadh an lá go mbeadh doras dearg an tsiopa ina ndeachaigh na céadtha isteach is amach faoi ghlas. Nach ait an mac an saol.

Tá ballaí na stórtha agus an tsiopa faoi chlÓca eidhin ag athrú dath ó shéisiúr go séisiúr de réir a nádúir. Níor thug siad fhéin ná na crainnte móra fuinseoige atá ag fás sa bpáirc ar do bhealach isteach chuig an siopa, suas a gcás fós.

Sna pleananna don áit anois, beidh Ionad Cónaithe ann d'éalaíontóirí, Ionad Míniúcháin, Ionad Tionscnaimh, Siopa Leabhar agus Siopa Ceardaíochta, agus beidh siopa Chonroy coinnteithe mar a bhí sé fadó.



Patsy Ó Ceannabháin

Ag an tráth seo den bhliain agus muid ag ullmhú don Fhéile a dhéanann comóradh is ceiliúradh ar teanga agus ar chultúr na Gaeltachta, ní feidir gan súil siar a thabhairt ar an mbliain atá caite agus ar an saibhreas atá sciobtha uainn ag an mbás ón am seo anuraidh.

Ba buille mór do Ros Muc bás an tseanchaí áitiúil Jimín Tony Ó Nia. Agus ba buille tubaisteach do Ros Muc, do Chonamara, don sean-nós agus do cultúr na Gaeltachta bás Phatsy Uí Cheannabháin a fuair bás ag tús an tsamhraidh, mar a duirt an t-amhrán "le linn don chuach a bheith ag seinm ceoil is an duilliúr glas ag fás".

Ba fear uasal é Patsy a rinne chuile rud go ciúin agus nár tharraing aon aird air fhéin ná ar an obair mhór a bhí ar siúl aige, go mór mhór ag múineadh an tsean-nóis i measc an dream óg.

Ní aon ionadh mar sin gur le gean agus le omós a labhraíonn an dream óg air a bhíodh ag freastal ar an gceardlann sean-nóis san Ionad Fiontair i Ros Muc, le cupla bliain anuas. Ní amháin gur mhúin Patsy an sean-nós ach thugadh sé míniú freisin ar na leaganacha cainte agus ar fhocla sna hamhráin atá imithe as an gcaint ar fad anois.

Go dtuga Dia solás na bhFlaitheas dá anam uasal.

Taibhdhearc na Gaillimhe

An tSráid Láir, Gaillimh

22-26 Meán Fómhair 1998

UAISLE

le BRIAN FRIEL

26-31 Deireadh Fómhair 1998

Macbeth

— AN CEOLDRÁMA —


9-12 Nollaig 1998 & 3-9 Fanáir 1999

Cochaillín Dearg

— AN GHEÁMAIREACHT —

Fáilte roimh cách

Tuilleadh eolais agus áirithintí:
091-562024/563600



An Príomhshráid,
Seantreabh,
Baile Átha Cliath 9

Scéimeanna árachais do

- Chláracha Fostaíochta Pobail
- Ionaid Pobail, Spórt, Ealaíona & Caithimh Aimsire
- Léiriúcháin amharclainne agus dramaíochta
- Ealaíontóirí, stiúideonna agus dánlanna
- Uirlisí Ceoil
- Siopaí, Óstáin agus Bialanna

Chun tuilleadh eolais a fháil,
glaoigh ar
Peter Thomas agus Claire Dumbrell
am ar bith ag:

Fón (01 8425813) nó (862 3316)
Facs (01 8423830)

Stair na nDroichead i gConamara

DROICHEAD AN DAINGIN

Tá droichid mhóra agus droichid bheaga againn. Mar shampla is droichid stairiúil é Droichead an Daingin. Deirtear go bhfuil an dá bhealach ann, an Daingean 'is an Ceann. B'iomaí bád seoil a sheol síos ann fadó agus iad ag triall ar Árainn, Cill Mhuirbí, Cill Ronáin agus ar na hoileáin le móin nó sin soir go Cinn Mhara agus Co. an Chláir.

Tá 'an Daingean' luaite sna hamhráin:

"Leis na fir a sheol na báid thríd an Daingean 'is thar an gceann

'is leis na saortha a chuir an craiceann ar na múnlaí"

—Amhrán Chuigéil

Bhíodh Droichead an Daingin ag oscailt agus ag dúndadh fadó agus bhíodh fear áitiúil i bhfeighil na hoibre seo. Sílim gur chuala mé go raibh fear a dtugaidís 'Anrachán' nó 'Antrachán' ar dhuine acu. Chaitheadh seo a bheith amhlaidh chun deis a thabhairt do na báid a mbealach a dhéanamh, go háirithe na báid seoil.

Chuala mé féin scéal eile faoi Dr. Tubridy. Bhí sé ráite go raibh seisean ar dhuine den chéad dream a raibh gluaistean acu, é féin agus Dick Toole. Ba mhó an úsáid a bhaintí san am úd as carr agus capall nó an jeaint le gabháil go Gaillimh, agus b'fhéidir níos faide ó bhaile le stuif a tharraingt agus gnóthaí eile a dhéanamh. Seans gurbh é siúd an t-am céanna a mbíodh daoine ag spailpínteacht thoir ar an Achréidh agus taobh thoir de Ghaillimh ach is iondúil nach mbíodh de bhealach

Tá tábhacht ar leith ag baint le logainmneacha nó ainmneacha áite, agus is cinnte go bhfeadfaí a rá nach bhfuil cosán ná garraí, clai ná cnocán, abhainn ná loch ná sruthán nach bhfuil a bhlúire beag staire féin ag roinnt leo. Tá seo fíor faoi na droichid freisin. Tá stair ag baint le gach aon cheann acu, nó tá scéalta le n-aithris futhu.

taistil acusan, na creatúir, ach de shiúl a gcos nó crágaíl, mar a deirtear. Ach ag filladh ar ais ar Dhroichead an Daingin, deirtear gur beag nár maraíodh an Dr. Tubridy anseo. É ag teannadh leis, bhí an droichead réidh le n-oscailt. Is cosúil go raibh Dia go huile agus go hiomlán i bhfabhar leis. Seans go bhfuil níos mó seanchais ná sin ag baint le Droichead an Daingin ach é a thóraitheacht. Níl sé ró-fhada ó bhí fear ag caint ar an Raidió faoin achar a chaith sé féin i bhfeighil an droichid. Fear de mhuintir Fhlathartach a bhí ann. Is cinnte go raibh stair aige sin faoin droichead.

Na Droichid Bheaga

DROICHEAD NA FOIRNÉISE

Is i gCamus nó ar an teorainn idir Camus agus Scríb atá Droichead na Foirnéise, nó a bhí ba chirt dom a rá, mar go bhfuil obair á dhéanamh ar thógáil droichid nua ansin le tamall. Droichead stairiúil a bhí sa seandroichead. Níl a fhios agam féin arb iad Bord na gCeantar Cúng nó an C.D.B. a thóg an droichead seo. a bhí i bhfeighil anseo faoi rialtas Shasana (blianta

stairiúla). B'iomaí píosa bóthair agus droichid a thóg an C.D.B. faoi Rialtas Shasana san am i gConamara idir na blianta 1891-1923.

Bhí foirnéis timpeall ar Dhroichead na Foirnéise agus iarann á dhéanamh ann. Bhí sé ráite, fiú, go raibh claimhte á ndéanamh ann. Bhí blúire beag den stair ag Pat Ó Máille (nach maireann) agus bhí sé san leabhrán "Camus na Foirnéise" a foilsíodh roinnt de bhlianta ó shin. Ar ndóigh bhí an fhoirnéis ag obair ansin san 17ú Céad, le linn aimsir Ghráinne Uí Mháille. Deirtear gur tháinig buíon saighdiúirí Sasanacha amach as Gaillimh le go réabaidís an fhoirnéis ach chuir Gráinne Ní Mháille nó 'Granuaile' agus a cuid saighdiúirí cath orthu agus

d'éirigh léi an ruaig a chur orthu. Níor réabadh an fhoirnéis an lá sin cibé scéal é a bhuíochas sin do bean chróga Mhaigheo.

DROICHEAD AN TORAINN

Is idir Gleann Trasna agus Crosbhóthar an Mháma ata an droichidín beag seo. Tugadh Droichead an Torainn air de bharr go bhfuil torann an easa le cloisteál. Ar lá an-bhreá nach mbeadh smeámh aer ann, bíonn torann an uisce ag rith le fána le cloisteáil i bhfad agus i ngearr. Níl mórán staire thairis sin agamsa faoi ach de réir cosúlachta ba iad an C.D.B. a thóg é agus deirtear gur leag an sean I.R.A. an droichead aimsir na nDubhchrónach nó aimsir na dTans fadó le nach mbeadh deis acu a theacht níos faide ach is cinnte go bhfaigheadh siad san deis éicint eile dá mba é a dtoil é. Tá cáil mhór freisin ar Dhroichead an Torainn ó thaobh na héisc agus iad ar a mbealach suas ann ag triall ar na haibhneacha agus na lochanna.

ÓSTÁN CHUAN CHARNA

Fón: 095-32255

Faics: 095-32530

Ríomhphost: carnabay@iol.ie

Tá fáilte romhat!

Droichead Flannery

Tógadh an chéad droichead ar an láthair sa mbliain 1887, ag ceangail an bhóthair aniar ó Choill Sáile leis an bóthar anoir ó Loch an Aortha. Ainmníodh an droichead in onóir Thomas Flannery, sagart a bhí i gCarna ag an am, agus a rinne go leor ar son na háite.

As girders iarainn a tógadh an chéad droichead, iad coinnte suas ar philéir cloiche. Ní raibh i leithead an droichid ach 6'6". Feictí lorráí ag iarraidh é a thrasnú agus na rothaí ar na cosáin ar an dá thaobh. Ag tús na gcaogaí, socraíodh nach raibh an droichead fóirstineach níos mó don riachtanais tráchta, agus cinneadh ar dhroichead úr a chur ina áit.

Bhí deacrachtaí le tógáil an droichid. I ndeireadh na dála socraíodh droichead le réise (span)

amháin de 180' ar fhad a thógáil, ag baint úsáid as teicneolaíocht nua tógála, ar a ghlaotar i mBéarla prestressed concrete, nach raibh usáidte cheana sa tír seo roimhe sin. Ba é an droichead leis an réise is faide a tógadh suas go dtí sin in Éirinn nó sa Bhreatain. Bhí leithead 18' sa mbóthair ar an droichead nua agus bhí dhá chosán 4'6" ann chomh maith.

Roe Quarry Company a thóg é, agus b'é Nioclás Ó Duibhir a bhí mar innealtóir comhairleach acu. Bhí baint ag an British Reinforced Concrete Company (BRC) leis chomh maith. Bhí an tOllamh Seán de Courcy, as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ina phríomh-innealtóir ag BRC tráth agus is uaidh a fuaireas an pictiúr seo a tógadh i 1954 den fhoireann oibre

agus an droichead nua á thógáil.

Tá seans go bhfuil cuid mhaith de na daoine sa ghrianghraf beo i gcónaí. Ba bhreá liom níos mó eolais a fháil faoi thógáil an droichid ó dhaoine a bhí ag obair air ag an am nó eolais a fháil faoi na daoine atá sa ghrianghraf.


—Éamonn Ó Canainn.

Ar mhuíochas leis an Ollamh Seán de Courcy a chuir an ghrianghraf thíos ar fáil. Is féidir teangbháil a dhéanamh le Éamonn ag an seoladh thíos má tá tú sa ghrianghraf, nó má bhí baint ar bith agat le tógáil an droichid nó fiú amháin má aithníonn tú aon duine sa ghrianghraf.

*Éamonn Ó Canainn,
An Roinn Innealtóireachta,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
(091) 524411.*



Grúpa fear a bhí ag obair ar Dhroichead Flannery, Cill Chiaráin, i 1940. An aithníonn sibh iad?



An Colmcille, leathbhád atá ar léas ag Pléaráca ó Chumann Húlcéirí na Gaillimhe, le cúrsaí seoltóireachta a chur ar fáil. Bhí an-tóir ar na cúrsaí i mbliana. Sa phictiúr seo is é Michael Barrett atá ar an halmadóir.

pic: Joe Shaughnessy

TIGH DICK

An Tulach, Baile na hAbhann Teil: 593156
Úinéir: Eoin Ó Dúrcáin

Grósaeirí – Gás
Nuachtáin – Péint

Go n-éirí le Féile an Phléaráca!



ÓSTÁN AN LAKE

UACHTAR ARD

Imirt Chártaí chuile oíche Dé Céadaoin

Bainiseacha agus Cóisir

Bia agus Deoch

an Céachta

MÁIRTÍN & MÁIRÍN NEE

BIA AGUS DEOCH
CEOL AGUS CRAIC

Céad Fáilte Isteach

AN CHEARNÓG, UACHTAR ARD, GAILLIMH

Teilifón: 091-552818

Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca

TIGH FHLATHARTA

• CASLA •

BEÁR & SIOPA GRÓSAERA

091-572233



Tá iMac tagtha

Chuala tú faoin ríomhaire nua iontach seo
anois téigh agus breathnaigh air



GalMac Computers,

AppleCentre Galway,
Eastát Lios Bán,
Bóthar Thuama, Gaillimh.
Teil 091 755222 Faics 091 755491

Ceardlann an Spidéil



Caith seal linn i gCeardlann an Spidéil,
áit a bhfuil scoth na ceardaíochta
agus ealaíne le feiceáil

Ár mbuíochas dár gcustaiméirí uilig
fáilte isteach

CEOLCHOIRM MHÓR GAEL-LINN

IONAD:

An chathaoir is compórdaí sa bhaile agat!

DÁTA:

Am agus lá ar bith gur mian leat!

AOICHEOLTÓIRÍ:

Rogha de scothcheoltóirí agus amhránaithe:

Aoife Ní Fhearraigh, Seosaimhín Ní Bheaglaoich, Seosamh Ó hÉanaí,
Deirbhile Ní Bhrolcháin, Áine Ní Cheallaigh, Muintir Uí Lionáin, Dordán

Reachtáil do cheolchoirm féinam ar bith gur mian leat le dlúthdhioscaí (CD) ar lipéad Gael-Linn
ar fáil ó shiopaí ceirníní nó díreach ó:

Gael-Linn, 26 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2
Teil: 01-6767283 Faics: 01-6767030

Daithí Ó Muirí

Duine ar bith a chuaigh suas Baile an Domhnalláin, baile beag taobh thoir den Spidéal, is cinnte gur thug siad suntas don gháirdín lán líonta de dhealbha éagsúla — fear an ghiotáir, bean an bhosca ceoil, an Mhaighdean Mhuire, bó na leath-adhairce, lachain, cailleacha dubha, iolar, coiníní, rón, deilf, iad uilig curtha le chéile le suimint agus rudai aisteacha eile a gheobhfá thart faoin áit.

Sé Seán Ó Conaola, nó Johnny Mhorgan mar is fearr aithne air, an fear a chruthaigh na dealbha seo

ina gháirdín. Bhíodh sé ag plé le feilméireacht ach cé go bhfuil cúpla bó aige i gcónaí tá sé éirithe as an obair le roinnt blianta anuas. Ach, mar is léir ón ngáirdín iontach atá curtha le chéile aige, ní díomhaoin atá sé. Céard a thug air tosai ar an ealaín seo ar chor ar bith?

‘Is aisteach an chaoi ar thosaigh mé,’ a deir sé. Mhínigh sé go raibh sé fhéin agus a mhac ag tógáil piléir os comhair an tí lá amháin thart ar cheithre bliana ó shin. Nuair a bhí an obair déanta acu cheap Johnny go mba dheas an rud é cláirseach a chur ar bharr an philéir. Rinne sé an chláirseach ansin as an suimint agus d’úsáid sé

Johnny Mhorgan —Dealbhadóir



cúpla sreangán mar théada. Ach, faraor, bhí sí ró-mhór le crochadh ar an bpiléar. Ach níor lig Johnny d’fhadhb bheag mar seo cur as dó. Séard a rinne sé, chuir sé cláirseach níos lú le chéile agus chroch sé ar an bpiléar í, áit a bhfuil sí le feiceáil i gcónaí. Ach céard a dhéan-fadh sé leis an gcláirseach mhór eile?

‘As diabhláíocht shoc-

raigh mé go ndéanfainn fear chun an chláirseach seo a chasadh,’ a deir sé. Ach nuair a bhí sé seo déanta aige bhí sé ró-dheacair an chláirseach mhór a chur isteach idir dhá lámh an fhir. Rinne sé giotár ansin agus bhí sé breá sásta leis. Bhuel, bhí Ádhamh déanta aige agus is dóigh gur theastaigh Éabha ansin. Ar an taobh eile den gháirdín rinne sé

bean agus í ag casadh ar bhosca ceoil.

‘Bhí mé le na rudai a leagan ina dhiaidh sin,’ a deir Johnny. Ach níor leag, agus ní amháin sin, ach choinnigh sé air gaíl srian. Rinne sé an Mhaighdean Mhuire, an spideog bheannaithe os a cionn, agus coróin dheas miotail uirthi. Rinne sé maighdean mhara ina suí ar charraig, rón agus

liathróid crochta ar a smut, bó ar leath-adharc, lacha agus a hál ag snámh ina diaidh, coiníní ina suí sa bhféar, eilifint, cailleacha dubha, iolar agus ‘Gligger’ — fear bocht i gcathaoir rotha ag iarraidh déirce. Chuaigh sé ansin ag gearradh na sceach thart ar an ngáirdín chun go ndéanfadh sé madraí, cait, éanacha, camel, curach,

húicéar, long agus iontaisí eile.

Ach céard a cheap muintir na háite faoin gcráic seo?

‘Cheap siad go raibh mé seafóideach!’ Ach ba chuma le Johnny. Chuir go leor daoine spéis sa ngáirdín draíochtúil i mBaile an Domhnalláin. Is iomaí cuairteoir a tháinig suas an bóithrín chun grianghraf-anna a thógáil agus chun labhairt le Johnny.

Agus is féidir le duine ar bith dul suas chun an gáirdín a fheiceáil. Tá beag-án damáiste déanta do chuid de na rudai.

Le ag

bó an t-eilifint, thit liathróid den deilf, leag an tarracóir an buidéal mór poitín ar a bhealach isteach ag an ngarraí le ualach féir. Agus, ar ndóigh, tá goib na n-éanacha agus cluasa na gcoiníní briste ag gasúir ag spraoi. Ach is iontach an feic é i gcónaí.

Deir Johnny go bhfuil sé éirithe as an dealbhadóireacht le tamall anuas. Tá súil againn nach bhfuil ann ach sos beag agus gur gearr go bhfeicfear cúpla rud nua ann.

Go maire tú, a Johnny, agus go maire an stuaim i do dhá lámh.



Cérbh é Sam Maguire?

SÉAMAS Ó CUALÁIN

Nuair a shéidfidh an réiteoir an fheadóg i bPáirc an Chrócaigh ar an seachtú lá fichead den mhí seo le críoch a chur le Cluiche Ceannais Peile na hÉireann idir Gaillimh, gaiscígh Chonnacht, agus Cill Dara, curaidh Laighean, tógfar gártha molta maíthe mustracha agus iomprófar an captaen buach go caithréimeach croíléis-each go hArdán Uí Ógáin mar a mbronnfar Corn Shomhairle Mhig Uidhir air.

Ach cé hé an sárfhear sainsiúil seo ar ainmníodh an corn gleoite ina dhiaidh?

I bhfoisceacht achair ghearr do Dhún Mámmhaí in Iarthar Chorcaí a saolaíodh agus a tógadh Somhairle Mac Uidhir sa bhliain 1879. Bhí feirm ag an mhuintir agus iad deisiúil go maith. Ní miste a lua gur Phrotastúnaigh gheanúla a bhí iontu a raibh an-mheas is gnaoi ag a gcuid comharsana orthu.

Ceathrar deartháireachta agus beirt dheirfiúracha a bhí ag Somhairle, ach tá siad ar fad i gcré na cille anois agus níl aon duine dá shliocht fágtha san áit. Go ndéana Dia trócaire orthu.

D'éirigh le Somhairle togha scolaíochta a fháil agus nuair a bhí fiche bliain slánaithe aige fuair sé post sa Státseirbhís. Cuireadh go Londain mar chléireach é sa Roinn Poist agus Telegrafo.

Fear gan Cháim

Duine caoin ciúin cneasta a bhí ann — fear ba ea é a raibh meon agus cáilíocht thar an



gcoitiantacht aige agus duine ba ea é nach seasfadh siar dá bhféadfadh sé leas a dhéanamh dá thír. Ní raibh fiafraí siar ar an bhfear.

Ba mhór an cúl taca é do Chumann Lúthchleas Gael i gcathair na gceo agus in imeacht tréimhse an-ghearr bhí feabhas iontach tagtha ar an eagraíocht ansin.

Peileadóir den chéad scoth a bhí ann chomh maith agus d'imir sé d'fhoireann Hibernia thall. Ina cheann sin roghnaíodh é ar fhoirne Ghaeil Londain, i gcluichí Chraobhcheannais Peile na hÉireann sna blianta 1900, 1901, agus 1903 agus bhí sé d'onóir aige a bheith ina

chaptaen ar fhoirne 1901 agus 1903. Ar an drochuair buadh ar Ghaeil Londain na trí bliana seo.

Nuair a bhí an sop séidte in Éirinn i 1916, faillí ná maoilscríob ní dhearna Somhairle Mag Uidhir sna dualgais a iarradh air a chomhlíonadh. Ní raibh gníomh dá mhéad ná beart dá dhéine nach raibh a chuid ionnais in ann aige agus i ngeall ar a phost sa Roinn Poist agus Telegrafa chuir sé ó am go ham eolas fiorthábhachtach do chúis na hÉireann ar fáil.

Tar éis Éirí Amach na Cásca 1916, chuaigh Somhairle i gcabhair ar an

gCorcaíoch eile sin, Micheál Ó Coileáin a bhí i Londain freisin lena a chion a dhéanamh ar son a thíre dúchais.

Is beag trua ná taise a fuair aon duine le post faoin Rialtas a raibh baint dá laghad aige leis na hÓglaigh sna blianta 1916-21 agus is cinnte gur Túr Londain an chríoch a bheadh ar Shomhaile dá mbéarfaí air. Ach a bhuí le Dia d'éirigh leis na haenna a thabhairt slán leis as gach guais.

Ar ais in Éirinn

Tháinig sé ar ais go hÉirinn nuair a bunaíodh an Saorstát agus lean air ina phost go 1924. D'fhill sé ansin ar a fhód dúchais áit ar shíothlaigh sé go suaimhneach i 1927.

I reilig Eaglais na hÉireann i nDún Mámmhaí atá sé ag fanacht leis an Aiséirí. Tá crois fhíor dheas Cheilteach os cionn na huaighe agus inscríofa uirthi tá:

"Erected to the memory of Samuel Maguire, who died 6 February 1927 by the people of Dunmanway and his numerous friends throughout Ireland and England in recognition of his love for his country. Ar dheis Dé go raibh a anam."

I ndiaidh a bháis bhailigh a chairde i gcéin is i gcóngar airgead agus chinn siad ar chorn a cheannach le cuimhne an tsárGhaeil seo a choinneáil go húrghlas agus go buan i measc Chlainne Gael. Bronnadh an corn ar Chumann Lúthchleas Gael le haghaidh bhuaiteoirí an Chraobhchomórtais Peile bliain i ndiaidh bliana.

Buaiteoirí an Choirn

Ba iad peileadóirí Chill Dara a d'ardaigh leo an corn álainn den chéad uair riamh. Ar 30 Meán Fómhair 1928, ghlac an captaen, Liam Ó Gionnáin, Corn Shomhairle Mhig Uidhir, go macnasach mórálach mórtasach thar ceann a chontae thar éis dóibh an lámh in uachtar a fháil ar an gCabán le cúilín amháin (2-6 i gcoinne 2-5) i gcluiche ceannais peile na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh.

Aisteach go leor ba é seo an t-aon am ó shin i leith ar éirigh le peileadóirí Chill Dara a n-ainmneacha a fháil greanta ar an gcorn meastúil mórluachach atá múnlaithé ar Chailís Ard Achaidh.

Agus tá a fhios ag an saol Fódlaigh go bhfuil an tseanchailís ársa seo ar cheann de mhórsheoda ealaíne ár gcine.

Chomh maith le Cill Dara ghnóthaigh na trí chontae dhéag seo a leanas Corn Mhig Uidhir go dtí seo:

- **Ciarraí:** ceithre huair is fiche (agus iad go mór chun tosaídh ar chontaetha uile na Fódla)
- **Baile Átha Cliath:** ocht n-uair
- **Gaillimh agus An Mhí:** sé huair an taobh
- **An Cabhán agus An Dún:** cúig uair an taobh
- **Corcaigh:** ceithre bhábta
- **Maigheo agus Ua bhFáilí:** trí huair chaon chontae acu
- **Ros Comáin:** dhá bhábta agus
- **An Lú, Dún na nGall agus Doire:** uair amháin an taobh.

I reilig Dhún Mámmhaí cois na Banban i bhfad ó aird is aire an tsaoil agus i bhfad ó bhéicil bhorb bheoga bhríomhar an ollsua i bPáirc an Chrócaigh atá an sárlaoch dílis dúthrachtach, Somhairle Mag Uidhir ina luí faoi shuan. Ach go bhfása an biolar trí lár na leice ní dhéanfaidh Gaeil Éireann dearmad air.



IONAD GAEILGE OLLSCOIL NA HÉIREANN, GAILLIMH

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-595101

**Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta
ó Bhearna go Carna**

**Cúnamh i labhairt na Gaeilge do dhaoine fásta
(Galltacht agus Gaeltacht)**

Pacáiste féin teagaisc i bhfoghlaim na Gaeilge

Ranganna Riomhaireachta trí Ghaeilge

Seirbhís Rúnaíochta/Aistriúcháin/Facs

SEAIMPÍNÍ AN IARTHAIR



Foireann Peile na Gaillimhe a thug an craobh leo i gConnacht i mbliain aghaidh Ros Comáin. An acu a bheas Corn Mhic Uidhir dá bhreith thar na Sionna siar, ag deireadh na míosa?

Pléaráca Teo

Clár Oibre 1998-99

CEARDLANNA

- Tosnú deireadh Meán Fómhair 98
- Scríbhneoireacht Chruthaitheach
 - Péintéireacht
 - Patchwork agus Cuilteáil
 - Fíodóireacht
 - Caoladóireacht
 - Scileanna Físeáin

CLÁR ÓIGE

- Tosnú Meán Fómhair 1998
- Ranganna agus Ceardlanna Ealaíona
 - Sna hiarbhunscoileanna: drámaíocht grianghrafadóireacht ealaín,puipeadóireacht, raidió, damhsa cruthaitheach

CLÁR EALAÍONA DO NA HÓGCHLUBANNA

- Ceardlanna ealaíona deireadh seachtaine
- Campaí Samhraidh Iúil 1999

AN FHÉILE:

Pléaráca Chonamara
14-20 Meán Fómhair

GEAMAIREACHT AN PHLÉARÁCA

cleachtaithe ag tosnú Deireadh Fómhair 98

OÍCHEANNTA ÁIRNEÁIN

Tigh Pheadar Mhóir
tosnú Deireadh Fómhair 98

SCOIL GEIMHRIDH CHAITLÍN MAUDE

Ros Muc
Samhain 98

AONACH CEARDAÍOCHTA NA NOLLAG

Ionad Fiontair Ros Muc
Nollaig '98

COMÓRTAS FÍSEÁIN

CÚRSAÍ SEOLTÓIREACHTA

An Colm Cille
Cáisc -Samhradh '99

SCÉIM FOSTAÍOCHTA POBAIL 1998-2000

SEIRBHÍSÍ OIFIGE,RÚNAÍOCHTA, FÓTÓCÓIPEÁLA

TREALLAMH FÍSEÁIN/FUAIME le fáil ar léas i gcaitheamh na bliana

TAISPEÁNTAS EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHTA

Tacú le himeachtaí do sheanáirí Ros Muc/Chamuís

Teangmháil le grúpaí CDP agus ealaíona ar fud na tíre



Seanscoil Shailearna ó 1884

RÓISÍN NÍ THUAIRISG

CEAPTAR GUR TOGADH scoil ar an láthair idir 1860 agus 1870. Scoil an-bheag a bhí inti — dhá sheomra inti ina raibh buachaillí agus cailíní le chéile agus Béarla an teanga a bhí i réim sa scoil. Bhí paróiste an Chnoic i nDeoise Thuama agus bhí an tArdeaspag Mac Éil glan in aghaidh chóras bunoidreachais Shasana. Nuair a fuair sé bás i 1881 cheadaigh a chomharba, An tArdeaspag McEvilly scoileanna naisiunta i nDeoise Thuama agus tosaíodh ar scoil a thógáil i bparóiste an Chnoic i 1884. Thóg sé ceithre bliana an obair a chríochnú. Ceithre sheomra a bhí sa scoil nua, péire le haghaidh na mbuachaillí ar an taobh thiar agus péire ar an taobh thoir le haghaidh na gcailíní.

Chosain sé £459 an scoil nua a thógáil agus frítheadh £306 de dheontas. Chosain sé £41-19s-6p balla a chur timpeall na scoile. Sa phainéal ar dheis

tá liosta na ngasúr a tháinig ar scoil don chéad uair i 1889.

Seo an cur síos a thug m'athair dhom ar an lá scoile nuair a bhí sé ag freastal ar an scoil sna caogadaí. Thosnaíodh an scoil ag 9.30 ar maidin. Bhí *out to play* ann ag 11.00 agus arís ag 2.00 ar feadh deich nóiméad nó mar sin. Peil, tip nó rásaí trí cos a bhíodh acu. Bhíodh lón ann ó 12.30 go dtí 1.00. Dhá stiall de bhuilín agus *jam* air a bhíodh acu agus thugaidís leo buidéal bainne. Ní bhíodh cead acu dul abhaile ag am lóin. Chríochnaíodh na ranganna ag a trí gach lá.

Thugtaí carr móna go dtí an scoil nó trí ualach aail de mhóin sa bhfómhar agus thugadh gach gasúr dhá fhód faoina ascaill ar scoil gach lá ón Earrach go tús an tSamhraidh, leis an scoil a théamh. Bhíodh tine mhór i ngach seomra

Ní bhíodh bróga ar bith ar na gasúir ó thús an tsamhraidh. Sa gheimhreadh chaithidís bróga leathair ar a dtugtaí Jurdens (Jordan), mar gur i siopa Jordan i nGaillimh a cheannaíit iad. 'Knicker

Rang 1889

Cor na Rón:	Michael Folan John Folan Micheal Faherty Martin Folan Bridget P.Curran Mary Folan Pat
An Lóchán Beag:	Catherine Mc Ginn Peter Costelloe Coleman Walsh Mary Folan Michael Feeney Coleman Flaherty
An Teach Mór:	Margaret Folan Kate Faherty Kate Folan
Na hAille:	Barbara Costelloe John Donohue Honor Keady Patrick Costelloe Bridget Keady
An Cnoc:	Patrick Joyce Coleman Joyce John Earner
Baile na hAbhainn:	Margaret Toole
An Coill Rua:	John Folan Patrick Walsh Honor Walsh Patrick Folan

bockers' na bristí a chaithidís ar a mbíodh dhá cnapa thíos faoin glúin. Stocai olainn and léine flainín chomh maith le geansaí no seacéad a bhíodh orthu.

Tar éis na scoile bhíodh orthu deifriú abhaile chun dul ar an bportach gach lá ó lár Mí an Mheithimh agus is ann a d'fhanadís go dtí a naoi nó a deich san oíche. Dhéanadís a gcuid obair baile le solas an lampa ola mar nach raibh leictreachas san áit ag an am.

An tSeanscoil i lár na seascaidí

Sna blianta sar ar dhún an tseanscoil i 1972 ba é Pádraig Ó Ciardha a bhí ina phríomhoide i scoil na mbuachaillí taobh thiar agus bhí Máire Ní Chonghaile nó Miss Conneely mar a glaoaí uirthi ina príomhoide i scoil na gcailíní. Dúirt Máire Uí Mhainnín, a bhí ina cuntóir i scoil na gcailíní ag an am, nach mbíodh cead ag na buachaillí dul soir i gclós na gcailíní agus bhí an cosc céanna ar na cailíní ar ndóigh. Is cuimhin le Máire an chéad lá ar tháinig cailín agus bristí uirthi chuig an scoil agus Pádraig Ó Ciardha ag an doras ag béiceadh "Cé hé an buachaill sin i gclós na gcailíní. Cuir anoir anseo é".

Chuir sí síos tine mhóna gach maidin, sul a dtosaití an rang. Bhíodh ar gach teaghlach síntiús airgid nó cairrín móna a thabhairt isteach. Sheasadh na daltaí timpeall na tine á téamh féin agus ag foghlaim táblaí nó litriú. Ní raibh troscán ná fearas scoile sna seomraí ach cófra mór sa choirnéal, agus ag tóin an chófra bhí seanrollaí a bhí leath ite ag francaigh. Ar na seilfeanna eile bhí cóipleabhair, nibíní miotail agus pinn adhmaid. Ní raibh biro ar bith ann an t-am sin agus baintí usaíd as na pinn nibíní.

Chuile mhaidin Dé Luain théadh duine de na buachaillí as rang a sé thart le buidéal mór dúiche, píosa de chleite ag gobhadh aníos as an georc, chun na

Is cuimhin le Máire Uí Mhainnín an chéad lá a tháinig cailín agus bristí uirthi ag an scoil agus Pádraig Ó Ciardha ag an doras ag béiceadh "Cé hé an buachaill sin i gclós na gcailíní. Cuir anoir anseo é".

dúcháin ar fad a líonadh. Bhíodh páipéar súite go mór in usáid le dúch a thriomú ach bhíodh gá le aireachas mar dá gcuirte an iomarca brú ar an bpáipéar súite, d'fhéadfaí praiseach a dheánamh den scríobh a bhí faoi.

Urlár adhmaid a bhí sa seanscoil agus cóilíneacht francach faoin urlár. Nuair a bhí ciúnas sa seomra agus na daltaí ag scríobh is minic a thagadh na francaigh amach as an gcófra, a gcuid féasóga ag glioscarnaigh, iad ag piocadh suas píosaí arán ón urlár. Is iad na francaigh a ba chúis le tógáil na scoile nua i 1972.

Gaeilge ar fad a bhíodh á labhairt ag na scoláirí i gclós na seanscoile. Agus bhí saibhreas na Gaeilge acu. Neart seanfhocla, seanphaidreacha, ainmneacha garrantaí agus filíocht. Bhíodh gramadach an Bhéarla á múineadh chuile lá sa scoil.

Is de shiúl a gcas a thagadh na scolairí ar scoil agus nuair a bhíodh báisteach trom nó sneachta ann, bhíodh go leor as láthair. Coinnítí an scoil dúnta nuair

a bhíodh aonach ar an Spidéal, agus scaoilte saor na buachaillí i mí Dheireadh Fómhair ar feadh coicise le haghaidh baint na bhfataí.

Bhí an córas leithris an-bhunúsach ar fad. Sé chinn de leithris thirime taobh ó thuaidh den scoil, trí cinn do na buachaillí, agus trí cinn do na cailíní le balla ard eatarthu. Gach trí mhí nó mar sin, ghlanadh na buachaillí amach na leithris agus dhóirteadh an máistir Jeyes Fluid thart faoin áit.

Ag am lóin, bhí muigíní stáine chócó ag na gasúir, agus ansin amach leis na buachaillí ag imirt peile.

Lá mór a bhí ann i 1972 nuair a hosclaíodh an scoil nua. Na seomraí geala gan francach ar bith, teas lárnach agus chuile compoird, leithris ghalánta taobh istigh agus páipéar tóna fiú amháin!

Tar éis oscailt na scoile nua leanadh ar aghaidh ar feadh roinnt blianta ag usáid na seanscoile mar choláiste samhraidh agus mar áit chruinnithe don pobal. Is ann a bhíodh cruinnithe ag Cumann Forbartha Chois Fharraige. I 1974 is ann a rinne Bob Quinn "Caoineadh Airt Uí Laoghaire" an chéad scannán i nGaeilge riamh agus scannán a chuir tús leis an athbheochaint i scannánaíocht na hÉireann.

Tá an seanscoil anois á atógáil ag Comharchumann Sailearna. Beidh oifig an chomharchumainn ann. Beidh áit do naionra ann chomh maith le cistineach, bialann, halla pobail agus seomra cruinnithe. Beidh an obair críochnaithe i 1999 agus beidh beocht arís sa seanscoil a raibh an scríbhneoir Gaeilge Micheál Breathnach ag freastal air chomh maith leis an aisteoir cáiliúil Cyril Cusack.

CUIRFEAR Fáilte Uí Cheallaigh romhat chuig

Tigh Tommy

INDREABHÁN

Ceol agus Craic

Fón: 593853



Naíonáin, rang a haon agus rang a dó i seanscoil an chnoic in éinecht lena múinteoir, Bean Keane: Ar cúl: 1. Seán Dainín 2. Paddy Joe Ned 3. Mick Liam Chóilin 4. Michael Phatchín 5. Hughie Pháidín Hughie 6. Pádraig Jude 7. Joe Pháidín Hughie 8. Pádraig Sheáin Ó Conghaile 9. Peadar Neillín 10. Michael John 11. Antaine Pheadair Tom 12. Máirtín John
Line 2: 1. Pádraig Chois 2. Tom Mháirín 3. Pádraig Phatsaí 4. Rialdhri Mháirtín Mhoir 5. Jack na Máille 6. Josie Eoin 7. Pádraigín Darby 8. (Gael-Linn) 9. Cól Chois 10. Colm

Mharcais 11. Breandán Mháirtín Mhoir 12. Cólín Liam Chóilin
Line 3: 1. Peadar Mhathú 2. Pádraig Bhrid Eoin 3. Pete Beag 4. Alec Chóilín 5. Páidín Sheáinín 6. Seán Mhicil 7. Pádraig Faherty 8. Pádraig Chól Chóilín 9. Joe Sheáinín 10. Paddy an Tállúra 11. Pádraigín Johnny Phádraig Thaidhg 12. Pádraig Phatchín
Chun tosaigh: 1. Pádraig Mháirtín Mhoir 2. Peadar Rua 3. Éamonn Cotter 4. D. na Máirtín 5. Tom Ruadaí 6. Tommy Pheadair Tom 7. Mike Liam 8. Máirtín na Máille 9. (Gael-Linn)

De bharr leatroma agus droch íde ar feadh na gcianta tá dreaim mór de mhuintir Chonamara nach bhfuil aithne ná fios ag mórán daoine eile orthu. Sin iad na daoine i gConamara atá hómógnéasach. Ar nós dreaim ar bith faoi chos, muintir na hÁstráile nó Mheiriceá faoi shliocht na nEorpach, nó an lucht siúil in Éirinn, nó fiú na hÉireannaigh go tíor gairid, tá droch féiniúlacht, lagmhisneach, fadhbanna intinne agus óil ag cuid mhór acu. Cuireann ardchuid dóibh a lámh ina mbás féin – go háirid fir óga. Chuir cuid acu cumann ar bun le deis a thabhairt dóibh cástail ar a chéile gan brú ná bagairt. Labhair iris an Phléaráca leo.



Conamara Aineoil

Sa chéad áit bheadh go leor daoine den tuairim gur rud mínádurtha agus gur peaca marfach beirt bhan nó beirt fhear a bheith le chéile.

Braitheann sé sin go hiomlán ar cén bunús atá agat le do chuid tuairimí. Tá an dearcadh sin bunaithe ar thuairim fir a bhíodh ag fiach na gCríostaíthe. Bhí deifir mhór air ar a chapall go Damascus faoi theas an lae, agus tá a fhios agat féin cé chomh te atá sé thall, agus thit sé óna chapall, bhuail sé a chloigeann, chonaic sé Dia, rinne sé dearmad ar a ainm agus thosnaigh sé ag glaoch Pól ar fhéin. D'iompaigh sé ina Chríostaí agus bheartaigh sé creideamh domhanda a dhéanamh as sect beag Giúdach. Mar sin de cháin sé gach cinéal collaíochta nar bhain le gasúr a chur ar an saol mór, agus 'sé an peaca céanna é úsáid a bhaint as contraceptives, síol a dhóirteadh trí thimpiste nó d'aonghnó. Ní Críostaí mise ach b'fhearr liom Críostaíocht Chríost nuair a mhol sé do fhir a bheith mór lena chéile.

Céard go díreach a bhíonn ar siúl agaibh?

Buaileann muid lena chéile uair sa mhí agus faoi láthair is sléibhteoireacht atá ar siúl againn. Chuaigh muid ar turas go Mháiméan, tá muid freisin tar éis gabháil go mullach Bhinn Bhán agus sléibhte eile ar fud na Gaillimhe.

An bhfuil mórán daoine i gceist?

Bhuel, bíonn tuairim is cúig dhuine dhéag ar gach turas agus sin tús maith nuair a smaoiníonn tú ar na fíricí. Dé réir gach taighde tá tuairim is deich faoin gcéad de gach pobal hómógnéasach – an méid céanna is atá ciotach – sin le rá go mbeadh trí mhíle i gConamara. Faraor tá cuid dóibh sin tar éis éalú as a gceantar, lámh a chur lena mbás féin, san ospidéal nó gafa leis an ól, mar is beag rogha a bhí acu ach glacadh le bhreithúnas claonta agus easpa tuisceana a muintire féin.

Bíonn go leor scéalta sna páipéir faoi ionsaithe gnéis ar ghasúir agus go háirid fir ag ionsaí buachaillí óga. Cén fáth a dtarlaíonn a leithéid?

Bhuel, taispeánann sé sin chomh claonta agus atá gach córas inár gcoinne. Nócha cúig faoin gcéad de na

ionsaithe gnéis baineann siad le fir phósta nó le h-uncail ag ionsaí iníon nó neacht leo féin. Sa teaghlach a tharlaíonn an chuid is mó, ní gá duít ach ceist a chuir ar gharda ar bith atá ag obair ar an ábhar seo agus cuirfear ar an eolas thú. Is gasúir óga atá faoi chúram a muintire féin is mó atá i gcontúirt. Ach, an príomhphointe ná go bhfuil na meáinchumarsáide chomh claonta céanna agus atá an eaglais nó an córas dlí nó leighis. Ní ionann grá idir beirt daoine fásta agus ionsaí ar ghasúir.

Bhuel, an gceapann tú go bhféadfadh gasúir a bheith faoi chúram láinúin hómógnéasach?

Mar a tharlaíonn tá cuid mhór de hómógnéasaigh atá os cionn dha scór bliain d'aois pósta le gasúr freisin. Ar nós Sophie's Choice, b'in ceann de na roghanna a bhí acu. Gan glacadh leo féin mar a bhí siad agus iarracht a dhéanamh clann a thógail. Tá mé cinnte go ndearna an chuid is mó dóibh a ndícheall agus go raibh siad án-mhór lena gcéile agus lena gasúir, ach bhí bearna mór ina saol ar choinnigh iad ar a mí-shuaimhneas. Tá go leor gasúir tógtha ag hómógnéasaigh. Ach, is tábhachtaí an grá agus caighdeán ard a gcúram ná claonadh gnéis a muintire. Is iomaí gasúr atá tógtha lena muintir ag ól agus ag achraínn agus nach peaca mór é sin?

An mbeidh an lá ann nuair a ghlacfar libh mar chomhshaoránaigh leis na cearta céanna?

Is cinnte go mbeidh. Tá athrú mór tar éis teacht ar an saol le fiche bliain anuas, go háiread sna bailte móra. Ach, é sin ráite, buaileadh fear chomh dona sin anuraidh go bhfuair sé bás agus le gairid i nGaillimh chuir fear óg lámh ina bhás féin agus faoin tuath is saol uaigheach agus brónach atá romhat. An chéim is tábhachtaí ná nuair a d'athraigh siad an dlí a bhí inar gcoinne – a mhuíochas sin leis an gComhphobal Eorpach.

Ach, freisin tá sé soiléar do gach duine nach bhfeileann an córas pósta leis an duine céanna ar feadh saoil do gach duine agus tá gach saghas réiteach á eagrú ag daoine dóibh féin. Tá fir ag tógáil gasúir nár shíolraigh siad, mná le clann ó níos mó ná athair ámhain, fir ag cónaí le fir agus mná ag cónaí le mná. Sin mar a bhí sé sa sean aimsir Ghaelach, ní gá ach saol pearsanta Ghráinne Uí Mhaille a léamh lena sin a thuiscint, agus sin mar a bheas sé. Caidreamh bunaithe ar ghrá agus meas, ní ar dhlí agus nós.

Siopa Uí Chonghaile

LEITIR MEALLÁIN, 091-551112

Grósaer, Peitreal, Gás
Beatha Beithíoch srl

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca!

Óst na nOileán

• TIGH LEE •

Leitir Mealláin 81161

Óst & Bialann
Ceol gach deireadh seachtaine

Go n-éirí leis an bPléaráca

Standún

STANDÚN TEO.

An Spidéal, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-553102/8

SLADMHARGADH AG TOSÚ

14 SAMHAIN

Oscailte Dé Domhnaigh 15 & 22 Samhain

Togha agus Rogha na Tíre
Déan do chuid Siopadóireacht
tré Ghaeilge sa Ghaeltacht

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

SIOPA AGUS ÓSTA

Tigh Bhríd Mhicó

Ros Muc 091-574121

Ceol Traidisiúnta • Smailceanna
Peitreal • Leabharlann
Fistéipeanna
Gual • Flo-Gas

Tigh Hughes

– AN SPIDÉAL –

Le haghaidh neart óil,
ceoil agus craic

Teil: 091-553447

Ócáidí

BLÁTHANNA CHONAMARA



BLÁTHANNA DO CHUILE ÓCÁID

NA FORBACHA

GAILLIMH

TEL: 091-592992



AER ÁRANN

AERFORT CHONAMARA

Eitiltí Laethúla go dtí Oileáin Árann

Oifig Eolais: Aer Árann
Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán

Facs: 091-593034 & 593054

Seirbhísí agus Gnothaí Dúchasacha i nGaeltacht Chonamara, Árann agus Dúiche Sheoigeach

Dífhostaithe go fadthéarmach? I do chonaí i gConamara, Árann nó i gCeantar Thuar Mhic Éadaigh? Suim agat i do ghnó féin a bhunú?

Tá an Scéim Liúntais Ceantair a fheidhmiú le bliain anois i nGaeltacht Chonamara, Árann agus Dúiche Sheoigeach. Is scéim tacaíochta do dhaoine dífhostaithe atá san Scéim Liúntas Ceantair a thugann seans do dhaoine dífhostaithe a gcuid iocaíochtaí agus buntáistí Leasa Shóisialaigh a choinneál an fhad is atá siad ag bunú a ngnó féin agus ag clarú mar dhaoine féinfhostaithe

Is éard atá i gceist leis an scéim go gcoinnítear 100% de na hiocaíochtaí dífhostaíochta nó iocaíochtaí tuismitheora aonair agus na foshocair (Cárta Leighis, Liúntas Cíosa &rl) ar feadh bliana.

I ndiaidh na tústréimhse tacaíochta

seo, bíonn rannpháirtithe i dteideal dul ar scéim de chuid na Roinne Leasa Shóisialaigh atá bainteach leis, an Liúntas Filleadh ar Obair (Back To Work). Tá tacaíocht ar fáil ar feadh trí bliana eile faoin scéim seo trí mhéan an Liúntas Ceantair.

Dá thoradh seo, bíonn rannpháirtithe i dteideal 75%, 50% agus 25% da gcuid iocaíochtaí Leasa Shóisialta don dara, don tríú agus don ceathrú bliain a mbíonn siad i mbun gnó, tar éis dóibh 100% tacaíocht a fháil tríd an Scéim Liúntas Ceantair don chéad bhliain.

Tá Clár Oilúna agus Ciste Teicniúil á riaradh ag CUMAS TEO chun tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe

na scéime seo i nGaeltacht Chonamara, Árann agus Dúiche Sheoigeach.

Tá os cionn 40 duine cláraithe faoin scéim agus féinfhostaithe. Tá réimhse leathan seirbhísí á gcur ar fáil acu. (Féach ar an liosta le seo). Is forbairt mhaith é seo i gceantracha a bhfuil easpa seirbhísí iontu. Le tacaíocht ó CHUMAS TEO atá ag reachtáil na scéime i gcomhair leis an Roinn Leasa Shóisialaigh, tá seans níos fearr ag an gnó a bhunaítear stádas inmharthanach a bhaint amach.

Tá Oibri Fiontair fostaithe ag

Samplaí den Cineál Gnó atá bunaithe faoin Scéim i gConamara

Gnó	Ceantar
Seirbhís siceotheiripe	Camus/Ros Muc
Tógálaí	An Cheathrú Rua
Innealltóireacht	Cois Fharraige
Feirmeoireacht orgánach	Cois Fharraige
Uasgrádú Córais Teitheoireachta	An Cheathrú Rua
Seirbhís dáiliúcháin Earraí Déirí	Cois Fharraige
Seirbhís Heaicní	Cois Fharraige agus Maigh Cuilinn
Réiteach Tálúna	Camus/Ros Muc
Deantúsaíocht Tinteáin	Sraith Salach
Troscán Garraidóireachta	Ceantar na n-Oileán
Siúinéarach	Cois Fharraige agus an Caiseal
Fotagrafaíocht/Ealáin	Árann
Glantóir Simléir	Cois Fharraige
Meicneoir carranna	Cois Fharraige agus An Cheathrú Rua
Seirbhís caitheamh aimsire	An Cheathrú Rua
Pollution Control	Dúiche Sheoigeach
Táirgiú Ríomhairí & Córais Bogearraí	Cois Fharraige agus Carna
Tírdreachtú/Garraidóireacht	Cois Fharraige agus Ceantar na n-Oileán
Seirbhís Runaíochta/ríomhaireachta	Dúiche Sheoigeach
Ceardaí	Árann
Plaistéara	Caiseal
Saorcloich	Cill Chiaráin/Cárna
Turasóireacht Chultúrtha	Cill Chiaráin/ Cárna
Péinteáil/Maisiú tithe	Cois Fharraige
Seirbhís so-ghluaiste deisiúcháin	Cois Fharraige
treallamh	An Cheathrú Rua
Cumhdaitheoir troscán	Cois Fharraige
Comhlacht Fise	Cill Chiaráin/Cárna
Seirbhís Leictreonach faisnéise	Ceantar na n-Oileán
Seirbhís Siolraithe Beithíoch	Dúiche Sheoigeach
Conraitheoir iompair/lorraithe	Árann
Déantús & deisiú uirlísí ceoil	Árann
Seirbhís Glántúcháin	Camus/Ros Muc
Potaireacht	An Cheathrú Rua
Leictreoir	Cill Chiaráin/Cárna
Shiatsu Chonamara	

CUMAS chun treoir a chur ar iarrthóirí agus tacaíocht a thabhairt ó thaobh modhanna oibre éifeachtacha a fhorbairt. Tá ról tábhachtacht ag an bhFochoiste Fiontraíochta & Fostaíochta atá ag CHUMAS i bhforbairt na scéime.

Má tá suim agat breis eolas a fháil faoin Scéim cuir glaoch ar:

CUMAS TEO,
IONAD FIONTAIR,
ROS MUC, CO. NA GAILLIMHE.
UIMHIR GUTHÁIN 091 574353.


Cumas Teo.

Páirtíocht Chonamara agus Árann

Ionad Fiontair, Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Fón: 574353; Facs 574047

Tá tacaíocht agus cúnamh á thabhairt ag Cumas faoi choimirce an Chláir Forbartha Áitiúil do dhaoine faoi mhíbhuntáiste (Dífhostaithe, Tuismitheoirí Aonair, daoine óga a fhágann an córas scoile go luath, Feirmeoirí le gabhaltas bheaga, Mná le cúraimí baile srl.) tré dheiseanna forbartha a sholáthar agus a fhorbairt dóibh i gcomhar le heagraíochtaí eile.

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara



Trí bhraos gála, trí ghála feothan, trí fheothan stoirm agus trí stoirm haircín. Francis Beaufort a rinne an rangú ar an ngaoth atá á úsáid ar fud an domhain. Éireannach a bhí ann as an Uaimh i gCo. na Mí. Bhí dearcadh ar leith ag Beaufort, a dhearcadh féin, dearcadh an Éireannaigh.

Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifíse TnaG.

Stáisiún ar aon mheon linn féin, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.




TnaG. Briseann an dúchas.

Dhá shúil
Dhá chluais
Dhá láimh
Dhá chois...

Dhá theanga
Gan amhras!



Údaráis na Gaeltachta



PLÉARÁGA '99

FOILSITHE AG PLÉARÁGA TEO. AR ÓCÁID NA FÉILE



Clár na Féile
Agallamh le
Seosamh Ó Cuaig
Bláth na hÓige
An Píarsach
agus Ros Muc
Amharclann
Chonamara
Toghchán '69
Boscaí Chonamara
ó thoghchán '99
Grianghrafanna idir
sean agus nua
Tuairimíocht
Tomhaiseanna
agus neart eile

£1

Cúrsaí Reatha,
Nuacht, Spórt,
Cláracha agus scoth
an Cheoil ó 0630 go
dtí 2300 gach lá den
bhliain FM 92-94
agus FM 102.7 ar
fud na tíre.



Raidió na Gaeltachta
ar fud na tíre

Meitheal eagarthóireachta
na h-irise:
Donncha Ó hÉallaithe
Peigí Ní Chonghaile
Majella Ní Chríocháin

Buíochas:
Tá an meitheal
eagarthóireachta buíoch do na
daoine seo a thug cúnamh leis
an ábhar a bhailiú agus a
réiteach chomh maith le píosai
a scríobh don iris:
Ruaidhrí Ó Tuairisg, Máire
Céitinn, Pádraig Seoige,
Séamas Ó Cualáin, Máire
Céitinn, Eimear Ní Riagáin,
Darach Ó Scoláí, Áine Ní
Dhíoraí; Na filí: Nuala Rua Ní
Dhomhnaill, Dara Ó Conaola,
Colette Nic Aodha; do Bhríde
Uí Fhiannachta a bhailigh na
fógraí; do Shéamas Ó Cualáin,
Seán Ó Tuairisg, Pádraig
Chóilín Ó Cualáin, John
William Seoige, Dick Scott,
Bob Quinn, Máire Céitinn agus
do gach duine eile a thug
grianghraif ar iasacht.

Do Sheosamh Ó Cuaig as ucht
am a thabhairt i gcomhar
agallaimh.

Do fhoireann Chlóidóirí Lurgan
agus do Mhicéál Ó Braonáin.

Do Chaomhán Ó Scoláí a rinne
an leagan amach slachtmhar ar
an iris.

Sé an meitheal
eagarthóireachta atá freagrach
as aon bhotún.

Ní gá gur ionann tuairimí atá
nochtaithe anseo agus tuairimí
Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na
fógróirí. Is fiú tacaíocht a
thabhairt dóibh.

Stiúrthóir na Féile:
Turlough O'Connor

Coiste Oibre na Féile:
Meta Uí Mháille
Majella Ní Chríocháin
Mairéad Ní Chualáin
Máire Ní Chualáin
Réamonn Ó Mainnín
Michael Barrett

Pete Ó Máille
Sarah Ghriallais
Gearóid Ó Murchú
Máire Uí Chonaola
Colmán Ó Flatharta
Seán Ó Maidín
Kate Ní Dhonnchú
Brian Ó Cróinín
Peigí Ní Chonghaile

Mic Léinn:
Máire Brid Breathnach
Pádraig Ó Mainnín
Scéim Fostaíochta an
Phléaráca:
Colmán Ó Flatharta - Saoiste
Bridgie Uí Fhiannachta
Seán Leainde
Colm Bairéad
Eimear Ní Riagáin
Nóirín Uí Laoi
Máirín Ní Nia
Máire Céitinn
Fionnuala Mierke
Cáit Ní Chualáin
Sailí Uí Chualáin

Tá Coiste Oibre na Féile an-
bhuíoch do na daoine seo
leanas a thug cúnamh is
tacaíocht:

Liam Mac Con Iomaire
Bob Quinn
Nóirín Ní Ghrádaigh, UnaG
Pádraig Ó hAoláin, UnaG
Peadar Ó Maoláin, UnaG
Sorcha Nic Dhonncha, UnaG
Máirtín Tom Sheáinín, RnaG
Máirtín Mac Donncha, RnaG
Máirtín Jamsie Ó Flaithearta,
RnaG
Seosamh Ó Braonáin, RnaG
Pádraig Ó Ráinne, TnaG,
Ríonach Uí Néill agus an grúpa
damhsóirí óga
Pádraig Ó hOibicín
Na hEalaíontóirí a ghlac páirt in
'Ealaíon ar Chriarthach'
Seosamh Ó Braonáin, RnaG
Óstán Charna
Josie Sheáin Jeaic Mac
Donncha
Joe Steve Ó Neachtain
Ré Ó Laighléis
Colmán Ó Raghallaigh
Ciabhán Ó Murchú
Scoraíocht Ráth Cairn
Ceangail Nis-Conamara
Tom Sailí Ó Flaithearta
Na Jimmys, Clann Mhic

Dhonncha as an Oileán Mór
Maidhc P. Ó Conaola
An tAth Miceál Ó Braonáin,
S.P. Leitir Móir
Áine Ní Chonghaile, Europus
An tAth Peadar Ó Conghaile,
An Cheathrú Rua
Gasúir S.N. an Chnoic, Leitir
Mealláin
Gertrude Nic an Iomaire,
Coláiste Cholm Cille
Máire de Bhaldráithe, An Scoil
Chuimsitheach
Gwyneth Uí Ghaora
Nioclás Ó Conchubhair Teo.,
Leitir Móir
An Spailpín Fánach
Seán Leainde
Tomás Ó Máille
Seán Ó Flaithearta
Johnny Hughes
Colm Ó Cinnseala
James Harold, Comh. Cho. na
Gaillimhe
Rolnn Ealaíon, Oidhreacht,
Gaeltacht agus Oileáin
Peter Sirr, Áras na
Scribhneoirí, BÁC
Na bunscoileanna a ghlac páirt
sa dtaispeántas
Róisín Ní Mhainín
Colm Sonny Ó Méalóid
Colm Dubh Ó Méalóid
Sibéal Ní Mháille
Michael Foley, Teach an
Daingin
An Fámaire, criú agus ceoltóirí
Teach Scribe
Na Moltóirí go léir
Na ceoltóirí, tonnadóirí, filí a
chuir siamsaíocht ar fáil le
linn na féile.
Na bádóirí agus iomróirí a
ghlac páirt sna himeachtaí
farraige.

Is cinnte go bhfuil daoine
fágtha ar lár againn. Ní d'aon
turas é.

Buíochas speisialta le foireann
Raidió na Gaeltachta.

Buíochas chomh maith le Glór
Chonamara, An Connacht
Tribune, Galway Advertiser,
Galway Bay FM, Clare FM as
poiblíocht agus eolas a
thabhairt faoi imeachtaí na
féile.

Clar na hIrise

- 2 Eagarfhocal
- 4 Agallamh an Phléaráca:
Seosamh Ó Cuaig
- 8 Bláth na hÓige
- 14 Amharclann i gConamara
- 17 1969 – Bliain na gCearta
Sibhialta*
- 22 Cúrsaí Teangan sa
Gaeltacht
- 24 Clár Oibre Phléaráca Teo.
- 26 Imeachtaí na Féile
- 28 Clár na Féile
- 30 Dánta Gasúir Chamuis
- 32 Filíocht
- 33 Pádraig Mac Piarais
- 36 Tomhaiseanna
- 37 Vótaí na Gaeltachta
- 38 Conamara 2000+
- 41 An Chéad Chluiche
Iománaíochta Idirchondae
- 43 An Misean Mór
- 44 Duais AIB ag Pléaráca
- 46 An Mhaighdean Mhara

*San alt '1969 - Bliain na
gCearta Sibhialta' fágadh ainm
an údair, Donncha Ó hÉallaithe
ar lár

Pictiúr Clúdaigh:
An Taoiseach Bertie Ahern, ag
comhrá le Tommy Kate Ó Mainnín,
Triona Uí Chonghaile agus Róisín Ní
Loinsigh ag ócáid seolta 'The AIB
Better Ireland Awards'. Bhí Triona,
Tommy agus Róisín ag aisteoireacht
sa gheamairacht 'Neum Neum', ar
léiríodh cuid dhó ag an ócáid seolta.
Bhain an Taoiseach an-sásamh as.
pic: Peigí Uí Chonghaile

Foilsithe ag PLÉARÁCA TEÓ.,
ROS MUC
091-574346 Ríomhphost:
plearaca@tinet.ie

CÓIPCHEART
Tá cóipcheart ag Plearáca Teo.
agus ag na húdair ar an ábhar
atá foilsithe anseo. Le cead a
fháil ábhar a úsáid is cóir dul i
dteangbháil le Pléaráca Teo.

URRAITHE NA FÉILE:

Seo leanas na heagraíochtaí agus na comhlachtaí gnó a thug urraíocht fhlaithiúil dúinn
le Pléaráca Chonamara '99 a reachtáil:

Údarás na Gaeltachta; Comhairle Chontae na Gaillimhe; Guinness; An Chomhairle
Ealaíon; Áras na Scribhneoirí

Chuir Majella Ní Chríocháin, Oifigeach Óige le Pléaráca, agallamh ar Sheosamh Ó Cuaig, craoltóir, iarbhall tofa de Údarás na Gaeltachta agus duine de bhunaitheoirí Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta.

Majella Ní Chríocháin: Bhí tú ar duine de bhunaitheoirí Chearta Sibhialta na Gaeltachta 30 bliain ó shin. Céard iad príomhéilimh a bhí ag Cearta Sibhialta?

Seosamh Ó Cuaig: Ba Údarás Gaeltachta ceann acu. Ní raibh aon Údarás Gaeltachta ann an uair sin. Gaeltarra Éireann a bhí ann. Ní bhíodh aon duine tofa nó tada agus i mBaile Átha Cliath a bhíodar. Níl a fhios agam cén bhliain díreach a tháinig siad anuas go dtí Na Forbacha. Ach ar aon chaoi ní raibh siad tofa an uair sin ar chor ar bith agus bhí muid ag iarraidh go mbeadh Údarás daonlathach ann. B'in ceann dena héilimh. Raidió, obair sa mbaile, ceannas ar na haibhneacha agus na lochanna, rudaí den tsórt sin. Cúrsaí oibre 's cúrsaí fostaíochta, cúrsaí sóisialta.

Majella: Cén cineál duine a bhí páirteach san eagraíocht?

Seosamh: Bhuel, daoine óga, cuid mhaith acu agus bhí roinnt mhaith daoine ann a chuaigh chuig an Ollscoil. Ar bhealach b'iad an ghlúin seo iad a chuaigh chuig an Ollscoil, nó a fuair deis dul ar aghaidh agus oideachas a fháil, oideachas maith. Ach ní raibh slua uafásach mór ann. Bhí tú ag caint ar dhá scór nó rud éicint mar sin, nó leathchéad b'fhéidir.

Majella: An raibh tionchar ag an méid a bhí ag tarlú i Meiriceá nó sa Tuaisceart nó sa Fhrainc oraibh?

Seosamh: Ó bhí. Bhí mé ag breathnú anois ar chur síos ar The Battle of the Bogside, cuir i gcás, a bhí ar siúl agus is cuimhin liom go raibh mé thuas ansin. Bhí coirm cheoil mhór istigh sa mBogside. Bhí cheithre ardán istigh ann. Bhí said ag fanacht fós leis na B-Specials teacht isteach arís agus bhí na leaids thuas ar Rossville Flats ansin. Ach an rud is mó a thug mise faoi deara ann go raibh Raidió Free Derry ar siúl. Rinne sé sin an difríocht ó thaobh iarracht a dhéanamh an raidió a chur ar siúl anseo, Raidió na Gaeltachta nó Saor Raidió Chonamara ar dtús. Rinneadh é sin i Ros Muc faoi dhó agus bhí sé ar an gCeathrú Rua freisin.

Majella: Cá bhfuair sibh an trealamh nó an raibh saineolas agaibh ó thaobh rudaí teicniúla de?

Seosamh: Ní raibh ar chor ar bith. Bhí daoine eile ag obair ar seo freisin agus bhí caint ar chuid den seantrealamh a bhí ag an IRA a fháil agus rudaí den tsórt sin. Tá a fhios agam gur scríobh mé alt ar an bpáipéir Inniu — bhí mé ag

hÉallaithe, innealtóir, é agus dúirt sé leis féin "tá suim agam ansin, bheadh mise in ann é sin a dhéanamh" agus rinne sé teagmháil le daoine eile sa ngluaiseacht agus tháinig sé aníos. Agus as sin a tháinig an taobh teicniúil. Bhí sé éasca go leor daoine a fháil le haghaidh rudaí eile a dhéanamh ach ní raibh tada teicniúil againn.

Majella: Agus Tigh Mhaidhcó, Ros Muc a bhí sé lonnaithe?

Seosamh: Bhuel ní raibh ar dtús ach tigh Phiaras Ó Gaora an chéad uair. Ach an dara huair tugadh isteach Tigh Mhaidhcó é nuair a bhí Oireachtas na nGael ar siúl. Cuireadh ar siúl thuas staighre Tigh Mhaidhcó ansin é. Agus tugadh síos ar an gCeathrú Rua freisin é tamall.

Majella: An raibh mórán ag éisteacht leis?

Seosamh: Bhí pobal na háite ag éisteacht leis ach ní raibh sé ag dul i bhfad ó bhaile ar ndóigh, fiche míle nó mar sin. Bhí sé dá chloisteáil an soiléir in Árainn. Bhí seandochtúr ann agus chuir sé litir chugainn ag rá go raibh sé ina luí ar an leaba breoite agus nuair a chuala sé an raidió d'éirigh sé amach ar an úrlár, bhí sé chomh sásta sin. Bhuel dúirt an Connaught Tribune ag an am nach raibh duine ar bith dá chloisteáil, ach bhí. Bhí a fhios againn go raibh. Agus ansin, nuair a bhí muid ag críochnú thíos ar an gCeathrú Rua, bhí muid ag caint ar stiúideo 4, stiúideo 5 agus rudaí den tsórt sin, sa gcríoladh. Thug muid cuireadh do dhaoine teacht an oíche dheiridh agus tháinig slua an-mhór, bhí siad ag breathnú ar an sean charabhan agus ag rá "ab shin é anois an stiúideo?". Ach bhí craic mhaith ann ag an am sin, bhí muid óg, an dtuigeann tú. Bhí an chuid is mó de na daoine a bhí ag plé leis óg.

Majella: Céard faoi na daoine níos sine?

Seosamh: Bhí smacht an-mhór ag Fianna Fáil ar an taobh seo an uair sin. Na daoine atá anois ann, na daoine óga atá anois ann, ní chreidfidís an smacht a bhí ag an bpáirtí an uair sin. Smacht an-mhór ar fad agus is cineál diamhaslú a bhí ann, mar a déarfá, a bheith ag cur as do Fhianna Fáil.

Tá mé ag ceapadh go raibh cuid de na seandaoine cantalach go leor ach ag an am céanna thaitin an raidió leo. Rud nua ar fad a bhí ann, i bhfad níos nua ná mar a bheadh sé anois mar tá raidió áitiúil chuile áit agus tháinig na pirates ina dhiaidh sin, na cinn sin i mBaile Átha Cliath. Ach bhí sé an-nua ag an am sin.

An leas a tháinig as gur leanadh ar aghaidh leis agus tháinig Raidió na Gaeltachta as. As sin arís a tháinig an smaoineamh faoin teilifís. An teilifís a cuireadh ar bun i Ros Muc, bhí an-bhaint aige le Teilifís na Gaeilge atá anois ann. Tá a fhios agam é sin go han-soiléir mar nuair a bhí an teilifís ar an aer, 12 bhliain ó shin, ghlaoigh Charlie Haughey ar Ruán Ó Bric, an fear atá i gceannas ar Údarás na Gaeltachta, ar an fón lá agus d'fhiafraigh sé dó "céard é seo atá ag tarlú i Ros Muc faoin teilifís? Is there anything in it?", a dúirt sé. "Ar fiú tada a dhéanamh faoi?" Chuir Údarás na Gaeltachta tuarascáil ar aghaidh agus b'in an tús le taobh an stáit den rud. B'fionn tionchar scaití ag rudaí den tsórt sin.

Majella: Bhí tú gníomhach sna hochtóidí chomh maith, le Cumhacht.

Seosamh: Bhuel sheas mé i dtoghchán Údarás na Gaeltachta, '89 is dóigh agus d'éirigh liom dul isteach an uair sin. Rinne mé chúig bhliana ar Bhord an Udaráis ach ansin arís níor éirigh liom sa toghchán deireanach.

Majella: Ar mhothaigh tú gur bhain tú mórán amach?

Seosamh: Bhuel, níos mó ná mar a cheap daoine, sílim, mar go leor den obair a bhí ar bun, is obair é nach bhfeicfeadh an pobal. An nádúr atá san Údarás gur cruinnithe rúnda a bhíonn ann agus ní fheictear céard atá dá phlé, go poiblí.

Ó thaobh iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar an Údarás féin mar Údarás, coinníodh an díospóireacht sin ar bun agus bhí baint agam féin agus ag daoine eile freisin, ar ndóigh, leis an díospóireacht sin. Tá roinnt deiseanna ag dul ag tarlú i mbliana anois, an rud seo atá Éamon Ó Cuív á dhéanamh, sé sin go mbeidh na baill uilig tofa ar an Údarás, seachas daoine a bheith ainmnithe. Na baill uilig cé is moite de dhuine nó beirt a bheas ag an Aire.

Tá obair le déanamh i gcónaí ag iarraidh a chur ina luí ar an Rialtas Láir, ar an gcéad dul síos gur cheart Údarás a bheith i gceantar mar seo, ceantar tuaithe, ceantar atá i bhfad siar. Ansin go mbainfí amach údarás don Údarás, má thuigeann tú leat mé agus go neartófaí ar chuile bhealach é. D'éirigh liom roinnt a dhéanamh ansin.

D'éirigh liom roinnt a dhéanamh ó thaobh comhlachtaí nach raibh ag fáil cothrom na féinne. Ait go leor, comhlachtaí a raibh daoine áitiúla páirteach iontu. Telemara ar an gCeathrú Rua, Aer Árann, go deimhin agus monarcha i dTúr Mhic Éadaigh. Bhí orainn troid mhór a chur suas ag iarraidh cearta a bhaint amach do na comhlachtaí sin ag an am sin agus sílim gur éirigh réasúnta maith linn. Tá siad ag obair fós.

Ó thaobh rudaí eile ansin de, bhínn ag iarraidh réimse an Udaráis a leathnú amach, go mbeadh níos mó plé aige leis an bpobal, cur i gcás. As sin a tháinig scéim le cuidiú le báid bheaga, curach a fháil do dhaoine thart leis an gcósta anseo. Tá a fhios agam gur scéim bheag a bhí inti, fós féin scéimín tábhachtach go leor. Ar an taobh eile den scéal, níor éirigh linn fós údarás leathan éifeachtach a dhéanamh den Údarás agus níor éirigh linn a chur ina luí fós ar Bhaile Átha Cliath go dteastaíonn polasaí réigiúnach sa tír seo, nár cheart chuile rud a bheith istigh san ardchathair.

Ach tá rud eile tagtha chun cinn freisin anois. Tá dhá rud ag teastáil ó thaobh an Udaráis de. Uimhir a haon, go dtógfaí an chumhacht as Bleá Cliath go dtí ceantair mar seo, ach ní leor é sin más é an toradh a bheas air gur istigh i gCathair na Gaillimhe a bheas chuile rud, nó i bhfoisceacht 10 míle ó Chathair na Gaillimhe. Arís is coimhlint mhór í sin, an fhorbairt a thabhairt amach as ceantar na Gaillimhe nó as an gceantar atá buailte ar Ghaillimh. Tá an obair sin deacair agus ar bhealach doiléar go leor agus ní rud í a thuigeann daoine mura bhfeiceann siad na díospóireachtaí go hoscailte. Ó tharla go bhfuil na cruinnithe rúnda, níl deis ag daoine an cineál sin oibre a fheiceáil.

Majella: An mbeadh suim agatsa seasamh don Údarás arís?

Seosamh: Bhuel, dá gceapadh daoine gur mhaith an rud é, dáiríre. Ó tharla nach bhfuil tú i bpáirtí, níl aon chóras ann, córas buan, leanúnach, seasmhach, le tacaíocht a thabhairt duit ó thaobh airgid nó ó thaobh rud ar bith eile. Dá bhrí sin

AGALLAMH AN PHLÉARÁCA

Seosamh Ó Cuaig

obair dóibh ag an am. Dúirt mé go raibh an raidió seo ar siúl i nDoire agus go bhféadfadh muidé rud mar sin a chur ar bun dá mbeadh an t-eolas teicniúil ann. Léigh leaid thíos i gCorcaigh, Mícheál Ó

An Spidéal faoi Léigear ag 'An Tulan Cleasach'

Tá aitheantas tugtha do thábhacht na Gaeltachta sa mBille nua Pleanála, a foilsíodh le gairid. As seo amach caithfear cosaint teanga agus cultúr na Gaeltachta a chur san áireamh in aon phlean forbartha a réiteoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Faraoir nár tháinig an Bille nua i bhfeidhm in am le cuid den fhorbairt nua tithíochta sa Spidéal agus sna Forbacha a stopadh. Is cinnte nach é leas cultúr agus teanga na Gaeltachta a bhí ar intinn ag Comhairle Chontae na Gaillimhe nuair a thug siad cead don chúig theach ar chúl an stáisiún nua peitрил agus don 18 teach atá le tógáil taobh ó dheas de fhoirgneamh Ros na Rún.

'An Tulan Cleasach' a bheas ar an scéim nua agus sé Jimmy Clancy óna Forbacha atá i mbun na forbartha. £150,000 an praghas atá ar na tithe agus tá beagnach leath acu díolta cheana féin, más fíor don ceantálaí, cé nach bhfuil an obair tógála tosaithe fós. Ar ndóigh d'fhéadfadh sé tarlú gur teaghlaigh le Gaeilge a bheas ag ceannach na dtithe go léir! D'fhéadfadh sé tarlú. Ach bheadh an seans céanna aige sin tarlú agus 6 uimhir an lotto a tharraingt 3 seachtaine i ndiaidh a chéile.

Céard faoin mbrú a chuirfidh an cóilíniú nua seo ar theanga na háite?

An Tulan Cleasach.

For Sale
EXCLUSIVE NEW DEVELOPMENT
FOR SPIDAL VILLAGE
18 LUXURY FOUR BEDROOM
SEMI-DETACHED HOUSES

JOINT SELLING AGENTS:
FITZGERALD AUCTIONEERS
BARNALSTATES LIMITED

DEVELOPERS:
J & S PROPERTY DEVELOPERS LIMITED

ARCHITECTS:
NIAL J. KEARNS & COMPANY

Sna scoileanna, sa séipéal, sna clubanna spóirt is caitheamh aimsire, sna tithe ósta. Tá an scéal sách dona mar atá sé.

Ní hé nach dteastaíonn tithe sa Spidéal. Teastaíonn agus go leor tithe. Teastaíonn tithe Comhairle Chontae ó dhaoine san áit nach bhfuil in acmhainn a dtithe féin a cheannach. Teastaíonn tithe ar phraghas réasúnta ó go leor lánúnacha nuaphósta. Ach ní shin an cineál tithíochta atá le tógáil sa Spidéal ag na *developers* is ag na *speculators*. Níl a dhóthain brabach le déanamh as tithe a chur ar fáil do mhuintir na háite.

Tógadh raic mór scór bliain ó shin, nuair a tugadh cead cupla *Luxury Home* a dhéanamh sa Spidéal. Bhí Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta ag cur go láidir ina éadan. Sa deireadh cheannaigh an tÚdarás an suíomh agus tógadh an Ceardlann. Tá an Roinn agus an tÚdarás ina dtost an uair seo.

An rud is measa níl anseo ach an rús. Mura dtógtar seasamh tarlóidh an fhorbairt cheanna tithíochta sa Spidéal is a tharla do Mhaigh Chuilinn. Báfar an méid beag de theanga is de chultúr na háite ata ann.

Tá sé thar am go dhream éicint "STOPAIGF" a fhógairt, sara mbeidh sé ró dheireannach.

B'fhéidir go bhfuil sé ró dheireannach cheana féin.



ní fiú duit seasamh muna bhfuil tú cinnte go bhfuil thart ar scór duine ansin atá lán dáiríre faoi gur cheart duit é a dhéanamh agus gur fiú duit é a dhéanamh agus go bhfuil siad sásta roinnt oibre a dhéanamh ar a shon. Dá mbeadh an scór sin ann agus dá mbeinn cinnte go mbeadh an scór sin ann b'fhéidir go mbreathnóinn air. Ach má fhaighim amach nach bhfuil, b'fhearr é a fhágáil ag duine eicint eile. Beidh sé soiléir go leor ag teacht gar don am an bhfuil daoine ag iarraidh sin a dhéanamh nó nach bhfuil. Ba mhaith liom é a dhéanamh ceart go leor.

Majella: Ag caint ar obair iriseoireachta, rinne tú clár teilifíse faoi na Dudleys. An raibh suim ar leith agat sa gclann sin?

Seosamh: Bhuel bhí mar bhíodh mo mháthair ag caint i gcónaí ar Lord Dudley agus Lady Dudley, ó bhí mé i mo pháiste.

Majella: An raibh meas ag muintir na háite orthu?

Seosamh: Ó bhí, dáiríre bhí. Fiú amháin na Poblachtánaigh agus mo mháthair ina measc. Bíonn meas ag an gcosmhuintir is dóigh ar na daoine uaisle chuile áit, nó bhíodh. Agus bhí siad réasúnta deas, bhí siad réasúnta croíúil leo. An obair sin a rinne Lady Dudley ó thaobh na mbanaltraí de, ba mhór an rud é ag an am sin. Bhí daoine an bhocht. Nuair atá tú beo bocht, duine ar bith atá go maith duit smaoiníonn tú air. Nuair atá tú réasúnta maith as tú féin ní gá duitse an intinn sin a bheith agat. Bhí daoine an-bhuailte an t-am sin. Ní raibh dochtúirí fairsing ná banaltraí, ná bia ná éadach ná go leor rudaí. Bhíodar sin cineál flaithiúil leo agus carthanach is dóigh, bhíodar cineál cairdiúil leo, bhí cineál meas acu orthu. Bhí.

Ní bheadh aon ghlacadh agam le ceannas an dream sin ar chor ar bith ach ón taobh pearsanta de, chuaigh mé anonn agus bhí mé ag caint le Lord Dudley atá ann anois, tá sé sa House of Lords i gcónaí, fear an deas ar fad. Bhí sé an-éasca plé leis agus chuir sé anall na pictiúir phearsanta, family portraits chugam. Ní raibh ann ach gur ghlaigh mé ar an fón agus dúirt mé leis go raibh mé ag déanamh an chláir seo. Arsa mise leis, tá sé chomh maith dom an fhirinne a insint duit, is deartháir do mo sheanathair a bhí i gceannas ar an IRA sa gceantar agus bhí mé ag iarraidh fáil amach cén fath nár chaith siad cúpla piléar le do sheanathair ag an am. Agus dúirt sé "Oh yes I can understand that" agus lean sé ar aghaidh ag caint 's ag comhrá agus thug sé chuile chúnamh dom leis an rud a dhéanamh. Chuir sé anall na pictiúir luachmhara seo a thóg a sheanmháthair agus cuid acu a thóg banríon Shasana, dála an scéil.

Nuair a chuaigh mé anonn tháinig sé aníos as ceantar Bhirmingham go Londain ar an traein ag a cúig a chlog ar maidin. 'S tá sé beagnach ceithre scór bliain d'aois. An taobh pearsanta de bhí sé an-deas ar fad.

Agus sin mar a bhíonn sé go minic, an druigeann tú? Ní dóigh liom gur gá duit fuath pearsanta a bheith agat do dhaoine le fuath a bheith agat don chóras a bhaineann leo. Sin an áit a mbíonn an deacracht nuair a bhíonn rud eicint le déanamh faoi, má thosaíonn tú ag éirigh ró-mhór leo is gearr go druigfeá gur acu an bhí an ceart! Cá mbeifeá ansin?

Majella: An bhfuil imní ort faoin gcaoi go bhfuil go leor



Seosamh Ó Cuaig agus Colm Ó Mainnín sa gCrannóg le linn craoladh Teilifís na Gaeltachta i Ros Muc i 1987

tithe i gConamara dá gceannacht ag stráinséirí?

Seosamh: Bhuel tá. Bhí mé ag canbhasáil uair amháin thuas in aice le Cloch na Rón agus bhí áit amháin ann agus ar éigin a bhí muid in ann vóta amháin a fháil sa mbaile ar fad. Tithe saoire ar fad a bhí ann. Agus na daoine sin, ní raibh siad ina gcónaí ansin ach ar feadh coicís den bhliain. Sin an rud is measa faoi. Dá dtiocfadh siad agus cónaí go buan ann, cén dochar? Dá mbeadh siad ag cur rud isteach sa gceantar, bheadh sé sin ceart go leor ach na daoine seo tagann siad agus go hiondúil tugann siad leo bia agus deoch agus fíon agus cibé rud a bhíonn acu agus líonann siad an fridge, bíonn coicís acu agus téann said abhaile, sin a bhíonn ann. Agus ar an taobh eile den scéal ansin tá praghas na talún dá chur suas i dtigh diabhail, níl éinne as an áit in ann a dhul i gcoimhlint leo.

Majella: Céard ba chóir a dhéanamh faoi?

Seosamh: Arís ar ais sin iad na rudaí a theastaíonn a phlé. Seo iad na rudaí ba cheart don Udarás a bheith páirteach iontu ar bhealach eicint. Bhí mé ag rá ar ball gur cheart réimse an Údaráis a leathnú. Dá mbeadh an tÚdarás ag plé le rudaí den tsórt seo bheadh níos mó aird ag daoine orthu.

'Séard atá le déanamh ná fáil amach céard atá déanta i dtíortha eile ar fud na hEorpa. Agus gheobhaidh tú amach agus tá sé faighte amach agam go bhfuil rialacha curtha i bhfeidhm i gceantair den tsórt seo, in áiteacha eile taobh istigh den comhmhargadh. Rud a airim anseo go minic, deireann siad ó ní féidir chuir as do dhlí an mhargaidh, ach tá sé déanta i dtíortha eile. Tá sé déanta san Eilbhéis, tá sé déanta fiú amháin in áiteacha sa mBreatain Bheag. Rinne siad é san Ollainn agus is féidir ó thaobh cáin de é a dhéanamh deacair don holiday home.

Is féidir cuidiú le daoine freisin ar an taobh dearfach den scéal.

D'fhéadfaí cuidiú le daoine caoi a chur ar thithe anseo agus iad a ligean iad féin in áit a bheith dá ndíol agus go ndéanfaidís brabach. Go dtabharfaidís isteach na cuairteoirí ceart go leor agus go bhféadfaidís fanacht coicís nó mí ach go gcoinneódh siad greim air. Tá comharchumainn bunaithe in áiteacha san Eoraip le haghaidh seo a dhéanamh.

Majella: An raibh pobal níos láidre ann nuair a bhí tusa ag fás aníos sna seascaidí?

Seosamh: Bhuel bhí pobal de chineál eile ann, bhí níos mó plé acu le chéile ar leibhéal áirthid. Easpa deise arís. Ní raibh aon deis acu imeacht ó chéile. Ní raibh aon charr ag aon duine mórán. Má smaoiníonn tusa anois ó cheann ceann na bliana gan aon charr a bheith agat agus má smaoiníonn tú go bhfuil bó agat nó dhá bhó a chaithfeas tú a bhleán chuile mhaidin agus chuile thráthnóna, ciallaíonn sé sin go gcaitheann tú an chuid is mó de do chuid ama a chaitheamh in aice an tí. Agus má chuimhníonn tú ansin go gcaithfidh tú féar a bhaint don bhó sin, go mbeidh caora agat, go gcaithfidh tú ceann a chuir ar an teach, na rudaí seo ar fad. Go gcaithfidh tú feamainn a bhaint, nach bhfuil aon tractor agat le haghaidh an fheamainn a thabhairt aníos. Go gcaithfidh tú asal a fháil agus tú ag tabhairt máilín feamainne i gcaitheamh an lae síos is aníos ar chosán agus go bhfuil chuile dhuine eile san áit ag déanamh an rud céanna. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an pobal ag castáil le chéile go minic tríd an lá agus as sin tagann grá agus gruaim. Tagann cineáltacht ach bhí neart troda ann freisin, neart sárú agus neart aighnis.

An chaoi a bhfuil sé anois tá daoine níos deighilte amach óna chéile ar bhealach amháin. Ní gá dóibh a bheith ag caint le chéile muna dteastaíonn sin uathu. Suíonn siad isteach sa gcart agus téann siad go Gaillimh. Ar an taobh eile den scéal tá pobal daoine óga ann, feiceann tú ag teacht le chéile iad, tá aithne acu ar a chéile. B'fhéidir anois gur ag twenty first birthday party a bheadh siad ag teacht le chéile, rudaí den tsórt sin. Tá na rudaí Meiriceánacha tagtha isteach, tá na Slumber Parties ag na gasúir bheaga.

Tá pobal de chineál eile ann agus ní bhíonn an oiread gleo agus achrainn ar siúl 's a bhí fadó. Tá an saol athraithe, ní gá dóibh bheith ag troid le chéile faoi fheamainn, faoi phortaigh, faoi theorainneacha, faoi na cláiocha, faoi na beithigh nó faoi na cearca. Tá fadhbanna eile san saol atá anois ann.

Majella: An dóigh leat go bhfuil saibhreas na Gaeilge ag imeacht?

Seosamh: Ní hamháin sin ach tá sí ag imeacht ar aon chaoi. Tá socrú déanta ag go leor leor lánúineacha Gaeltachta na páistí a thógáil le Béarla. Socrú a rinne siad féin, as a stuaim féin. Rinne Gaeilgeoirí ó dhúchas é sin, an t-athair agus an mháthair. Shocraigh siad na páistí a thógáil le Béarla. Tá go leor leor de sin ag tarlú ar fud Chonamara. I bhfad níos mó ná mar a bhíodh. An ghlúin anois dar díobh mise is mó a rinne é sin, feictear domsa, 's sin go ndearna siad socrú cinnte faoi agus dá bhrí sin níl mórán Gaeilgeoirí ó dhúchas ag teacht isteach ag na scoileanna chomh fada agus is eol dom anois, in áit ar bith ó Bhearna go Carna. Tá an t-athrú sin tagtha.

Nuair a d'fhág mise an scoil, Gaeilge ar fad a bhí sa gclós.

'S nuair a chuaigh na gasúir ag an scoil Béarla a bhí sa gclós. Bhí an t-athrú tagtha agus 'sé an freagra atá ag na gasúir sin agamsa ar sin, deir siad, "bheul, an ghlúin sin agaibhse a rinne é sin". Agus 'sí.

Tá sé i bhfad níos éasca anois gasúir a thógáil le Gaeilge ná mar a bhíodh, mar tá an teilfís ann le haghaidh Béarla a thabhairt dóibh. Ní gá duit imní a bheith ort agus is maith an rud é sin. Is cúnamh an-mhór é sin má tá gasúir bheaga agat. Is mór an imní i nach mbeadh Béarla acu mar is uafásach an rud mura mbeadh, bhí siad réidh. Ach is féidir leat bheith ar do shuaimhneas anois Gaeilge a labhairt leo agus piocfaidh siad suas neart Béarla ó na cartoons agus ón teilfís. Ach ní cosúil go gcreideann an chuid is mó de na tuismitheoirí Gaeltachta é sin, is cosúil go gceapann siad go mbeidh orthu féin iad a thógáil le Béarla le go mbeidh Béarla acu. Sin an chaoi a bhfuil sé.

Majella: Má imíonn an Ghaeilge, an mbeidh pobal Chonamara ann a thuilleadh?

Seosamh: Bhuel beidh ach beidh sé ar bhealach eile. Is cosúil go gceapann daoine go mbeadh muid an-with it agus go mbeadh cúrsaí go hiontach dá mbeadh muid ag Béarlóireacht ar fad. Caithfidh sé go b'é sin an meon atá ann, is cinnte gur ar mhaith leis na páistí atá siad dá dtógáil le Béarla. Ní gá duit a dhul ach 10 míle siar an bóthar seo nó 15 míle. Téigh suas ar an gCaiseal, cuir i gcás. Threig siad siúd an Ghaeilge roimhe seo agus feicfidh tú cé chomh buailte is atá ceantar Chaisil, feicfidh tú cé chomh buailte is atá siad ar An Sraith Salach, an ceantar sin siar uilig.

Ní dhéanfaidh Béarla ceantar rathúil den cheantar agus sílim go gcaillfear roinnt mhaith. Tá cineál cultúir éicint ó dheas anseo i gcónaí, tá mé ag ceapadh, ó thaobh na farraige de, ó thaobh na mbád de, ó thaobh an cheoil is ó thaobh na hamhránaíochta de, ó thaobh na Gaeilge féin, is ó thaobh an raidió, daoine ag éisteacht le chéile, ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta, b'é an trua é a chailliúint. Is deacair é a shainmhíniú 's é a thomhais go cruinn cén caillteanas a bheadh ann.

Majella: An mbeifeá sásta bheith i do chónaí aon áit eile seachas Conamara?

Seosamh: Ní bheadh. Tá an áit seo go deas ar go leor bealaigh. Tá an áit seo iontach má tá slí bheatha agat ann, áit le cónaí, carr agus mar sin de. Tá sé go hiontach mar tá an áit féin go hálainn agus suimiúil go leor. Tá an Ghaeilge 's an Béarla ann agus meascán den dá rud. Tá na rudaí ar fad ann a bheadh duine ag iarraidh.

D'fhéadfaí a rá gur ceantar tuaithe é go bhfuil saol an bhaile mhóir le fáil ann freisin anois. Féach thíos ag an ngeata ansin, tagann an bainne agus fágtar ar an ngeata ansin é, tá an t-uisce againn, tá leictreachas againn ar ndóigh, tá an teilfís, tá an raidió againn, tá muid in ann na channels ar fad a fháil má íocann muid cúpla punt ar aeróg a chuir suas.

Tá na seirbhísí uilig ann, cé is moite de phictiúrlann nó na amharclann is mar sin de. Ach arís ar ais má tá cúpla punt agat agus carr is féidir dul chomh fada leo sin éasca go leor. Tá an áit deas suaimhneach, suimiúil agus is áit faoi leith é. Is féidir breathnú ar an saol mór amach as seo chomh maith le áit ar bith eile.



Bláth na hÓige

Ruaidhrí Ó Tuairisg

‘Bhí sí chomh deas sin nach niarrfá imeacht aisti ar chor ar bith.’ Sin a bhí le rá ag John William Seoige faoin mbád ar chaith sé cuid mhaith dá óige inti. Sé Máirtín Ó Cathasaigh as Maoinis a rinne *Bláth na hÓige* do Sheán Seoige, seanathair John William, in Inis Bearachain, timpeall na bliana 1885. Bhí William Sheán Seoige, a rugadh timpeall 1867, ina fhear óg nuair a tógadh an bád. Tá dé ráite gur fhan Máirtín Ó Cathasaigh in Inis Bearachain go dtí go raibh sí críochnaithe aige — trí mhí. Fuair sé tuairim £8 as ucht í a dhéanamh. Bhí Seán

Seoige ag iarraidh go mbeadh cille ocht droigh dhéag inti. Bhí an píosa a bhí acu 18’ 8”. Chuaigh Seán isteach ag an dinnéar agus chuir a mhac William faoi ndeara do Máirtín Ó Cathasaigh an cille a fhágáil mar a bhí sé. Craiceann péine dhearg a chuaigh uirthi, gearrtha as sailltreacha a tháinig i dtír. Tá sí 28’ taobh istigh den bhall agus seas crainn 7’ 2” aici.

Bhaist Morgan Mulkerrins as an oileán í le cupán poitín. Chaith sé an cupán léi ach níor bhris sé. Thug sé *Bláth na hÓige* uirthi. Tugadh ainmneacha eile freisin uirthi, *Gleoiteog Bhaibín Reilly*. Bhí Baibín Reilly, aintín le Johnny Bailey, pósta le Máirtín Seoige, athair John Bhaibín. Tugadh *Gleoiteog na Seoige* uirthi, *Gleoiteog Inis Bhearachain* agus ar ndóigh tugtar *Bád Phádraig Chóilín* uirthi freisin.

Tháinig Máirtín Ó Cathasaigh ar ais naoi mbliana ina dhiaidh sin agus chuir sé deic uirthi.

Níorbh í an taon bhád a rinneadh ar Inis Bhearachain. Rinne Maitias Mhicil a’ Ghabha Ó

Guairim An Meiricean Mór ann timpeall 1884. Rinne Pádraig Seoige An tSail Chuach ann agus rinne Joe Bháitéar Seoige cúpla púcán ann.

Ag croisínteacht coirligh a bhí na Seoige inti, sna Forúin, Inis Muscairl, agus amach go hÁrainn. Ba cineál scine a bhí sa gcroisín le cois mhór fhada, tuairim sé troigh dhéag as. Chuirí an chroisín síos sa gcoirleach agus chastaí timpeall thíos í. Ansin tharraingtí aníos í agus an choirleach timpeall uirthi.

Dhéantaí cocaí den choirleach agus ansin dhóití í ina ceilp. Ghearrtaí suas í ina blocanna. Bhíodh McDonaghs as Cill Chiaráin dá ceannacht do chomhlucht Sasanach. Thugadh an steamer chun bealaigh í as Cill Chiaráin.

Bhí *Bláth na hÓige* páirteach i ngeall bád sa mbliain 1907, i Muighinis, an lá ar bád púcán le Seán Mór Mac an Iomaire. Cailleadh ochtar an lá sin, ina measc Pádraig Stiofáin Mhóir de Búrca agus beirt iníon leis, Nóra agus Máire.

Fuair Seán Seoige teach in Inse Ghainimh, oileán beag amach ó Leitir Calaidh sa mbliain 1915. Is ann a rugadh John William. Is anseo a choinnigh sé *Bláth na hÓige*. Nuair a bhí John William ina lead óg bhí daonra mór in Inis Bearachain, idir caoga agus seasca duine. Níl ach aon duine amháin ar an oileán anois, Máirtín Chóilín Seoige.

D'fhág Seán an bád ag a bheirt mhac, William agus Máirtín. Thosaigh siad sin ag tarraingt mhóna as na hUaimíní go hÁrainn, go hAchinis agus do dtí an Chéibh Nua. Obair fíor-chrua a bhí anseo. B'éigin an mhóin a thabhairt go dtí na hUaimíní ar asal agus cléibh. Ní raibh aon chéibh ann agus cuireadh ar bhord an bháid í le cliabh. Chaith Seán agus Morgan Mulkerrins ramall ag iascach breams inti.

Thosaigh John William agus John Bhaibín ag obair inti go luath sna tríochadaí. Bhí John William cúig bhliana déag agus John Bhaibín dhá bhliain níos sine ná é. Tharraing siad móin, go Port Mhuirbhí. Leath luicht an bháid mhóir a bhíodh acu. D'focaidís £2 ar an ualach sa mbaile agus d'fhaighidís £3 nó £4 i bPort Mhuirbhí nó £5 nó £6 in Achinis nó ar an gCéibh Nua.

Bhí siad ag obair le coirleach freisin. Triomaíodh í agus tugadh go Cill Chiaráin í agus as sin go Sasana.

Is iomaí droch lá agus oíche a chonaic John William agus John Bhaibín sa



Máirtín Ó Cathasaigh, an saor báid a rinne *Bláth na hÓige* thart ar 1885



John William agus a bhean Brid Ni Chonghaile sula phós siad. Is ag John William a bhí *Bláth na hÓige* tráth. Tógadh an pictiúr seo ag feis Charna 1939



Pictiúr a thóg Dick Scott den saor bád Cóilín Ó Cathasaigh i 1961, agus é ag cur craiceann ar mhúnla *Bhláth na hÓige*. b'é Cóilín, mac Máirtín, an duine deireannach de na Cathasaigh a thóg bád, Maighinis, Carna.

pic: Dick Scott

mbád. Chaith siad oíche fhada i gCill Rónáin uair, dá coinneál amach ón mballa lena ndromanna agus stoirm anoir aneas ann. Amach sa lá chroch siad seol le dul ar foscadh i gCill Éinne. Gheal sé amach beagán agus shocraigh siad dul go Cuan an Fhir Mhóir. Dhún sé suas uilig agus neartaigh an ghaoth. Bhí sé dorch faoin am seo agus ní raibh a fhios acu cá raibh siad. Bhí siad ag éisteacht le farraigí ag briseadh agus ansin chonaic John William Tower Cheann Gólaime amach faoin seol. Bhí siad ceart.

Lá eile bhí siad ag dul soir ag Ceann Bóirne, ceithre chúrsa istigh acu, agus gála gaoithe aniar. Bhain siad an seol den bhúm agus rinne siad seol púcán as.

Lá eile fós tháinig John agus Joe Bhaibín isteach go Port Mhuirbhí in Inis Mór. Bhí sean-shear amháin ar an gcéibh. Dúirt sé leo "Is sibh an dá lead óg is dícheallí a chonaic mé ariamh ag teacht amach ar a leithéid de lá." Bhí ceithre chúrsa istigh acu ag dul abhaile. Bhí uisce ag teacht isteach thar an transom idir an dá mhullard. B'éigin do Joe seanchóta a chur ann, le uisce a choinneál amach.

Thug na Seoige, mar a deir John William, aire na gloine don bhád. Bhí siad lá i gCinn Mhara le ualach adhmaid as Coill na Cúile. D'fhiafraigh fear dóibh cé dhó an t-adhmaid. Dúirt siad gur do *Bhláth na hÓige* é. D'fhreagair fear na háite, "Nach fairsing atá airgead agaibh, is bád nua í sin." Dúirt John liom freisin gur chuir William scrathacha ar na leachtaí in Inis Bearachain, le craiceann an bháid a chosaint.

Sna caogadaí cheannaigh na Seoige bád mór, *An Caolach*, i Muiceannach ó Joe Pháid agus Máire Simon. Bhí *Bláth na hÓige* leagtha suas le deasú. Tharraing siad móin as Ros a' Mhíl sa gCaolach. Dhíol siad *An Caolach* le Pádraig Kelly i Muiceannach.

Tugadh *Bláth na hÓige* go Maoinis. Rinne mac Máirtín Ó Cathasaigh, Cóilín go leor oibre uirthi i 1961. Thóg Dick Scott pictiúir den bhád agus de Chóilín ag obair uirthi. Fuair Cóilín bás sa mbliain 1963. Is mar seo a chuir Dick Scott síos ar obair Chóilín ina leabhar *The Galway Hooker* "At a small sheltered beach close by, he was carrying out a major refit on a 29 foot gleoiteog from Inishbarra Island. Patiently he explained away his work as though it were nothing out of the ordinary, yet he was almost rebuilding this craft using mostly hand

tools. An excellent job she was too when completed and fitted with a diesel engine for lobster work."

Cuireadh inneal Lister 24 H.P. inti agus chuaigh na Seoige ag gliomadóireacht amach go hOileán Iarthach agus Aill an Dúin in Árinn.

Sa mbliain 1964 chuaigh John William go Meiriceá agus dhíol sé a leath le John Bhaibín. Choinnigh John í ar feadh cúpla bliain agus dhíol sé í le Pádraig Chóilín Ó Cualáin as Carna sa mbliain 1968. Bhí púcán, *Giolcach*, ag seanathair Phádraig, Seán Dhubhdara Ó Cualáin. Ba iomróir mór agus peileadóir é athair Phádraig, Cóilín Sheáin Dhubhdara.

D'íoc Pádraig £850 uirthi. Bhí sé ag gliomadóireacht lena dheartháireacha. Chaith sí píosa i Ruisín na Mainíoch agus Pádraig Stiofáinín de Búrca ag obair léi, ag tabhairt beirtheigh as Bior do John Mylotte agus as an Oileán Iarthach do dhaoine. Ba garmhac é Pádraig Stiofáinín le Pádraig Stiofáin Móir, a bád sa ngeall i Muighinis i 1907.

Sa mbliain 1980 chuir Pádraig

Chóilín seolta uirthi. Thug na deartháireacha Johnny, Beartla, Marcus Joe Mhaitias Ó Cathasaigh agus Jackie Phádraig Sheáin Ceata an chúnamh dhó ag réiteach an bháid le haghaidh geallta.

Thug sé go geallta i nDún Laoghaire i sa mbliain 1983, áit ar bhuaidh sí. Bhí sí i bPort an Phéire i gCo. an Dúin i 1995 agus aríst i mbliana. Bhí sí ag na geallta i mBeann Éadair na blianta sin freisin.

Tá geallta leathbháid buaite go mion minic ag *Bláth na hÓige* cé go bhfuil sí níos lú go mór ná na leathbháid eile. Sí a bhuaigh i gCinn Mhara i mbliana. Bhíodh John William agus Marcus Joe Mhaitias dá gabháil agus is é Johnny Sheáin Jack Mac Donncha is mó a bhíonn leí anois.

Tá baint ag Pádraig Chóilín le bád seol eile chomh maith, *An Truelight*, atá dhá déanamh i gCárna. Go néirí go geal leis féin, a chriú agus an dá bhád.

Tá buíochas mór ag dul go John William, Pádraig Chóilín agus Cóilín Ó hIarnáin a thug chuile chúnamh dom leis an bpíosa seo a scríobh. Go mba fada buan iad.



Bláth na hÓige ag fanacht ar ghaoth. Sé John William Seoige atá dhá ghabháil agus Beartla Mhicilín Ó Ráinne taobh leis. Pádraig Chóilín Ó Cualáin, úinéir an bháid, atá ag luí ar an deic.



AER ÁRANN

AERFORT CHONAMARA

Eitiltí Laethúla go dtí Oileáin Árinn

Oifig Eolais: Aer Árann

Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán

Facs: 091-593034 & 593054



Ionad Gaeilge Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-595101

**Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta
ó Bhearna go Carna**

**Cúnamh i labhairt na Gaeilge do dhaoine fásta
(Galltacht agus Gaeltacht)**

Pacáiste féin teagaisc i bhfoghlaim na Gaeilge

Ranganna Ríomhaireachta trí Ghaeilge

Seirbhís Rúnaíochta/Aistriúcháin/Facs

Tigh Hughes

— AN SPIDÉAL —

*Le haghaidh neart óil,
ceoil agus craic*

Teil: 091-553447



OIREACHTAS na nDéise

28-31 Deireadh Fómhair 1999

PRÍOMHIMEACHTAÍ NA FÉILE

Oscailt Oifigiúil Oireachtas Shamhna

Agallamh Beirte agus Lúibíní

Amhránaithe na nDéise

Léacht 'Trá Féile'

Comórtas Sean-Nós na bhFear agus na mBan

Corn Uí Riada

Aifreann Uí Allmhúráin

Is féidir eolas breise d'fháil ó:

Oifig an Oireachtais

6 Sráid Fhearchair

Baile Átha Cliath 2

(01) 457 3857 Facs: (01) 475 8767

oireacht@indigo.ie

Amharclann i gConamara

Tá feachtas bunaithe i gConamara le amharclann a thógáil agus cé go raibh feachtais éagsúla ann len é seo a bhaint amach ó 1958 i leith, tá an-dóchas ann go n-éireoidh leis an iarraidh seo. San Aibreán seo caite d'eagraigh Aisteoirí an Spidéil cruinniú poiblí ar an gCeathrú Rua, cruinniú a raibh freastal mór air ó chuile chearn den Ghaeltacht - ón Spidéil, ón gCeathrú Rua féin, ó Charna is ó Chill Chiaráin, agus ó Chorr na Móna. Mhol an cruinniú go bhféachfaí le amharclann a bhunú do phobal Chonamara agus go dtoghfaí meitheal oibre leis an gceist a iniúchadh go mion. Toghadh an mheitheal a bhí ionadaíoch go maith ó thaobh na n-ealaíon go léir dhe, agus tar éis roinnt cruinnithe d'iarr siadsan an dara cruinniú poiblí a tionóladh in Áras Uí Chadhain ar an gCeathrú Rua. Chuir an mheitheal oibre a gcuid moltaí i láthair an chruinnithe: go mbunófaí amharclann dhéanfadh freastal ar na healaíona uilig in áit lárnach i gConamara; go ndéanfaí staidéar féidearthachta le teacht ar an mbealach is fearr len é sin a bhaint amach agus go dtoghfaí coiste a dhéanfadh stiúradh ar an staidéar féidearthachta. Glacadh leis na moltaí sin agus tá an coiste tar éis iarratas a chur faoi bhráid Údarás na Gaeltachta ag iarraidh deontais don staidéar féidearthachta. Táthar ag súil le freagra ón Údarás go gairid, agus táthar ag súil nach dtógfaidh an staidéar níos mó ná sé mhí.

Ardán do na hEalaíona

le Darach Ó Scolaí

Ach oiread le Leitir Ceanainn, leis an Muileann gCearr, le Loch Garman nó áit ar bith eile sa tír, tuilleann pobal Chonamara amharclann chun fáilte a chur roimh sheónna, drámaí agus ceoltóirí náisiúnta is idirnáisiúnta a bhíonn ar chamchuairt na tíre. Agus níos tábhachtaí fós, b'fhéidir, teastaíonn a leithéid d'áis chun forbairt a dhéanamh ar ár n-ealaíona féin i gConamara.

Tá cultúr ar leith againn i gConamara, ach is rómhinic a bhreathnaítear air mar thraidisiún a cruthaíodh san aimsir atá caite agus atá á chaomhnú nó á choimeád beo againn inniu, seachas breathnú air mar ealaíona éagsúla a forbraíodh thar na blianta agus atá fós, inniu féin, á bhforbairt ar bhealaí nua ag glúnta nua.

Luaítear sean-nós amhránaíochta Chonamara le cultúr na háite. Cé go bhfuil an traidisiún amhránaíochta sin

ag dul siar roinnt céadta bliain ní hionann an sean-nós mar atá sé á chleachtadh inniu agus an sean-nós a chleachtaí leithchéad bliain ó shin, ná ní hionann an sean-nós a chleachtaí leithchéad bliain ó shin agus an nós amhránaíochta a bhí ann dhá chéad bliain ó shin. Tá sin amhlaidh mar gur ealaín bheo atá inti, ealaín atá de shíor á forbairt. Ní hionann na daoine ach oiread. Tá pobal Gaeltachta an lae inniu oscailte amach ar an domhan mór ar bhealaí nach raibh roimhe seo.

Tá ealaín na drámaíochta agus na péintéireachta Eorpais gaibhte i bhfeidhm go mór ar an gceantar le scór bliain anuas, ach más beo an cultúr ar chor ar bith caithfidh forbairt teacht ar na healaíona sin uilig fré chéile - an amhránaíocht, an phéintéireacht, an drámaíocht, an fhilíocht, an ceol, agallaimh beirte, lúibíní, geamaíreachtaí agus eile - agus é sin á dhéanamh ag muintir na Gaeltachta ar ardán Gaeltachta. Bíodh is go bhfuil gearaí ealaíne amháin againn



Máire Ní Ghráinne, Macdara Ó Fátharta agus Mícheál Ó Briain i *The Tinker's Wedding* le JM Synge sa Phéacóg, 10 Lúnasa 1982



Geamaíreacht an Phléaráca 1994

ar a gcompond sa mbaile, gur féidir leo chuais a thabhairt don raidió nó an dá shúil a ghreamú den teilifís, tá muid taobh le hallaí fuara badmantain le dhul chuig dráma. Agus, gan a bheag a dhéanamh d'ealaín ar bith eile, níl amhras ach gurb í an ealaín stáitse (dráma, geamaíreacht, coirm cheoil, nó a leithéid) an 'ealaín phobail' is mó acu uilig. Deis atá san ealaín stáitse - agus sa dráma nuachumtha ach go háithrid - inar féidir leis an ealaíontóir a dhul i ngleic leis an bpobal; inar féidir leis scáthánú a dhéanamh ar an bpobal, agus gnóthaí an phobail chomh maith leis an bpobal féin, a chur i láthair an phobail. Agus, dár ndóigh, is ócáid atá sa dráma ina dtagann an pobal le chéile mar phobal ag ócáid ealaíne. Go deimhin, dá mbeinn féin mar phéintéir ag cur pictiúr ar chanbháis go deo agus ag seoladh taípeántas nua, ceann i ndiaidh a chéile, ní bhainfinn leath an oiread cainte as an bpobal agus a bhain 'Cré na Cille' le Amharclann na

Mainistreach nó ceann ar bith de gheamaíreachtaí an Phléaráca!

Cé go bhfuil tábhacht le áiseanna eile d'ealaíontóirí, caithfear tús áite a thabhairt do chuspóir amháin agus an méid seo a bhaint amach ar dtús. Bhí trácht ar ionad cónaithe a thógáil d'ealaíontóirí i dTeach Gairfean le deireanas, agus níl locht air sin (mura bhfuiltear ag súil le rabharra fostaíochta as), ach i ndeireadh na dála ba gheall é sin leis an gcear a chur roimh an gceapall (nó cóiste mór óir a chuir roimh an asal sa gcás seo), mar ba chuma cé na saothair mhóra drámaíochta a scríobhfaí i dTeach Gairfean nó in Eanách Mhic Dheirg nó in áit ar bith eile dá shórt, ní fiú deich triúf iad mura bhfuil amharclann ann ina gcuirfí ar stáitse iad, agus pobal féachana ann a d'fhreastalódh orthu. Níl le déanamh againn ach tabhairt faoi.

Nead Síoda

ART & TEXTILE DESIGN STUDIO

Dearthóireacht teicstíle, dathú éadach lámhphriondálte, péintéireacht & fíodóireacht

Taipéisí, pictiúir, cartáí, marcleabhair, gach cineál brontanas speisialta

Hilarai Nic Cába,
Dearthóir Teicstíle
091-595314

Cois Locha
Gleann Mór
An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

Teach a' Daingin

Béal an Daingin, Conamara
091-572502

DEOCH & BIA
GACH CINEÁL CÓISIR

anseo, is beag áis eile atá ann leis an bpéintéireacht a chur inár láthair. Cé go bhfuil pubannaí ann ina gceantar an ceol, agus hallaí pobail ann ina n-eagraítear féilte ceoil is amhránaíochta (sna hamantaí sin nach mbíonn siad ag cur thar maol le Gaeilgeoirí), ní leor iad ar chor ar bith. Ainneoin go bhfuil stáisiún teilifíse náisiúnta lonnaithe i mBaile na hAbhann, stáisiún raidió i gCasla, irisleabhar míosúil i nDoire Né agus nuachtán seachtainiúil ar an gCeathrú Rua, níl rud chomh bunúsach i nGaeltacht Chonamara is amharclann. Bíodh is gur féidir le muintir Chonamara pictiúir a fheiceáil i ngailearaí, gur féidir leo leabhair agus nuachtáin a léamh



(Thuas): Buíon áitiúil den LDF á iniúchadh ag an Aire Cosanta, Oscar Traynor, le linn an tarna cogadh domhanda. Ag siúl taobh leis tá Joe Johnny Ó Neachtain agus coismeig taobh thiar dóibh tá Seán Ó Domhnalláin (Maigh Cuilinn) agus Pádraig Ó Ciardha (An Cnoc).
(Thíos): Seó talamhaíochta an Spidéil sna caogaidí *Séamas Ó Cualáin a chur an dá phictiúr ar fáil*



Bliain na gCearta Sibhialta i gConamara

“If anybody was entitled to march and protest for their civil rights it was the nation’s Irish speaking community”

[Máirtín Ó Cadhain, ag labhairt dhó i UCD ar an 10/3/69]

Mar a thosaigh sé

Tríocha bliain ó shoin bhain Peadar Mac an Iomaire creathadh as an rialtas. Bhailigh sé 1522 vóta i nDáilcheantar Ghaillimh Thiar san ollthoghchán i 1969, ar son Gluaiseacht Chearta Sibhialata na Gaeltachta, eagraíocht a bunaíodh 2 mhí sar a fógraíodh an ollthoghchán. Is ag cruinniú poiblí a tionóladh ar an Domhnach 23 Márta i Seanscoil an Chnoic, a bunaíodh Cumann Chearta Sibhialta na Gaeltachta, mar a ghlaodh air ag an am. D’eascair an cruinniú as agóid, ag Teach Furbo (Connemara Coast Hotel a thugtar ar anois) cúig lá roimhe sin. Eagrán den clár teilifíse Quicksilver — seó quiz i

mBéarla - a bhí dhá thaifeadadh ag RTÉ san óstán. Mar agóid in éadan RTÉ ag déanamh clár i mBéarla sa Ghaeltacht, d’eagraigh baill de Chumann Forbartha Chois Fharraige agus baill de Chonradh na Gaeilge i nGaillimh picéad ar an óstán agus cuireadh ceathrar isteach le cur as don teilifísiú. Socráodh an oíche sin tíocht le chéile an Domhnach d’ár gcionn.

Ar an Domhnach bhí an seomra ba mhó sa Seanscoil ag cur thar maoil. Peadar Mac an Iomaire a bhí sa gcathaoir. Pléadh go leor fadhbanna a bhí ag pobal na Gaeltachta i gConamara, idir cúrsaí teangan, easpa seirbhísí bunúsacha ar nós uisce agus easpa fostaíochta. Léadh litir ó Dheasún Fennell, fear a bhí

tagaithe chun cónaí go Maighinis lena bhean Mary tamall roimhe sin, ag moladh “Údarás Áitiúil don Ghaeltacht” a bheith mar chéad cloch ar a páidrín ag aon eagraíocht nua a bhunófaí. Socráodh dul ar aghaidh le bunú Cearta Sibhialta na Gaeltachta agus toghadh coiste. B’as ceantar an Chnoic do na hoifigigh go léir - Peadar Mac an Iomaire, Ruaidhrí Ó Tuathail, Pádraig Ó Coincheanann, Tomás Ó Ráighne, Joe Steve Ó Neachtain agus Maidhc Beag Ó Conghaile. Toghadh na hionadaithe ceantair seo leanas chomh maith: Joe Sheáinín Ó Tuairisg (Carna, áit a raibh sé ina chónaí ann ag an am); Seosamh Ó Cuaig (Cill Chiaráin); Tom Conroy (Ros Muc); Josie Gibbons (Camus); Coilmín Tom Ó Donncha (Tír an Fhia); Ruairí Ó (Thuas) An picéad taobh amuigh de Teach Furbo, mí na Márta 1969. Is as a d’eascair an cruinniú ag a bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta 1969



Conchúir (Leitr Móir); Willy Pháidín Mac Donncha (An Cheathrú Rua); Micheál Mac an Iomaire (Ros a' Mhíl); Peadar Cháit Ó Conaola (An Tulach); Pat Willy Mac Donncha (Na Minna). Tá sé suntasach nár roghnaíodh an oiread is bean amháin ar an gcoiste de seiseir déag. Ach ba dhaoine óga sna fichidí a bhformhór.

Go gairid ina dhiadh sin tugadh cruinniú le chéile i nDoire Né, ag a socraíodh liosta aidhmeanna don ghluaiseacht nua. Bhí "Údarás Áitiúil Pleanála agus Forbartha d'Iarchonnacht - Gaeltacht Chonamara" ar an gcéad cheann agus bhí "Raidió Áitiúil don Ghaeltacht" ar an gceann deireannach.

Mí tar éis a bunaithe thaisteal Cearta Sibhialta go Bleá Cliath le picéad a chur ar Theach an Chustaim, áit a raibh cruinniú ar bun idir Rúnaí Parlaiminte na Gaeltachta, Pádraig Faulkner T.D.; an tAire Rialtais Áitiúil, Kevin Boland T.D. agus ionadaithe óna Comhairlí Chontae Gaeltachta. D'oibrigh an agóid. Scaoileadh isteach toscaireacht ón bpicéad chun a gcuid éilimh a chur os comhair Pádraig Faulkner T.D., an Rúnaí Parlaiminte ar Roinn na Gaeltachta. Pléadh Údarás Áitiúil don Ghaeltacht; scéimeanna uisce; céibh nua Ros a' Mhíl, a raibh baol mór ag an am gur i nGaillimh a thógfaí é; fadhb na dteacsleabhair Ghaeilge sa Ghaeltacht;

cead pleanála dhá dhiúltú do mhuintir na háite; praghas na móna sa stáisiún móna i Scríb agus nithe eile.

Tugadh neart poiblíochta sna meáin náisiúnta don agóidíocht agus dona ráitis éagsúla a d'eisigh Chearta Sibhialta na Gaeltachta. Bhí ceist na Gaeltachta ardaite agus dhá plé go poiblí agus go forleathan don chéad uair le fada an lá. Mar a dúirt Seosamh Ó Cuaig san Irish Times i 1975 "Mhair muid ar feadh cúig bhliana ar bhlaisteanna flaithiúla poiblíochta ar mhór an sásamh croí iad go pearsanta ach ar bheag a dtairbhe nuair nach raibh an téagar ná an gníomh ag cur leo go minic."

(A chlé) Máirtín Ó Cadhain ag tabhairt faoi Fhianna Fáil agus an neamart a bhí déanta acu ar an nGaeltacht, ag cruinniú poiblí ar an bhFaiche Mór i nGaillimh, le linn an fheachtais toghchánaíochta i 1969. Taobh leis tá iarrthóir na gCearta Sibhialta, Peadar Mac an Iomaire, Frank Flannery agus Seán Ó Tuairisg, an craoltóir. Tá muid buíoch do Sheán Ó Tuairisg as ucht an ghrianghraf a chur ar fáil dúinn.

polasaithe raidiciúla ar chlé chun cinn agus ag deimhniú nach nglacfaidís páirt i gComhrialtas. Fine Gael ag gealladh go gcuirfidís deire le "Gaeilge Éigeantach" sa Státseirbhís agus san Ardeist. Neart salachair dhá chaitheamh faoi thalamh a dhíol Charlie Haughey (F.F.) agus talamh a dhíol Justin Keating (Lab). Blaney ag cur i leith Labour go raibh siad i ngreim ag Cumannaigh. Sa toghchán níor sheas ach 27 iarrthóir neamhspléach, ina measc bhí Proinnsias Mac Aonghusa ag seasamh ar son na Gaeilge i nDún Laoghaire, agus bhí an fear óg Peadar Mac an Iomaire ag seasamh ar son na Gaeltachta i nGaillimh Thiar.

"Mac an Iomaire himself is a slightly paunchy 24, a fresh faced, almost cherubic, native speaker who drives an ancient Volkswagon. His home is among the graveyard-like fields which surround Inverin on the west Galway coast. . . . This is the Connemara Gaeltacht, launching pad for 5,000 adult emigrants in the 10 years between 1956 and 1966." Sin é an tuairisc ar Pheadar a thug an t-iriseoir Michael Heney san Irish Times roimh an toghchán.

Is cinnte go raibh scrios déanta ar phobal Chonamara ag sruth imirce na gcaogaidí is na seascaidí. Do réir taighde a rinne Colm Ó Donncha ní raibh in Éirinn ach 10% dena páistí a rugadh i gCeantar na nOileán (Gorumna agus Leitir Mealláin) idir 1940 agus 1949. Bhí beagnach 80% acu i Sasana. B'é seo ba mhó a spreag an glún óg i gConamara chun Cearta Sibhialta a iarraidh dá bpobal dúchais, a raibh díothú in ndán dhó, mura ndéanfaí rud éicint.

Olltoghchán 1969

"Ní dhéarfá mé faoi anseo ach gur thosaigh muid gan pinn airgid, gan aon eagar ná aon eagra arbh fhiú trácht air, gan aon eolas againn ar chúrsaí toghcháin, sa Dáilcheantar is duibhe Paisleyúla Fianna Fáil sa tír."

Máirtín Ó Cadhain, 'Gluaiseacht na Gaeilge, Gluaiseacht ar Strae'

Dhá mhí tar éis bunú Chearta Sibhialta na Gaeltachta, d'fhógair an Taoiseach, Jack Lynch, go mbeadh toghchán ann ar an 18 Meitheamh. Feachtas gearr binbeach gránna a bhí ann. Jack Lynch, ag troid a chéad toghchán mar Thaoiseach. Páirtí an Lucht Oibre ag cur

lár na seascaidí, thánadar go Conamara le cúnaimh a thabhairt leis an bhfeachtas: Seán Ó Laighin, Cian Ó hÉigearthaigh, Seán Ó Beacháin agus Séamas Ó Tuathail. Bhí cleachtadh áirithe bailithe ag Misneach ón tacaíocht toghchánaíochta a thug siad don poblachtánach neamhspléach Joe Christle, a sheas i mBaile Átha Cliath i 1965.

Chuir Seán Ó Beacháin eagar ar an gcanbhasáil i gConamara. Rinne Séamas Ó Tuathail, a bhí ag an am ina eagarthóir ar an United Irishman (nuachtán míosúil Shinn Féin, ag an am) na preasráitis a ullmhú. I measc na ndaoine eile a tháinig anoir don feachtas bhí an poblachtánach Seán Ó Cionnaith, atá gníomhach go polaitiúil i mBaile Munna i gcónaí; Pádraig Ó Snodaigh, an fhoilsitheoir Ghaeilge; an craoltóir Seán Ó hÉalaithe ó Dhoire, a léiríonn clár tráthnóna ar RnaG faoi láthair aige; Alan Titley, an scríbhneoir is an scoláire Ghaeilge; Colm Ó Laoghaire, fear mór scannán agus ó Chorcaigh tháinig an gníomhaí teanga Séamas Rúiséil.

An Feachtas i nGaillimh Thiar

"Is ar éigean a fuair muid cabhair dhá laghad, airgead ná eile, ó Ghluaiseacht oifigiúil na Gaeilge ná aon chuid dhe. I lár an toghcháin ba éard a bhí ag cur inní ar Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge "cé a bhí taobh thiar de Mhac an Iomaire?" I leaba sputnik Rúiseach fuair siad amach gurb é an sagart áitiúil a d'ainmnigh é agus gur thug an sagart eile sa bparóiste an halla agus óstachas agus eile dúinn."

Máirtín Ó Cadhain, Comhar, Lúnasa '69

B'é an tAthair de Bláca, a bhí ina sheiplíneach ar an gCnoc ag an am, a d'ainmnigh Peadar Mac an Iomaire agus chuir an sagart paróiste an tAthair Tadhg Ó Móráin, Halla na Tulaigh ar fáil don feachtas. Thug sagart eile an tAthair Micheál Ó Flannabhra, seiplíneach i dTír an Fhia ag an am, an tacaíocht chomh maith don feachtas. Ghoill an tacaíocht seo ar Fhianna Fáil agus labhair siad leis an easpag nua ar Dheoise Thuama, an Dochtúir Ó Cuinneáin ach dúirt cuid de na sagairt leis an easpag ag cruinniú leis, go raibh Cearta Sibhialta ag

iarraidh an pobal a shlánú agus go gcaithfidís tacaíocht a thabhairt dóibh.

Bhailítí gach tráthnóna tar éis canbhasála i Halla na Tulaigh. Bhíodh buzz íontach ann. Daoine ag roinnt scéalta ar a chéile. Daoine ag tuairisciú tacaíocht láidir i ngach ceantar, cathair na Gaillimhe san áireamh. Dóchas ag méadú go raibh seans ag Peadar an suíochán a bhaint de Johnny Geoghegan. An Taoiseach séimh, Jack Lynch i mbun camchuiart timpeall na tíre agus an feachtas "Let's Back Jack" ag bailiú nirt. Na sluaite roimhe chuile áit. Fine Gael i bponc mar nach bhfuil Labour sásta dul i gComhrialtas leo.

Nuair a tháinig Jack Lynch go Conamara ar an Aoine roimh an toghchán bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Fáilte croíúil roimhe i gCárna, i mbaile Johnny Geoghegan. Ach sa gCeathrú Rua bhí lucht Cearta Sibhialta roimhe ag iarraidh freagraí uaidh ar liosta ceisteanna, sar a dtabharfaí cead cainte do iarrthóirí Fhianna Fáil. "Cén fáth ar fhág 5,000 duine an áit ó 1956?" a bhí ar ceann dena ceisteanna agus "Cár cheap an Taoiseach a bhí an dream idir scór agus dhá scór bliain, i Sasana nó sna garrantaí?" a bhí ar cheann eile. Bhí telegram curtha roimhe sin ag Cearta Sibhialta chuig an Taoiseach ag iarraidh air seirbhís eitleáin saor in aisce a eagrú leis na daoine as Conamara, a bhí ar imirce i Sasana, a thabhairt abhaile le vóta a chaitheamh sa toghchán. Níor tháinig aon fhreagra ón Taoiseach ar an telegram. Níor fhreagair sé na ceisteanna a cuireadh air sa gCeathrú Rua agus níor tugadh cead cainte do iarrthóirí Fhianna Fáil.

An Spidéal an chéad stopadh eile a bhí leagaithe amach ar sceideal an Taoisigh. Ach ar an mbealach aniar ón gCeathrú Rua, polladh boinn an Ford Zodiac le táirní *felt* a bhí caite d'aonturas ar an mbóthair, taobh amuigh de Halla na Tulaigh, ceanncheathrú Chearta Sibhialta. Ar nuacht Teilifís Éireann an oíche ní raibh Jack Lynch ag breathnú chomh cathréimneach is a bhí oícheanta eile is ag ag breathnú síos ar an mbonn pollta. Tuairiscíodh an eachtra ar chéad leathanach na nuachtán náisiúnta, an lá arna mháireach. Cé gur eisigh Cearta Sibhialta ráiteas ag cur in iúl nach iad a rinne na táirní *felt* a chur ar an mbóthair, is ar na "Civil Rights" a cuireadh an locht, ní nach ionadh. Sna laethanta deireannacha den feachtas b'fhacbas dona canbhasóirí nach raibh an oiread fáilte rompu is a bhí



(Thuas) Stan Mac Eoin, Cinn Mhara, taobh amuigh den ionad vótála, Cill Rónáin, ag canbhasáil vóta do Pheadar Mac an Iomaire, ó Maggie Dirrane a bhain cáil idirnáisiúnta amach as a bpáirt sa scannán 'Man of Aran'.

roimh eachtra na dtáirní. Dúirt Peadar Mac an Iomaire liom go gceapann sé gur chailleadh thart ar 1,000 vóta de bharr na dtáirní. Má chailleadh, fuarthas poiblíocht náisiúnta íontach maith, ar an dtaobh eile den scéal, don feachtas agóideach toghchánaíochta a bhí ar bun ag Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta.

An oíche roimh lá an toghcháin, bhí Halla na Tulaigh beo leis an scéal go raibh an Teachta Dála ó Chárna, Johnny Geoghegan, th'éis báis go tobann. Cuireadh an locht ar Chearta Sibhialta faoin scéal bréagach a scaipeadh. Bhí ar Johnny é féin a thaispeáint ag an oiread bothanna vótála is a fhéadfadh sé, maidin lá an toghcháin, lena a chruthú don phobal go raibh sé beo i gcónaí. Tharla sé cheana i gConamara, le linn toghcháin 1948 gur bhásaigh an Teachta Dála Seán

Ó Catháin, ón gCeathrú Rua, an lá roimh toghchán. Tá sé ráite gur coinníodh a bhás faoi rún go raibh na vótaí caite mar go ndúirt De Valera, dá dtoghfaí an fear básaithe go mbeadh Fianna Fáil in ann an forthoghchán a bhuachaint gan stró. Níor toghadh é ach fuair sé a dhóthain vótaí agus é os cionn clár, leis an éarlas £100 a shábhailt.

Comhaireamh na Vótaí

"Deire seachtaine amháin choinnigh muid siar na Béarlóirí acmhainneach le haghaidh na Galltacht agus chua an chuid eile, aos óg, ceol, Caitlín Maude agus na works ar fad, lán báid acu, leis na hÁrannachaí a bhulldózáil... Bhí ollchrúinniú againn ar an bhFaiche Mhóir i nGaillimh ar an Satharn deire. Ba tour de force é."

Máirtín Ó Cadhain, Comhar, Lúnasa '69



Osclaíodh na boscaí i mBeairic na Rinne Móire. Lá fliuch gaothmhar a bhí ann. Fuair Peadar Mac an Iomaire 1,522 (6.4%) vóta sa gcéad chuntas i nGaillimh Thiar. Bhí sé go maith chun tosaigh ar Michael D. Higgins a fuair 1,174 (4.6%). B'é Bobby Molly a bhí sa gcéad áit le 6,709 (28.3%) vóta. Bhí laghdú mór i vóta Johnny Geoghegan ón 6,982 a fuair sé i 1965 go 4,923. Nuair a d'imigh Peadar Mac an Iomaire as an rása bhí 1,738 vóta carnaithe aige.

Tá sé spéisiúil breathnú ar na háiteacha is mó tacaíochta a bhí ag Cearta Sibhialta sa toghchán. As an 1522 vóta fuair sé 500 i gcathair na Gaillimhe - toradh ar an bpoiblíocht a fritheadh le linn an fheachtais. Fuair Peadar Mac an Iomaire 194 vóta ina áit dúchais ar an gCnoc agus 110 sa Spidéal, áit a raibh Seánín Joe Johnny (Seán Ó Neachtain) ag obair dhó. Fuair sé 88 vóta ar an dTulach, 36 sna Forbacha; 40 i mBearna; 67 i Ros a' Mhíl; 14 i Leitir Mór. Caitheadh 94 vóta le Peadar sa gCeathrú Rua in ainneoin an agóid mibhéasach a rinne Cearta

Sibhialta ann le linn cuairt Jack Lynch ar an mbaile. I dTír an Fhia fuair sé 188 vóta. Bhí beirt áitiúil ag tarraingt dhó ann, Joe Pheatsaí agus Michael Tom Ó Donncha agus chaith an séiplíneach áitiúil an tAth. Micheál Ó Flannabhra, cuid den lá taobh amuigh den scoil ag canbhasáil dhó. Chruthaigh Oileáin Árann thar chinn, an dá oileán bheag go mór mhór. Bhí 17 vóta ag Peadar in Inis Mór, 36 ar Inis Meáin agus 40 ar Inis Oírr.

Th'éis an Toghcháin

"An cruthú is fearr go ndeacha scéin iontu gur dearnadh dhá rúnaí pairliméid de theachtaí Fhianna Fáil, Íosagán in aireacht neamhurchóideach an Oideachais agus Geoghegan ina rúnaí páirliméid ar an dole."

Máirtín Ó Cadhain, Comhar, Lúnasa '69

Bhí idir áthas agus díomá ar Pheadar is a lucht leanúna leis an vóta a fuair sé. Bhí áthas orthu go raibh an seanmhúlna vótála i nDeisceart Chonamara briste acu agus go raibh cic sa tóin tugtha do

(Ar chlé) Slua ag éisteacht le Jack Lynch ag labhairt le linn feachtais toghchánaíochta 1969.

(Thíos) Billeogaí canbhasála Ghluaiseacht na gCerta Sibhialta

Fhianna Fáil, a raibh neamart déanta acu ar an nGaeltacht. Bhí rúinne díomá orthu chomh maith mar gur chreid siad go raibh suas le 3,000 vóta le fáil murach eachtra na dtáirní ar an dTulach.

Lean Cearta Sibhialta orthu ag eagrú is ag agóidíocht. Bunaíodh Saor Raidió Chonamara faoi Cháisc i 1970. Go míosúil foilsíodh Tuairisc, iris a raibh éileamh mór air. In imeacht na mblianta ina dhiaidh sin géilladh roinnt dena héilimh a bhí ag Cearta Sibhialta na Gaeltachta. Bunaíodh Raidió na Gaeltachta. Gealladh Údarás na Gaeltachta. Athraíodh na comharthaí bóithre go Gaeilge. Bogadh an tOireachtas amach as Bhleá Cliath agus tugadh ag an nGaeltacht é don chéad uair. Tógadh an Calaphort Iascaigh i Ros a Mhíl in áit Gaillimh.

Lean Peadar Mac an Iomaire agus a lucht leanúna ag obair ar mhaithe leis an bpobal. Bhíodar gníomhach i mbunú Comharchumann Chois Fharraige agus i mbunú Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara, eagraíocht a bhí ionadaíoch dena coistí pobail go léir sa cheantar. Ach nuair a tháinig an chéad toghchán eile i 1973, ní raibh siad ullamh lena aghaidh. Bhí sé curtha in iúl i bhfad roimhré ag Peadar Mac an Iomaire nach mbeadh sé ag seasamh. Ag an noimeid deireanach cuireadh Joe Sheáinín Ó Tuairisg ar aghaidh ach ní raibh an fuinneamh céanna sa bhfeachtas is a bhí i '69. Ní raibh eagar ró mhaith air ach an oiread. Agus ó thuaidh bhí deire tagaithe le agóidíocht na gCerta Sibhialta agus buamaí agus gunnaí tagaithe ina áit.

Cé nár éirigh le Cearta Sibhialta i dtoghchán 1973 ach leath den vóta a bhí ag Mac an Iomaire a chruinniú, mar sin féin bhí marbhfháisc Fhianna Fáil scaoilte. Bhí muinín ag pobal Dheisceart Chonamara cur ar a shon féin agus ní thar am.

Buiochas: Tá mé buíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh dom leis an alt seo a scríobh: Peadar Mac an Iomaire, Colm Ó Donncha, Ruaidhrí Ó Tuairisg, Séamas Ó Tuathail agus táim buíoch chomh maith do Sheán Ó Tuairisg a chuir an ghrianghraf breá ar fáil de Máirtín Ó Cadhain ag speecheáil.

Cúrsaí Teangan sa nGaeltacht

An scéal is mó atá i mbéal gach duine sa nGaeltacht le tamall, an méid Béarla atá dhá labhairt ag daoine óga i gConamara. Thug mé an cheist aníos i gcomhrá le daoine éagsúla lena dtuairmí a fháil agus rinne mé nótaí níos deireanigh maidir le gach a raibh le rá acu. Ní agallaimh a déanadh leo. Seo é a raibh le rá acu faoin nGaeilge ag tósnu lena daoine is sine ar labhairt mé leo:

"D'fhág mise an baile le slí mhaireachtála a bhaint amach i Sasana i dtús na seascadaí, cé go mbíodh muid ag foghlaim Béarla sa scoil agus go raibh roinnt tuiscint agam ar Bhearla, ní raibh mé in ann í a labhairt agus ba míbhuntáiste mór dhom é, bhíodh daoine as áiteacha eile sa tír a bhí sa mbád ceanna linn fhéin, ag breathnú síos orainn, thóg mise mo chlann i Sasana agus cé gur Gaeilge a labhairt mé fhéin agus mó bhean le chéile níor labhair muid Gaeilge lena

gclann, ní raibh rún againn ag an am a theacht abhaile, ach nuair a tháinig agus nuair a chuaigh na gasúir ar scoil anseo ní bhíodh go raibh neart Gaeilge acu, ach feictear dom go bhfuil athrú mór tagtha ar an gcanúint Gaeilge atá ag gasúir an lae inniu, níor mhaith liom go bhfaigheadh an Gaeilge bás ach ní fhaca me ariamh gur ag mhuintir Chonamara ba mhó a bhí buntáiste asti."

• • •

"Is Gaeilge a labhair muid ar nós chuile dhuine eile ag fás suas dhom. Nuair a thosaigh mé ag obair i nGaillimh i 1960 bhí sé cosúil le bheith i dtír eile agus bhíodh droch mheas ag lucht na cathrach ar mhuintir Chonamara, bhíodh faitíos orm an beagán Béarla a bhí agam a labhairt mar go mbíodh daoine ag gáire fúm. Phós mé fear nach labhraíonn Gaeilge agus thóg mé mo chlann le Béarla, tá athrú intinne orm anois agus aifeála mór nár labhairt mé Gaeilge le mo chlann, ceapann siadsan gur caillteanas mór dhóibh gan an teanga a bheith acu, agus faraoir níor thug mise an seans dhóibh. Tá a gclann anois ag freastal ar scoileanna gaelacha anseo sa gcathair. Is breá liom Raidió na Gaeltachta. Is saibhreas í an Ghaeilge ar chóir dhomsa agus do chuile dhuine eile a fuair mar oidhreacht í, meas a bheith againn uirthi, sé an trua nach raibh níos mo misnigh agamsa nuair a bhí mé níos óige. Ach mar sin fhéin ní mórán atá dhá dhéanamh do mhuintir Chonamara, ní chuireann sé iontas orm go bhfuil an drean óg ag tabhairt cúl don teanga. Ceard atá ann lena gcoinneáil ag baile, ní hiad na cainteoirí dúchasacha a fheiceann tú ar TnaG mar shampla. Tá go leor cur i géill ar siúl agus mí-úsáid as an teanga, mar shampla lucht gnó ag cur fógraí suas i nGaeilge, agus gan blas suime faoi an domhan ag an gcuid is mó acu sa teanga."

• • •

"Ní raibh mise as baile, ní bheadh aon mhisneach agamsa labhairt go poiblí i mBéarla, tá mé ceart go leor dhá scríobh mar bíonn níos mo ama agam cuimhniú ar an rud atá mé ag iarraidh a rá. Ní labhraíonn mo bhean Gaeilge, thóg muid a gclann le Gaeilge agus Béarla agus tá siad líofa i chaon teanga, nó bhí nó gur thosaigh siad ar scoil - ansin bhí siad ag teacht abhaile leis an nGaeilge galánta seo, chuir sé seo imní orm mar bhí an blas agus an chanúint nádúrtha a bhí acu ag athrú. Is dócha liom nach gcabhraíonn athrú ón gcanúint nádúrtha a fhaigheann

gasúr óg ag baile go dtí an Ghaeilge caighdeánach sa scoil leis an teanga, bíonn an gasúr measctha suas ina intinn. Is Béarla is mó atá le cloisteáil dhá labhairt ag gasúir anois, agus aríst Béarla galánta, meastú an é an teilifís is cúis leis?, tá cuid mhaith tuismitheoirí ag tógáil a gclann le Béarla sa gceantar seo. Níl fhios agam céard atá i ndán don teanga, tá an Béarla ag fáil an láimh in uachtar, is cúis imní é.

• • •

"Tá athrú mór tagtha ó bhí mise ag dul ar scoil sna caogaidí agus tús na seascadaí. Is i Sasana a rugadh mise, chuaigh mé ar scoil i gConamara sna seactóidí, bhí Gaeilge bhreá ag na gasúir eile ar scoil, cé go raibh roinnt tuismitheoirí ag labhairt Béarla lena gclann. lucht gnó srl.

Tá mé ag ceapadh go bhfuil an dá theanga ar chomhcheim agam, is Gaeilge is nádúraigh liom a labhairt, sí a labhraím ag baile agus ag obair, ach ní bheadh aon drugall orm labhairt i mBéarla. Rud a chuireann as dom, daoine a deireann - ní labhraíonn tusa Béarla cosúil le duine as Conamara, meastú an bhfuil fáth eicint gur cheart do mhuintir Chonamara canúint Bhéarla áithrid nó droch Bhéarla a bheith acu. Tá níos mó den aos óg anois, agus gasúir atá tógtha le Gaeilge iompaithe ar an mBéarla. Tá sé deacair a rá cén fáth, tá sé éasca milleán a chuir ar an teilifís, ní dóigh liom go bhfuil tada le déanamh aige leis. Tá níos mó dhá dhéanamh do ghaeilgeoirí taobh amuigh de na ceantair Ghaeltachta, cúrsaí Gaeilge, scoileanna lán Ghaelacha, naíonraí srl. ach sa nGaeltacht níl, go mór mór sna ceantair is láidre a bhfuil an teanga, níl fostaíocht ar fáil, tá scoileanna i mbaol a ndúnta de bharr laghdú daonra, is scolairí ón thaobh amuigh den Ghaeltacht is mó a bhfuil buntáiste acu as an nGaeltacht, tugann sé seans maith dhóibh torthaí maith a fháil ina gcuid scrúdaithe Gaeilge, agus na postanna is fearr a bhíonn ag imeacht sna Ranna Stait, Teilifís srl. a fháil. Cuireann na

Tuairimí eile a bhí ag daoine:

"Tá an saol difriúil anois tá Béarla mhaith anois ag chuile dhuine, níor chóir drugall a bheith ar dhaoine an Ghaeilge a labhairt, ach tá an rud sin ann go mbaineann an Ghaeilge le saol a bhí bocht, tá sé sin ann i gcónaí".

• • •

"An sean rud i gconaí- Tá dearcadh daingean ag daoine fós go bhfuil ceangal idir bochtanas, difhostaíocht agus an Cultúr agus Teanga".

• • •

"San áit is mó a bhfuil forbairt, is ann is mó atá Béarla dhá labhairt".

• • •

"Is mór an feall nach bhfuil forbairt agus teanga ar chomhcheim".

• • •

"Tá faillí déanta ag na Rialtais fostaíocht a chuir ar fáil sa nGaeltacht, dhá ndéanfaí é seo 30 bliain ó shoin bheadh daoine fanta ag baile agus ní bheadh an Ghaeilge ar fán".

• • •

"Tá daoine, daoine óga go mór mór ag piocadh suas droch Ghaeilge ó na meáin".

• • •

"Nuair a thagann daoine óga le chéile bíonn siad ag athrú, brathann sé ar an gcomhlúadar".

• • •

"Níl aon Ghaeilge ag a gcomharsan, nó níl sí dhá labhairt ag baile, ach labhairtear Gaeilge nuair atá sé riachtanach".

Coláistí Gaeilge mar shampla saoire agus caitheamh aimsire agus teacht le chéile ar fáil do fhoghlaimeoirí Gaeilge. Níl a leithéid seo ar fáil do mhuintir na háite. Tá an cás tugtha suas cheapaínn ag sean is ag óg, tá sé tugtha suas agam fhéin. Níl aon mheas ar chainteoirí dúchasacha, níl an Ghaeilge cheart acu. Bíonn daoine ón taobh amuigh anois ag ceartú ár gcuid

cainte. Tá chuile dhream ag caint ar shabháil na teanga agus na Gaeltachta, caifear na daoine a shabháil ón imirce, bíodh sé thar lear nó go dtí na cathracha trí obair agus áiseanna a chuir ar fáil sna ceantair bheaga ar fiú Gaeltacht a thabhairt orthu fós. Ach b'fhéidir go bhfuil sé ró-dheirneach, agus muna bhfuil fhéin tá faitíos orm go bhfuil líofacht agus canúint nádúrtha Chonamara gar a bheith caillte. Bille teangan, níl fhios agam, tá sé ró-dheirneach, ba chóir cuimhniú ar sin tríocha bliain ó shoin. Níl aon mhaith bille, teastaíonn gníomh práinneach."

• • •

"Chuaigh mise ar scoil sna ochtóidí, bhí go leor Béarla dhá labhairt ag na gasúir sa scoil! Náisiúnta ag an am, ní raibh sé seo amhlaidh san Iarbhunscóil. Fuair mise an-deacair é nuair a chuaigh mé ag Coláiste, go mór mór an chéad trí mhí, ach mar sin fhéin níor chuir sé seo aon athrú intinne orm faoi an teanga, is Gaeilge a labhraím más féidir chor ar bith é. Níor éirigh liom obair a fháil i gConamara, rinne mé go leor iarracht mar is ann a b'fhearr liom a bheith. Cuireann sé lag mhisneach orm an méid daoine óga a bhfuil cúl tugtha acu don teanga, agus tá faitíos orm go bhfuil sí i mbaol níos mó ná ariamh, ach níl milleán agam orthu mar caitear go dona linn go minic, tá sé cool Béarla a labhairt, ta sé cool Gaeilge a labhairt ach ní le canúint nádúrtha é. Tá sé cool agus tá glacadh leis an mBéarla briste a labhraíonn daoine ó thíortha eile, ach mas canteoir ó dhúchas as Conamara thú le Béarla briste nó canúint is *culshie* nó *from the bog* thú. Tá an mhilleán ar Rialtas na tíre agus ar na páirtithe eagsúla agus ar na hÚdaráis atá ag feidhmiú sa nGaeltacht mar níl tada dhá dhéanamh acu do mhuintir na Gaeltachta. B'fhéidir gur dúshlán na nÚdaráis atá tuismitheoirí agus aos óg na Gaeltachta a thabhairt. Níl aon fhreagra réidh ar an gcéist, ach tá rud éigint dearfach le déanamh gan mórán moille a thabharfas misneach do phobal na Gaeltachta, sé sin muna bhfuil sé ró-dheirneach. Tá go leor cur i géill ar siúl i dtaobh na Gaeilge, tá chuile dhuine baúil más fíor dhóibh féin, ach go leor den dream sa bpobal ar chóir a bheith ag tabhairt dea-shampla, an Gaeilge a labhraíonn siadsan lena gclann?"



Triúr deirfiúr ag Féile anDoilín, Máire, Áine agus Bridín Ní Churraoin, Ros an Mhíl, Lúnasa 1988

Pléaráca Teo – Clár Oibre 1999- 2000

Ceardlanna:

Deireadh Fómhair - Nollaig & Feabhra - Cáisc

- Scribhneoireacht Chruthaitheach
- Peintéireacht
- Patchwork agus Cuilteáil
- Déanamh Cuirtíní
- Fíodóireacht
- Caoladóireacht
- Potadóireacht
- Cníotáil- Leanacht pátrúin
- Taipéis/Bróidnéireacht
- Maisiú Bláthanna tirime
- Grianghrafadóireacht
- Damhsa Chruthaitheach

Beidh cruinniú agus clárachán ag 8i.n. i:

Ros Muc:

Ionad Fiontair, Dé Luain 11/10/99

Cill Chiaráin:

Ionad Pobail, Dé Máirt 12/10/ 99

Camus:

Ionad Pobail, Dé Ceadaoin 13/10/99

Loch Con Aortha:

Sa Scoil, Dé Ceadaoin 14/10/99

Taispeántais Ealaíne & Ceardaíochta

Clár Ealaíona don Óige

Turais Eolais Ealaíona agus Ceardaíochta - Nasc Ban

Oícheanta Áirneáin Tigh Pheadair Mhóir

ar an gCéad Aoine de gach Mí, ó Deireadh Fómhair go Bealtaine.

Aonach Ceardaíochta na Nollag

Ionad Fiontair Ros Muc. Dé Domhnaigh

12/12/ 99

Ábhar ó na ceardlann- cuilteanna agus earraí láimhe, earraí cniotáilte, cartáí Nollag, cácaí Nollaig, plandaí, coinnle, leabhra srl. Beidh fáilte roimh an bpobal a gcuid earraí a dhíol ag an Aonach.

Seoltóireacht ar an leathbhád An Colmcille

Cúrsaí seachtaine agus Deireadh Seachtaine do dhaoine óga agus do dhaoine fásta
Glacann an fhoireann ar chúrsa seachtaine páirt sna geallta bád ag na féilte ag an deireadh seachtaine.
Gnéithe den tseoltóireacht a chlúdítear ar Chúrsa Seachtaine

- Sabháilteacht ar an bhfarraige
- Rialacha Seoltóireachta
- Eolas faoi mharcanna talún
- Eolas faoi an ngaoth, na taoillí agus sruthanna
- Téarmaíocht a bhaineann le báid agus seoltóireacht
- Gabháil an bháid
- Tacáil an tseoil
- Crochadh an tseoil
- Lásáil
- Stríocadh agus go leor eile.

Clár Speisialta Seoltóireachta do na hIarbhuinscoileanna sa trathnóna

13 - 17 / 20 - 24 Meán Fómhair '99 ón 5.00 - 7.00i.n. - Táille £2

Oícheanta Seanchais:

Eolas agus plé ar obair agus stair na mbád agus saortha bád .

Ceardlann agus Imeachtaí do Fhir sa bPobal:

Ba mhaith linn eolas a fháil maidir le ceardlann agus imeacht 'aí eile a mbeadh éileamh orthu- mar shampla: Adhmadóireacht, Tógáil Curach Canbháis, Táthú, Cúnamh le Mapaí agus Foirmeacha Bólachta agus Talamhíochta. Scileanna Físeán, Caoladóireacht, Turais Eolais agus Imeachtaí Sóisialta.

Geamaireacht an Phléaráca 'Neum Neum'

Dhá Léiriú ag an Oireachtas sna Déise 29/10/99

Oideachas Aosach:

An Bhfuil Scríobh agus Léamh agat? Déanfaidh muid socrú dhuit le teagascóir atá traenáilte le scríobh agus léamh a mhúineadh do dhaoine fásta a bhfuil an deacracht seo acu. Tá an tseirbhís seo rúnda agus is feidir gach eolas a fháil ó Mheta Uí Mháille ag 091-574346.

Scéim Fostaíochta Pobail:

Traenáil agus Scileanna sna hEalaíona

Ionad Lae na Seanóirí:

Cuireann Pléaráca agus an Scéim Fostaíochta Pobail cúnamh agus tacaíocht ar fáil don Ionad Lae i Ros Muc.

Seirbhísí eile atá ar fáil don Phobal agus do Choistí Deonacha:

Trealamh Físe/ Fuaim ar léas ar chostas réasúnach.
Seirbhísí Oifige, Rúnaíochta, Fótócóipeála.

Gach eolas ó: Oifig Phléaráca Teo. 091-574346 / 574021

Cuirfear Fáilte Uí Cheallaigh romhat chuig

TÍR na nÓg
INDREABHÁN

Ceol agus Craic

Fón: 593853

TIGH DICK

An Tulach, Baile na hAbhann.

Teil: 091-593156

Úinéir: Eoin Ó Dúrcáin


Grósaeirí - Gás - Nuachtáin - Péint

Go n-éirí le Féile an Phléaráca

Gradam an Phléaráca



Is é Michael Mháire Ghabha a fuair Gradam an Phléaráca i 1998



Réamonn Jimmy Mac Donncha

Na Jimmy's

Beidh bronnadh dá dhéanamh ar Chlann Mhic Dhonnacha nó Na Jimmy's, curaidh rámhaochta Inis Mhic Cionnaith i nGalimara, Eanach Mheáin ar an Satharn 18 ag 4.30 i ndiaidh Maratón na gCurach. Bhí chúig dhuine dhéag sa gclann seo a tógadh ar an oileán, naonúr dreacháir - Pádraig, Michael, Réamonn, Máirtín, Séamus, Cólín, Johnny, Peter agus Dara agus seisear dreifíur - Nóra, Maggy, Máire, Neain, Kate agus Bríd. Tá triúir de na dreacháireacha ar shlí na firinne anois, Pádraig, Máirtín agus Dara. Bhí siad uilig ábalta sna currachaf agus bhíodh foirne acu i gconal sna rásaí.

Beidh scannán a rinne Maidhc P. Ó Conaola faoi, clann dá thaispeáint i nGalimara ar an lá chomh maith le sleamhnáin le Éamon de Buitléir. Déanfar bronnadh ar Chlann Mhic Dhonnacha thar cheann Phléaráca ag an ócáid.

Lá Spóirt ar Pháirc Chamuis

Dé Domhnaigh 19ú; 2.00 i.n.

Bíonn an lá anseo agus comórtais ann do gach aoisghrúpa óna naíonraí ar aghaidh. Seo cuid de na comórtais:

Rása an Tower: Seo rása 7 míle do dhaoine fásta. Bronntar Corn Phat a' Mháille ar an mbuaiteoir.

Comórtas Caitheamh Meáchain 24pt: Bronntar Corn Bhearthla Breathnach ar an mbuaiteoir.

Rása Rothar Sléibhe thimpeall na páirce.

Comórtas Tarraingt Téide: Seo comórtas do fhir agus mná, bíonn ceathrar fear agus ceathrar ban ar chuire fhoireann.

Comórtas Peile do na Bunscoileanna

Comórtas Caitheamh Cruife do fhir agus mná.


Beidh Ógras ag glacadh páirt i gcuid de na himeachtaí.

Pléaráca Chonamara - Imeachtaí don Óige

Léitheoireacht, Déar.16ú: Beidh an scríbhneoir Colm Ó Raghallaigh ag léamh as a leabhar *Drochlá Ruairí* do ghasúir bunscoile na Ceathrún Ruaidh idir 1.00-3.00.

Léifidh Ré Ó Laighléis scéalta dá chuid féin agus tabharfaidh sé ceardlann scríbhneoireachta do ghasúir Choláiste Cholmcille idir 10.00-12.00 agus beidh sé i Scoil Chuimsitheach Chiaráin idir 1.30-3.30. Éigse Éireann atá ag déanamh urraíocht ar na himeachtaí seo.

Taispeántas Ealaíne 3D- An Mhaighdean Mhara, 17-19 Meán Fómhair: Tá sé seo bunaithe ar an scéal *An Mhaighdean Mhara* déanta ag gasúir bunscoile Chonamara. Beidh sé ar taispeántas sa gCrannóg, Ros Muc. Beidh Scoil an Chnoic, Leitir Mealláin ag léiriú dráma faoin Mhaighdean Mhara sa gCrannóg ar an Aoine 17 Meán Fómhair.



Ceilí agus Dioscóg don Óige
Aoine 17ú 9.00 i.n. - Is i Halla Éinne ar an gCeathrú Rua a bheidh sé seo agus sé Ciabhán Ó Murchú (Ros na Rún) an D.J. Beidh busanna ag teacht ó Cheantar na nOileán, An Spidéal, Camus, Ros Muc agus Cill Chiaráin.

Taispeántas Sacair. Dé Satharn 11.30 do chuire aoisghrúpa ar Pháirc an Chathánaigh, An Cheathrú Rua. Siad Cumann Sacair Nis as Albain a bheas ag tabhairt an taispeántais. Beidh cluiche sacair ag 2.30 idir Cumann Mhac Dara agus na hAlbanaigh.

Comórtais na nÓg sa gCrannóg, Ros Muc, Dé Satharn 18ú 1.30-5.00: Beidh na comórtais seo leanas ann: Amhránaíocht ar an Sean-nós, Damhsa ar an Sean-nós, Rogha Uirlis Ceoil agus Scéalaíocht. Is dhá roinn a bheidh ann, ceann do ghasúir bunscoile agus ceann do ghasúir iarbhunscoile. Sí Sibéal Ní Mháille a bheas ina bean an tí.

Blitz Iomána don Óige, Dé Domhnaigh, 3.00 ar Pháirc na bhForbacha: Comórtais do fhoirne as Conamara faoi 12 agus faoi 14. Glacann Maigh Cuilinn, Indreabhán, Na Forbacha agus Ros Muc páirt ann. Tá buansciath le fáil ag na buaiteoirí i 'chaon aoisghrúpa agus bronnfar bonn ar chuire ghasúr a ghlacann páirt.

Comórtas Damhsa ar an Sean-nós

An Chistin, Dé Céadaoin 15, 8.30

Tarraingíonn an comórtas seo slua mór chuire bhliain sa Chistin ar an gCeathrú Rua. Ó thosaigh an fhéile tá méadú suntasach tagtha ar an líon daimhseoirí ar an sean-nós a chuireann isteach ar Chorn Mháirtín Beag Uí Ghriofa agus is breá a fheiceáil go bhfuil níos mó den dream óg ag cur isteach ar an gcomórtas chuire bhliain. Beidh athrú ar an gcóras moltóireachta i mbliana. In áit moltóir a bheith socraithe roimhré le teacht chuig an gcomórtas, sé'n chaoi a roghnófar painéal moltóirí as an lucht féachana a bheidh i láthair. Ar an gcaoi seo beidh tuairimí go leor daoine dá gcur le chéile chun teacht ar an mbuaiteoir. Ba cheart go mbeadh an córas nua seo spéisiúil do chuire dhuine agus go mbeidh an oíche ann. Sé Colm Ó Méalóid as Rath Cairn a bheas ina fhear a tí agus ar ndóigh damhsaíonn sé féin corr steip freisin.

Óstán an Dóilín

An Cheathrú Rua
091-595177/595169

Rogha an Óil - Togha an Cheoil

Oscailte ar feadh na bliana
Ceol gach deireadh seachtaine

Déanfar freastal ar gach cineál ócáid cóisir nó bainis



Angela Schmolke, Artie Thornton, Mary Ann Connolly, Siuliana Abscali, Danny Wallace, Gwyn Uí Ghaora, Jackie Mulvey, Micheál Ó Ceallaigh, Mick Moynihan, Darach Ó Scolai, Barbara Dirrane, Anne Hewey

Ealaín ar Chriarthach

Crosbhóthar na Tulaigh; 13-19 Meán Fómhair

Mar gheall ar chomh maith 's a d'éirigh leis an taispeántas seo anuairaidh, beartaíodh é a eagrú arís i mbliana. Tá 19 ealaíontóir as Conamara agus Árainn ag glacadh páirt i mbliana. Beidh na painéil a bhfuil a gcuid saothair péinteáilte orthu le feiceáil arís ag Crosbhóthar na Tulaigh. Is chun deis a thabhairt do chuire dhuine obair ealaíne a fheiceáil a reachtáiltear an taispeántas seo amuigh faoin aer, mar go mbíonn formhór an phobail drogallach cuairt a thabhairt ar dhámhlanna. Siad na healaíontóirí a bheidh páirteach ann ná:

Máire Ní Naidh, Daithí Ó Madáin, Mike Moynihan, Eilís Ní Mhaoláin, Paula Ní Chualáin, Eimear Uí Riagáin, Darach Ó Scolai, Danny Wallace, Gwyn Uí Ghaora, Anne Henry, Angela Schmolke, Mary Ann Connolly, Siuliana Abscali, Artie Thornton, Micheál Ó Ceallaigh, Phil Ó Flatharta, Jackie Mulvey, Barbra Dirrane agus Fionnuala.

Beidh an taispeántas dá sheoladh go hoifigiúil ag an Oíche Áirneáin, Tigh Pheadair Mhóir ar an Máirt 14 ag 8.30.

EUROPUS

AN COMHLUCHT TEANGA

Comhairleoireacht Teanga

Aistriúcháin

Fotheidealú

Aistriúcháin Comhuaineach

EUROPUS TEO

1 Sr. na Mumhan
Baile Phib
Baile Átha Cliath 7

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Teil: 01-830 4529
Faics: 01 830 6611,

Teil: 091-595359
Faics: 091-595351

Ríomhphost (e-mail) europus@indigo.ie
http://indigo.ie/europus/

Siúirthóir: Áine Ní Chonghaile

Abair ceart é - abair trí Europus é

Ceangal: Nis - Conamara

Mar chuid den tionscnamh Ceangal: Nis - Conamara beidh grúpa de 35 Albanach ag teacht go Conamara i rith na féile. Is as Nis in Oileán Leodhais na hAlban iad, áit a labhtar an Ghádhlig go flúir-seach. Is iad Donald John ó Chomhairle Nan Eilean Siar, Peadar Ó

Maoláin, Údarás na Gaeltachta agus Colmán Ó Flatharta ó Sheirbhísí Spóirt Chonamara a tháinig le chéile ar dtús chun an ceangal seo idir Conamara agus Oileán Leodhais a chruthú. Mar gheall ar na cosúlachtaí atá idir Nis agus Conamara - ceantair láidre tuaithe a bhfuil an teanga agus an cultúr ag teacht ón mbunús

Ceilteach céanna, socraíodh go ndéanadh an dá phobal ceiliúradh le chéile ar an mhílaois. Is as sin a tháinig an tionscnamh Ceangal: Nis - Conamara. Tabharfaidh muintir Chonamara cuairt ar Oileán Leodhais in Iúil 2000.

Beidh idir cheoltóirí, amhránaithe agus scéalaíthe i measc an ghrúpa. Tá an-suim acu páirt a ghlacadh sna himeachtaí ar fad a bheas ar bun agus de bhrí gur as oileán iad tá an suim acu sna himeachtaí farraige. Tabharfaidh siad Taispeántas Sacair ar an Satharn 18 ag 11.30 ar Pháirc an Chathánaigh, An Cheathrú Rua. Beidh fáilte roimh chuire aoisghrúpa. Ag 2.30 beidh cluiche sacair acu in aghaidh Cumann Mhac Dara na Ceathrún Ruaidh. Beidh trathnóna speisialta dá n-eagrú ina n-ónóir i gCeantar na nOileán ar an Domhnach 19. Beifear dhá dtabhairt amach ag seoltóireacht i gCuan Chaisín agus ina dhiaidh beidh ceol agus craic in Óst na nOileán. Beidh ceoltóirí an Fhámaire ag ceol anseo agus déanfar bronnadh ar mhuintir Nis.

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

PLANDAÍ AGUS CRAINTE LEATHPRAGHAS

An Cheathrú Rua
Fón: 091-595154/595169 Faics: 091-595154

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Óstán Chuan Charna

Fón: 095-32255
Faics: 095-32530

Ríomhphost: carnabay@iol.ie
www.iol.ie/~carnabay

Tá fáilte romhat!

PLÉARÁCA CHONAMARA

Dé Luain 13

8.00in: **Oscailt Oifigiúil**
le Liam Mac Con Iomaire

Ina dhiaidh:
Oíche na nDamhsóirí
Teach an Daingin
Béal an Daingin

Fear an Tí:
Máirtín Tom Sheáinín

Ceoltóirí:
Joe Burke & Anne Conroy



Bronnfar **Gradam an Phléaráca** le linn na hoíche mar aitheantas ar an méid atá déanta ag an té a roghnófar thar na blianta le pobal Chonamara a chur chun cinn.

Dé Máirt 14

8.30in: **Oíche Cheoil**
Óstán Charna
le **P.J. & Marcus Ó hlarnáin**

8.30in: **Oíche Airneáin**
Tigh Pheadair Mhóir, An Bántrach
Seoladh Leabhair:
Filíocht agus Feannadh
le **Cóil Learaí Ó Finneadha**

Foilsithe ag Cló Iar-chonnachta

ELAÍN AR CHRIATHRACH

Taispeántas Ealaíona
ag crosbhóthar na Tulaigh ar feadh na seachtaine.

Painéil adhmaid péinteáilte ag ealaíontóirí Chonamara agus Árainn, seasta ar an bportach agus ar taispeáint do chuile dhuine a théann thart.

Buíochas le Tomás Ó Neachtain

Dé Céadaoin 15



8.30in:

COMÓRTAS DAMHSA AR AN SEAN-NÓS

An Chistin, An Cheathrú Rua;
Fear an Tí: Colm Ó Méalóid

9.00in: **Oíche Seanchais**
Scoil na hAirde Thiar, Carna
Fear an Tí:
Josie Shéain
Jeaic Mac Donncha

9.00in: **Seisiún Ceoil** le **Ceoltóirí ón mBád Seoil An Fámair**
Tigh Mhóráin, Carna

Déardaoin 16



Beidh an t-údar **Ré Ó Laighléis** ag léamh scéalta dá chuid

agus ag tabhairt ceardlainn scríbhneoireachta do dhaoine óga.
10.00 - 12.00: **Coláiste Cholmille, Indreabhán**
1.30 - 3.30: **Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua**
Urraithe ag Éigse Éireann



Drochlá Ruaidhrí
1.00 - 3.00in
Scoil Náisiúnta

na Ceathrún Rua
Beidh **Colmán Ó Raghallaigh** ag léamh scéalta do ghasúir na bunscoile.

9.00in: **Oíche Filíochta**
Teach Scríbe, Camus



Nuala Rua Ní Dhomhnaill,
Dara Ó Conaola,
Colette Nic Aodha, Aifric Nic Aodha,
Gearóid Mac Lochlainn

Fear an Tí:
Joe Steve Ó Neachtain
Urraithe ag Áras na Scríbhneoirí

Ceol le **Maigh Seóla**

9.00in: **Seisiún Ceoil** le **Ceoltóirí ón mBád Seoil An Fámair** agus aionna eile
Tír na nÓg
(Tigh Mháirtín Kelly)
Indreabhán

Dé hAoine 17

An Mhaighdean Mhara
10.00 - 3.00
An Chrannóg, Ros Muc
Taispeántas ealaíne 3D déanta ag gasúir bunscoile Chonamara agus Árainn, bunaithe ar scéal an Mhaighdean Mhara. Beidh gasúir An Chnoic, Leitir Mealláin, ag léiriú dráma bunaithe ar an scéal céanna.

9in-12.00
Céilí/ Dioscó



don Óige
Halla Éinne, An Cheathrú Rua
le **Ciabhan Ó Murchú**

Beidh busanna dá n-eagrú ón Spidéal, Ceantar na nOileán, Camus, Ros Muc & Cill Chiaráin.
Áirithint/Eolas: (091) 574341

8.30in:
Scoraíocht ó Rath Cairn BEARTLA Ó DOMHNAILL CEANN GOLAIM
Óstán an Dóilín,
An Cheathrú Rua

9.00in:
Ceoltóirí an Fámair
Inis Oírr

9.30in:
Comórtas Damhsa Beirte agus

Céilí

An Poitín Stíl, Indreabhán
le
MATT CUNNINGHAM
Comórtas Jiveáil,
Waltz ar an sean-nós,
Shoe the Donkey,
An Staicín srl.

Dé Sathairn 18

10.30-2.30in: **Seoladh Gleoiteog & Púcán**
ó Bhearna go dtí an Spidéal (Cúrsa triantán)
Ceol sa gCrúiscín Lán

11.30rn: **Taispeántas Scileanna Sacair** *Páirc an Chathánaigh, An Cheathrú Rua*
le peileadóirí ó Eileán Leodhais, Albain. Fáilte roimh gach aois!

2.30in: **Cluiche Sacair**
Macdara & Nis (Na hAlbanaigh)
Páirc na Ceathrún Rua

1.30-5in:
Comórtais na nÓg
An Chrannóg, Ros Muc
Bean an Tí: Sibéal Ní Mháille
Amhránaíocht ar an Sean-nós;
Damhsa ar an Sean-nós; Rogha uirlis ceoil; Scéalaíocht

3.00in:
Dánta Óige Chamuis
An Chrannóg, Ros Muc
á seoladh ag **Tom Sallí Ó Fiatharta**.
Seoladh leabhair: Micí ar an bPortach le Gwyneth Wynn (An Gúm)

2in: **Maratón na gCurach**
Trá an Dóilín go hEanách Mheáin

4.30in: **Na Jimmy's**
Galfmara, Eanách Mheáin
Fear an Tí:
Maidhc P. Ó Conaola
Taispeántas físteipe le hÉamon de Buítléir.
Ceol sa gClubtheach

Comórtas Tom Phaidín Tom

8.00in: *Tigh Chualáin, Coill Rua*
Amhránaíocht ar an Sean-nós
Fear an tí:
Máirtín Mac Donncha

8.30in: **NOEL HILL**
& cairde Ceoltóirí Áitiúla roimhré. *Halla Caisil*

8.30in: **Seoladh Leabhar Éiric Fola** le Colm Ó Ceallaigh, Foilsithe ag Coiscéim. *Óst na nOileán, Leitir Mealláin*

Dé Domhnaigh 19

11rn: **Aifreann an Phléaráca**
i Séipéal Leitir Móir le ceol & damhsa

TRÁTHNÓNA na nALBANACH

2.00 **Taispeántas Geallta Báid** i gCuan Chaisín
5.00 **Ceol & Craic** in *Óst na nOileán* le ceoltóirí **An Fámair**. Déanfar bronnadh ar na cuairteoirí Albanacha
9.30 **Bracken**
Óst na Oileán

2.00in: **Lá Spóirt agus Scléipe**
Páirc Chamuis

3.00in: **Blitz Iomána na hÓige**
Páirc na bhForbacha
Tuilleadh eolais: 091-592569

5.00in:
Comórtas Saighid & Pool
Tigh Hanley, An Droim


6.00in: **Siamsa na Seandaoine**
Áras Mhic Dara



9.00in:

BRÉAG

An Chéibh (Tigh Terry)
Ros an Mhil



Oíche na nDamhsóirí

Taispeántas Ealaíne le **ACH Ó SCOLÁÍ** san Dámhlann, An Spidéal, i rith na seachtaine

Dánta na nGasúir

An Púca

Chonaic mise púca inné.
Scanradh sé mé. Bhí sé gránna
Ach bhí sé ag caint liom go deas.
D'ith sé na briosaí orm agus é ag suigh
ar an teas.
Ansin chonaic sé ceann eile.
OOO a deir sé agus chuaigh sé síos an
staighre go mall
Agus d'ith sé an cáca a rinne Mamá
inné.
Dúirt Mamá Cé d'ith mo cháca?
An Púca a deir mé.
Dúirt Mamá Níl a leithéid do rud 'is
púca!
Chuaigh an Púca síos an bóthar
Agus sin deireadh leis na púcaí.

Seamus Ó Flatharta
Gleantrasna, Camus

Geimhreadh

Samhain, Nollaig, is Eanáir
Bíonn siad fuar
Bíonn sé dorcha go luath agus
an lá an - ghearr
Bíonn an ghaoth láidir
agus an bháisteach go trom
Bíonn na páirceanna fliuch
agus na crainnte lom
Ní bhíonn tada le nithe ag
éineacha an aeir
Bíonn ocras ar na beithigh
agus teastaíonn neart féir.

Neasa Ní Chualáin
Camus

Londain

Tá Londain go deas
Tá go leor cairde agam ann
Tá Londain an mhaith agus gnóthach
Bhí mé i scoil an mhór
Agus páistí go leor
Ach anois tá mé i mo chónaí in Éirinn.

Séamus Ó Conghaile,
Camus Íochtair
10 mbliain Rang 4

Santa Sáite sa Simléar

An oíche sin bhí Santa i dteach ceann
tuí
Fuair sé sáite sa simléar
An oíche sin bhí an fia
ag tabhairt cúnamh dó an oíche sin
Ní raibh sé in ann an oíche sin
gan an grian.
An maidin sin bhí Santa i bhfostú san
simléar
Tháinig an fia ar ais le le rópa
Agus thóg siad amach as an simléar é
an mhaidin sin.

Máirtín Ó Gríofa, Camus

Réaltaí

Bíonn réalta sa spéir gach oíche,
An mbíonn na réalta sa spéir gach lá?
Sin ceist a chuirim go rialta,
agus freagra
Ba mhaith liom a fháil.

Sailí Ní Eithir
11 bhliain d'aois, Camus Íochtair

Báid

Tá na báid sa chuan
Chuaigh mé ann ar an Luain
Bhí siad bán
Agus bhí siad lán
Tá na báid sa chuan
Chuaigh mé ann ar an Máirt
Tar éis cluiche dáirts
Ansin chuaigh mé amach ar an mart

Tá na báid sa chuan
Chuaigh mé ann ar an gCéadaoin
Agus ghortaigh mé mo mhéarín

Tá na báid sa chuan
Chuaigh mé ann ar an Déardaoin
Agus d'ól mé leath ghloine fuisce
Agus uisce

Tá na báid sa chuan
Chuaigh mé ann ar an Aoine
Agus bhí mo ghruaig liath
Agus chonaic mé feoil fia

Tá na báid sa chuan
Chuaigh mé ann ar an Satharn
Agus chonaic mé Darren
Bhí sé an-ghar dúinn

Tá na báid sa chuan
Chuaigh mé ann ar an Domhnach
Agus bhí luachair ag fás
Agus fuair sé bás

Agus sin deireadh mo scéilín
Agus ná bac le barr mo mhéarín!
Séan Óg Ó Confhaola
12 bhliain d'aois, Leitir Mucú

An Nollaig

Is maith liom an Nollaig, tá sé go deas
Tagann San Nicolás le bronntanas deas
Maraíonn muid turcaí chun dinnéar a
fháil.

Nuair a bhíonn an turcaí ag róstáil
bíonn

boladh breá sa teach. Sin é an fáth go
maith liom an Nollaig. Ach anois tá mé
mór agus tá fáth eile ann mar go
mbíonn mé ag dul ag an discó.

Sonia Ní Oibicín
10 mbliain, Leitir Mucú

Ní go minic a bhíonn deis ag gasúir rudaí cruthaitheacha a dhéanamh
agus iad ag freastal ar scoil. Mar chuid d'imeachtaí óige an Phléaráca i
mbliana, d'iarr muid ar Mháire Holmes sra th ceardlann filíochta a
dhéanamh sna bunscoileanna i gCamus agus Leitir Mucú. Bhí na gasúir
an ghníomhach leis na pinn agus na leabhair nótaí agus beidh torthaí a
gcuid saothair le léamh i bpa mhléid dánta a bheas dá sheoladh ag 3.00
ar an Satharn 18 Meán Fómhair sa gCrannóg, Ros Muc. Tugann muid
blas dá gcuid dánta anseo.



Lá Mór i dTeach an Phiarsaigh

Ón 5-11 Meán Fómhair beidh Seachtain Oidhreachtá dá
ceiliúradh i 40 tír ar fud na hEorpa. Mar chuid den cheiliúradh
seo, beidh Lá Oscailte i dTeach an Phiarsaigh, Ros Muc ar an
Satharn 11 Meán Fómhair faoi choimirce Dúchas.

Tosóidh na himeachtaí ag 11.30 le léacht a thabharfas Pat
Cooke ó Mhúsaem an Phiarsaigh dár teideal An Píarsach sa 20ú
Aois.

Ag 12.30, léifear Scéalta an Phiarsaigh chomh maith le píosaí ó
Scribhneoirí Ros Muc. Ag 2.30, léireoidh grúpa ó Phléaráca an
dráma Aisling.

Ag 3.30 tabharfaidh Róisín Ní Mhainín agus damhsóirí óga
eile taispeántas damhsa ar an sean-nós agus críochnóidh an
trathnóna le Seisiún Ceoil. Beidh saorchead isteach agus tá fáilte
roimh chuile dhuine.

Saotharlann Chonamara Teo

(T/A CONNEMARA LABORATORY SERVICES)

Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-574355
Faics: 091-574356

Déanann an saotharlann anailís ar bhia,
uisce agus eisilteach

Traenáil agus Taighde

Tigh Fhlatharta

CASLA

Beár & Siopa Grósaera

Teil: 091-572233



Casla,
Co. na Gaillimhe

Beidh Díolachán na
bPlandaí ar siúl ar feadh mí
an Mheán Fómhair



Óstán an Lake

UACHTAR ARD

Imirt Chártaí chuile oíche Dé Céadaoin
Bainiseacha agus Cóisir
Bia agus Deoch

Cuir glaoch ar Gerald agus Mary McDonnell
© 552233



Oíche Filíochta

Beidh oíche fhilíochta i dTeach Scríbe arís i mbliana mar chuid de fhéile Phléaráca Chonamara. Is ar an Déardaoin 16 a bheidh sé ar bun agus siad na filí a bheas ag glacadh páirt ann ná Nuala Rua Ní Dhomhnaill, Dara Ó Conaola, Colette Nic Aodha, Gearóid Mac Lochlainn agus Aifric Nic Aodha.

Mo Mhíle Stór

Nuala Rua Ní Dhomhnaill

I dtús mo shaoil do mheallais mé
i dtráth m'óige, trí mo bhoige.
Thuigis go maith
go bhféadfaí mo cheann a chasadh
le trácht ar chúirteanna aoldaite,
ar chodladh go socair i gcuilteanna
de chlúmh lachan,
ar lámhainní de chraiceann éisc.

Ansan d'imís ar bord loinge,
chuireas mo mhíle slán i do choinne.
Chuireas suas le bruíon is le bearradh

ó gach taobh; bhí tráth ann
go bhféadfainn mo chairde a
chomhaireamh
ar mhéireanta aon láimhe amháin,
ach ba chuma.

Thugais uait cúrsa an tsaoil
is d'fhillis abhaile.
Tháinig do long i dtír
ar mo leaba.
Chlúdaíos le mil thú
is chonac go raibh do ghruaig
fachta liath is díreach.

Fós i mo chuimhní

tánn tú bachallach,
tá dhá chocán déag i do chúl buí
cas.

Breandán

Colette Nic Aodha

Is cuimhin liom an chéad uair
a thug sé cic dom
'gus é in áras mo chléibhe
- bhí sé trom -
ach níor iompraíos neach ar bith eile
leis an ngean céanna.

Féach anois air
ag déanamh sár iarracht
cic a thabhairt don cheathrar cáiliúl
La La agus a cairde
iad mór ramhar, plaisteach
ag faire orm ó chruinne bheag an
pháiste
's é chomh dáiríre
ag tuisliú 's ag titim.

A chéad cic
ar an mór-dhomhain lasmuigh.

A Chloch a Thuit Anuas

Dara Ó Conaola

A chloch a thuit anuas
Is a chaith réimse mór den tsíoraíocht
Ar bharr an chlaí ag faireadh
An tsaoil dhá chaith is dhá réabadh

Cén fáth gur thuit tú anuas
Inniu thar laethanta an tsaoil fhada
Ar iompaigh tú do hata?
Ar bh'éigin dhuit taisteal síos?

Cén cogar aduain aisteach
A dúirt leat léimeacht síos
De bharr an chlaí ar deireadh thiar
Nó ar thogair tú fhéin ar aistriú?

Chonaic mise tusa ansiúd go minic
Go teann ar bharr an chlaí
Ó bhliain go bliain ag seasamh an
fhóid
'S dall an té nach bhfeicfeadh.

Ansin ós comhair na súl
Ní raibh tú ann níos mó do sheasamh
Bhí deireadh le do ré sa gcláí
Ní fheicfear do ghné feasta.

Is fada a mhair tú ar an gcláí
A chloch a thuit anuas
Ní fios cén lámh a shocraigh tú sa saol
Ná fós cén lámh a thóg as thú.



Pádraig Mac Piarais

Laoch agus Scríbhneoir



Cuimhníonn Máire Céitinn ar an gceangal idir an Píarsach agus Ros Muc

Ó n am a bhí mé i mo ghasúr
beag bhí cur síos á dheanamh
ar Phádraig Mac Piarais i mo
theachsa. Bhíodh mo mháthair agus mo
athair agus mo mhuintir uilig ag inseacht
scéalta faoin bPíarsach agus mar a dtug sé

grá a chroí don dúiche seo Ros Muc agus
dá mhuintir. Nuair a ghlac sé peann ar
láimh chun scéalaíocht, is iad muintir Ros
Muc a tháinig ina cheann nó mar a thug
sé féin ar an áit 'Ros na gCaorach'.

Bhí an-ghrá ag an bPíarsach don

Ghaeilge. Ní cainteoir ó dhúchas a bhí
ann ach dúirt sé féin gur chuala sé Gaeilge
á labhairt nuair a bhí sé an-óg ag duine de
mhuintir a mháthar. Thosaigh sé ag
labhairt Gaeilge nuair a bhí sé aon bhliain
déag d'aois. Chuir sé Cumann Filíochta

agus Béaloideasa ar bun nuair nach raibh sé ach seacht mbliana déag d'aois agus is é fhéin a bhí mar uachtarán ar an gcumann. Ghlac sé mórfháirt in imeachtaí Chonradh na Gaeilge agus bhí sé ina runaí ar choiste foilsithe na heagraíochta sin. Bhí sé ina Eagarthóir ar an bpaipéar ar a dtugtaí *An Claidheamh Solais* san mbliain 1903. Chaith sé sé bliana ag obair don phaipéar as a bhfuair sé £24 mar thuarastal san mbliain. Caitiliceach diaganta a bhí ann a dúradh, fear cúthail socair an cur síos a dhéanfaí air. Deirte gur tháinig Pádraig Mac Piarais trasna mar idéalai, file agus aislingeach. Bhíodh cáil air a bheith ina aonarán agus nach raibh sé ró mhaith ag meascadh le daoine.

Scríobh sé na línte seo a leanas ag cur síos ar fhéin :

"Pearse you are too dark in yourself
you do not make friends with the
Gael
you avoid their company"

Ach mar atá fhios againn ní mhair a chás mar sin go deo. Is léir ón bpíosa scríbhneoireachta seo go raibh coimhlint inmheánach ag cur as don bPíarsach. Chuala mé Séan Bheartlín Ó Mainín (fear nach bhfuil sa bpobal seo níos mó) ag rá gur duine ciúin, réidh, séimh a bhí sa bPíarsach ach nuair a bhí sé ag traenáil na nÓglach lá i Ros Muc go gcloisfeadh tú ag béiceadh é ó Chnocán na Móna go dtí An Tamhnaigh Bhig agus is sin píosa fada portaigh. Bhí stad i gcaint an Phíarsaigh ach de réir mar a d'imigh na blianta d'fhás a fhéinmhuinín agus fuair sé níos láidre mar dhuine. Tháinig sé i láthair mar urlabhráí poiblí, misniúil, croíúil a chuir brí agus croí isteach ina chuid cainte - ar nós an lá úd a léigh sé Forógra na Poblachta i mBaile Átha Cliath, Domhnach Cásca 1916.

Cuireadh craobh de Chonradh na Gaeilge ar bun i bparóiste Ros Muc agus ba é Colm Ó Gaora a ceapadh mar runaí ar an gcrabhadh. Bhíodh ranganna oíche acu i Scoil an Ghoirt Mhóir. D'fhoghlaim baill chraobh Ros Muc den Chonradh léamh agus scríobh na Gaeilge anseo. I measc irisí eile bhídis ag fáil *An Chlaidheamh Solais*. Bhí fógra sa bpaipéar sin go mbeadh scrúdú ar bun chun daoine a cheapadh a bheadh feiliúnach mar mhuinteoirí Gaeilge. Chuir dhá dhuine dhéag acu leathchoróin an duine ar fáil le bealach scrúdaitheora a íoc as Baile Átha Cliath chun an scrúdú a chur.



Teach an Phíarsaigh

I 1903 a tháinig an scrúdaitheoir ó Chonradh na Gaeilge go Ros Muc, sé Pádraig Mac Piarais a bhí ann. Ní raibh sé ach trí bliana fichead d'aois. Thit sé i ngrá leis an áit agus na daoine. Thosaigh sé ag fiosrú faoi áit tí. Cheannaigh sé áit ó Jeainín Mhicil Ó Griallais in aice le Loch Eiliúrach (loch atá luaite san scéal 'Na Bóithre'). Máirtín Labhráis agus Tom Labhráis Ó Níaidh a thóg an teach dó, teach atá ann fós. Dhóigh na Black and Tans go talamh é cúpla bliain tar éis Éirí Amach na Cásca 1916, chomh maith le teach Choilm Uí Gaora agus teach an Mháistir.

Tháinig an Píarsach go Ros Muc go rialta sna blianta 1903 go dtí 1915. Bunaíodh Óglaigh na hÉireann i nGaillimh i Samhain 1913. Chuir an Píarsach traenáil ar bun i Ros Muc thart ar na blianta 1914-1915. Bhí thart ar dhá scór fear óg as Ros Muc i láthair chomh maith le fir óga ón gCeathrú Rua, Leitir Mór agus na hOileáin. Is minic a chuala mé mo athair ag rá gur san teachín beag in aice le Loch Eiliúrach a déanadh go leor den phleanáil do Éirí Amach na Cásca 1916.

"D'fheil Teach an Phíarsaigh i Ros Muc go breá, sin in aineoinn an R.I.C a bheith trasna an locha uaidh. Bhí Tomás Ó Cléirigh agus Sean Mac Diarmada i Ros Muc, sin an bheirt a chinnigh go raibh Éirí amach ann. Bhí Tomás Mac Donnchadha ann agus Seosamh Pluin-céad agus Éamonn Ceannt. Sílim gurbh é Séamus Ó Conghaile, cinnire ar an Arm Cathardha an t-aon duine den seachtar a

bhfuil a n-ainmeacha le forógra na poblachta nach raibh i dteach an Phíarsaigh i Ros Muc agus níl cinn ar fad nach raibh seisean ann ach an oiread. Déarfainn gur féidir glacadh leis nach ag ól póitín nó ag siúl thart faoin áit a chaitheadar a gcuid ama ar fad". (Mac Aonghusa-Ó Gaora 1992).

Feiceann muid an Píarsach ag fás ina aigne thríd a chuid scéalta. Feiceann muid freisin cén sórt duine a bhí ann. Bhíodh trua aige don duine aonair, mar shampla Sean Mhaitias in 'fosagán'.

Bhí trua aige don té a bhí sean ar nós Bríd i 'Bríd na n-Amhrán'. Chreid sé i maithiúnas Dé sa 'An Deargadaol'. Thuig sé intinn an ghasúir, feiceann muid é seo in san scéal 'An Gadaí' agus in 'Bóithre'. Chreid sé in uaisleacht agus cneastacht an duine agus go mbeadh an bua ag an maith ag deireadh an lae. Luaigh sé muintir Ros Muc agus na bailte atá ann ina chuid scéalta mar shampla Gairfeanach, Doire an Bhainbh, Cnocán na Móna, An Tuarlach, Snámh Bó, An Tuarlach Beag, Inbhear, An Gort Mór, Cill Bhriocáin, Cill Eoin, Gleann Chatha, Eiliúrach agus Cnocán Feacha.

Scríobh mé faoi Phádraig Mac Piarais mar dhuine, laoch agus mar scríbhneoir tuisceanach, greannmhar, bríomhar. Thug seisean meas do mhuintir Ros Muc nuair a luaigh sé iad agus an áit. Léirigh sé iad mar ghnáth dhaoine nach raibh gan smál, ach mar dhaoine ar nós an chuid is mó do dhaoine



Beairic Ros Muc agus ball den RIC

a rinne a ndícheall déileáil leis an saol chomh maith is a bhí siad in ann. I mo shúile is laoch é atá beo i gconai in anam na ndaoine trína chuid scríbhneoireacht agus polaitíocht. Cuimhníonn mé fós ar a chuid scéalta a léigh mé. Scéalta iad a bhí feiliúnach do chuile aois ghrúpa agus i

mo thuairimise is sin rud speisialta i scríbhneoir. Is léir ón méid a chuala mé faoi an bPíarsach gur fear uasal, macánta, oilte a bhí ann, fear a bhí faoi dhraíocht ag pobal áirithe Gaeltachta agus má thugann sé Ros na gCaorach ar an áit is léir gurb é Ros Muc a bhí i gceist aige.

Óró sé do bheatha 'bhaile
Óró sé do bheatha 'bhaile
Óró sé do bheatha 'bhaile
Anois ar theacht an tSamhraidh.

B'fhearr liom thú ná céad bó bhainne
B'fhearr liom thú ná céad bó bhainne
B'fhearr liom thú ná céad bó bhainne
Anois ar theacht an tSamhraidh.

—P. Mac Piarais

SOCOS TEÓ

SOCOS Teo.,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593301
Facs: 593303

Cártaí Bainise

Gaeilge • Béarla • Dhá Theangach

**Fearáistí Oifige
Troscáin Oifige
Córais Stórála
Soláthairtí Ríomhaireachta**

**Má tá sé uait,
tá sé againn!**

**COMHARCHUMANN
CONAMARA THAR Tta**

**Cill Chiaráin 095-33436
Ros Muc 091-74341**

**STÓR AN
CHOMHARCHUMAINN**

Ábhar Tógála agus Feirme

SIOPA AN PHOBAIL

FORBAIRT POBAIL

Go n-éirí go Geal leis an bPléaráca



Seo tomhaiseanna a bhailigh **Eimear Ní Riagáin** atá fostaithe ar scéim fostaíochta pobail Phléaráca é **Chóilín Sheáin Dharach Seoige** as an gCladach Ó Dheas, Ros Muc. Bíonn Cóilín a bhfuil cáil bainte amach aige de bharr a chuid damhsa sean-nóis ag teacht isteach chuig imeachtaí san Ionad Lae i Ros Muc chuile Déardaoin agus níl aon lá a mbíonn sé istigh nach ag cur tomhaiseanna a bhíonn sé ar gach a mbíonn thart air. Shocraigh Eimear go scríobhadh sí síos cuid dóibh. Seo iad, tá na freagraí tugtha chomh maith.

Tomhas agam ort

- 1 Caol thíos, Leathan thuas, Geal mín, Tarringt suas?
- 2 Cé'n chaoi a mbrisfeá buidéal thíos i mála folamh?
- 3 Bhí triúr deartháir ag dul thar reilg. Dúirt duine amháin acu, "Caithfidh mé dul isteach agus paidir a chur le h-anam mac mo dhearthára." Dúirt an dara duine an rud céanna. "Gabhaidh mise isteach," a deir an triú duine "ach níl mac deirfiúr ná deartháir liom ann." Cé bhí ann?
- 4 Na trí rud nach féidir breith orthu agus iad ina gcodladh?
- 5 Tá fear eicint ag teacht go dtí an Pápa agus caithfidh an Pápa a chaipín a bhaint de nuair a thagann sé. Cén fáth?
- 6 Ceithre chois ar thalamh, Dhá cois ar thalamh, Tóin le ceann agus tóin le thalamh?
- 7 Cé is mó olann a bhíonn ar na caoirigh dubha nó ar na caoirigh bána?
- 8 Dá mbeadh scata géabha amuigh, cé'n chaoi a n-aithneofa an gandal?
- 9 Chuardaigh mé agus fuarthas é 'gus caithfinn é a fháil. An rud nach bhfuair Dia 's nach féidir leis é fáil?
- 10 Tá sé agat is níor iarr tú é, "Is baineann chuile dhuine úsáid as ach tú fhéin?"
- 11 Rinne Dia chuile shórt ach aon rud amháin ar chinn ar é a dhéanamh?
- 12 Cé'n fáth a seasann an lacha agus an ghé ar aon chois amháin?
- 13 Cé'n rud nach bhfuil aon tóin ann?
- 14 Cé'n uair is mó a bhíonn clúmh ar ghé?
- 15 Chaith mé suas é chomh geal le sneachta 's thit sé anuas chomh buí le ór.
- 16 Cé'n mhí sa mbliain is mó a bhíonn poill oscailte?
- 17 Cé'n chéad cuid den bhó ia théann amach an bearna?
- 18 Athair Sheáin - 'sé an taon mhac a bhí ag Seoirse. Cé'n gaol a bhí idir Seán agus Seoirse?
- 19 Tagann sé isteach ar ghuaillí daoine 's chuaigh sé amach mar shnaithín síoda?
- 20 Chuir mé slat aréir agus d'fhás sí go mullach na spéire?
- 21 Cé'n difríocht atá idir deatach agus ceo?
- 22 Nigh mé mo lámha le uisce nár rith ná nár reoigh riamh. Thriomaigh mé iad leis an éadach nár sníodh ná nár fíodh riamh?
- 23 Teachtaire beag ó theach go theach 's bíonn sé amuigh san oíche?
- 24 Téann sé suas an cnoc, tagann sé anuas an cnoc agus fanann sé ar bharr an chnoic?
- 25 Siúd é aniar é thríd an lios, fear gan léine, fear gan chrios, fear na coise crua, 'Sé mo thrua ní fhéadainn rith?
- 26 Droichead ar loch gan maide ná cloch?

Freagraí: 1 Stoca 2 Ní féidir. Dá mbeadh buidéal sa mála ní bheadh sé folamh. 3 A mhac fhéin 4 Neantóg, feochadán agus dris. 5 An bearbóir. 6 Duine ag tús uirthi 15 Ubh 16 An dara mí den fhómhar, mar is ansin atá an mín choirce bainte agus tá poill, poill, chuile áit ar na gasachai atá fanta. 17 A h-anáil 18 A athair mór 19 Mí 20 Tine a chur tú síos 21 Téann an deatach suas agus tagann an ceo anuas 22 Drúcht agus teas na gréine 23 Bóithrín 24 Casán 25 An Bós 26 Leac Oighre

Freagraí: 1 Stoca 2 Ní féidir. Dá mbeadh buidéal sa mála ní bheadh sé folamh. 3 A mhac fhéin 4 Neantóg, feochadán agus dris. 5 An bearbóir. 6 Duine ag tús uirthi 15 Ubh 16 An dara mí den fhómhar, mar is ansin atá an mín choirce bainte agus tá poill, poill, chuile áit ar na gasachai atá fanta. 17 A h-anáil 18 A athair mór 19 Mí 20 Tine a chur tú síos 21 Téann an deatach suas agus tagann an ceo anuas 22 Drúcht agus teas na gréine 23 Bóithrín 24 Casán 25 An Bós 26 Leac Oighre

Mar a líonadh na boscaí in Olltoghchán '99

	Foighil	Conneely	Curraoin	Gavin	Mannion	McLaughlin	Mylotte	Nic Dhonncha	Ní Fhatharta	O'Malley	Ó Neachtain	Stewart	Walsh	Welby	IOMLÁN
Caladh na Muc	0	0	3	74	3	3	1	0	0	15	3	6	21	33	162
Tulach Uí Chadhain	1	0	3	32	3	0	1	0	0	14	3	3	40	28	128
Maigh Cuilinn 1	7	1	9	289	16	1	1	1	7	21	30	11	52	22	468
Maigh Cuilinn 2	5	5	2	243	7	0	1	3	1	17	14	2	55	18	373
Bearna 1	30	2	70	33	8	0	3	7	13	5	55	0	5	7	238
Bearna 2	49	1	72	27	5	1	3	7	8	16	46	3	5	7	250
Buaile Beag	17	2	30	20	3	0	0	1	3	15	34	2	43	10	180
Páirc na Sceiche	15	3	8	55	6	0	2	1	1	21	27	8	20	12	179
Na Forbacha	73	4	84	31	3	0	1	16	11	3	70	0	30	4	330
Leamhchoill	1	0	0	42	5	1	0	0	1	1	18	1	12	4	86
An Spidéal 1	133	3	25	11	5	1	1	5	22	7	115	0	2	3	333
An Spidéal 2	96	1	46	24	5	0	0	7	8	7	209	0	14	5	422
Sailearna 1	123	4	15	11	0	0	0	11	13	3	33	0	2	4	219
Sailearna 2	76	1	12	8	9	0	0	3	15	1	30	1	1	2	159
An Tulach	99	3	7	0	3	0	3	4	53	0	52	0	9	2	235
An Cheathrú Rua 1	61	3	12	15	6	1	2	10	144	2	19	0	19	2	296
An Cheathrú Rua 3	40	3	5	3	4	0	1	2	90	0	12	0	9	0	169
Leitir Mór	65	10	18	4	9	0	12	4	76	1	4	0	5	0	208
Leitir Mealláin	49	2	4	3	5	0	1	6	21	0	6	0	4	0	101
Tír an Fhia 1	56	3	5	4	9	2	2	6	53	0	8	0	8	1	157
Tír an Fhia 2	48	2	1	1	5	0	0	2	54	0	8	5	1	0	127
Camus	27	1	10	1	2	0	0	5	65	10	3	0	4	14	142
Turlach Beag	24	9	7	4	1	0	4	29	24	5	2	0	2	11	122
Loch Con Aortha	4	7	0	1	3	0	11	57	7	3	0	0	2	3	98
Ard Mór	9	7	12	1	7	1	49	114	15	2	2	0	2	1	222
Carna	4	15	3	0	10	1	73	43	33	1	2	0	1	2	188
Aird Thiar	6	27	5	0	9	2	84	23	12	8	3	0	0	1	180
Sraith Salach	1	25	12	1	100	7	5	2	1	7	1	1	13	19	195
Tír na Cille	4	10	1	1	22	8	5	1	7	25	6	2	1	32	125
Cloch Breac	1	3	6	0	6	0	0	8	2	24	5	1	8	20	84
Corr na Móna	10	3	14	3	22	3	6	36	9	60	2	1	14	50	233
An Fhairche	5	11	6	4	35	6	9	15	8	50	3	4	24	31	211
Cill Rónáin	27	2	4	3	1	1	10	9	2	1	46	1	0	0	107
Fear na Coir	27	2	4	1	1	16	14	1	2	3	34	0	1	1	107
Inis Meáin	59	0	0	0	1	0	5	0	4	0	27	0	0	1	97
Iomlán	1251	175	509	844	333	52	308	439	785	319	926	43	368	289	6641
%	19	2.6	7.7	13	5	0.8	4.6	6.6	12	4.8	14	0.6	6	4	100

Óstán na Páirce

An Spidéal

Teil: 091-553159 Facs: 091-553494

Dod' bhainis nó dod' chóisir

Gach eolas ó Ghearróidín Ní Fhoighil

Tigh Mhóráin

Carna © 095-32570

Beár, Beatha, Ceol & Craic

Peter & Jane Fitzpatrick

Conamara 2000+

Cén chaoi a bheidh ar an nGaeltacht seo amach sa mhílaois nua? Chuir roinnt daoine a gcuid tuairimí ar pháipéar duinn, cuid acu i bhfoirm filíochta.

Micil Ó Gaora, Rosmuc

"Is feilméar beag mise agus cheapfainn féin amach anseo go mbeidh chuile chinneadh ag teacht as an Eoraip. Tá siad ag iarraidh na caoirigh a ghlanadh de na cnoic agus níl a dhóthain talamh bán i

gConamara le haghaidh na caoirigh a choinneáil, caithfidh siad a bheith sa gcnoc. Tá siad ag iarraidh na feilméaraí beaga a ghlanadh amach, mar sin ní bheidh ann ach strainséirí ar ball. Imeoidh an Ghaeilge agus is mó di a bheas thall i mBoston ar ball ná i gConamara. Na daoine a bheas fanta ní bheidh siad ach ag freastal ar na strainséirí agus beidh chuile dhuine ag labhairt Gearmeánis i leaba Gaeilge!"

Ruán Ó Bric, Priomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta

"Agus sinn ar tháirseach na Mílaoise Nua tá cúrsaí eacnamaíochta ar bhonn níos folláine i gConamara ná mar a bhí tráth ar bith cheana ó bunaíodh an stát. Ag



Ruán Ó Bric

féachaint ar aghaidh ón ardán seo, feicim todhchaí ina dtiocfaidh deireadh le himirce neamhthoilteanach na ndaoine óga is oilte agus is mó oideachais, todhchaí ina mbeidh mórchuid daoine ag obair i dtionscail na nuatheicneolaíochta, na teileachumarsáide, an idirlín agus na ríomhthráchtála agus líon nach beag fostaithe i réimsí neamhthionsclaíocha

ar nós turasóireacht chultúrtha, na meáin chumarsáide, na healaíona agus an eacnamaíocht shóisialta. Táim dóchasach go spreagfaidh an bhuacacht eacnamaíochta seo pobal na gaeltachta seo le treisiú ar a n-iarrachtaí leis an nGaeilge a dhaingniú agus a neartú mar theanga pobail agus go dtiocfaidh an stát laistiar dóibh le hAcht Teanga a thabharfaidh cosaint reachtúil don chéad uair dá gcearta teanga."

Máire Bríd Breathnach, Rosmuc, (Mac Léinn)

"Caithfear tuilleadh oibre a dhéanamh chun tabhacht na Gaeilge a chur trasna. Níl gasúir ag labhairt na teangan anois mar a bhíodh, tá béim níos mó ar an mBéarla anois.

Caithfear ar bhealach eicínt taispeáint dóibh gur cuidiú í an Ghaeilge dhóibh amach anseo ó thaobh poist srl.

"Mura dtiocfaidh athrú mór go gairid níl tada ag dul ag athrú ó thaobh daonra i Rosmuc. Is dóigh gur é an phríomh fháth leis seo nach bhfuil tada le tairiscint sa gceantar ó thaobh poist, seirbhísí, áiseanna. Níl tada anseo le haghaidh na ndaoine óga a mhealladh. Mar gheall ar sin ní thiocfaidh athrú ar an scéal, más tada é gheobhaidh sé níos measa.

"Tá fadhb mór ó thaobh oideachais de. Níl caighdeán sásúil sna scoileanna dár liom. Cé nach bhfuil na bunscoileanna chomh dona sin tá fadhb mhór sa ngairmscoil. Tá sé thar a bheith práinneach go mbeadh rud éigin déanta do na gasúir.

Tá easpa ábhair sa scoil agus tá faitíos orm nach mbeidh réiteach maith ar an scéal sa mbliain 2000+."

Cevan Uí Niaidh, Rosmuc

"Is deacair a rá, tá an saol ag athrú chomh scioptha sin. tá faitíos orm go mbeidh an Ghaeilge ag dul i léig, tá go leor don aos óg ag labhairt Bhéarla, ní thuigim cén fáth. Tá an daonra ag titim faoin dtuath, de bharr an obair a bheith chomh gann, lucht airgid ag ceannacht tithe tréigthe, Béarlóirí go leor acu. Meastú ar fíor don fhear a dúirt liom blianta ó shoin gur "Millionaire's Row" a bheadh i gConamara fós?

"Tá súil agam go dtiocfaidh feabhas ar iascaireacht agus ar an fheilméireacht, go bhfeabhsóidh an tslí mhaireachtála agus go mbeidh obair ar fáil ina gceantar féin ag an aos óg agus nach gcaillfear an Ghaeilge."

Séamus Jamesie Ó Flatharta, Inis Mór

"Ní cheapainn go gcuirfidh an mhílaois mórán athrú ar rudaí, ag dul i bhfeabhas a bheas an saol. Ach cheapfainn gur cheart do Phléaráca 'Pléaráca Chonamara agus Árainn' a thabhairt orthu féin agus imeachtaí a reachtáil ar thrí oileán Árainn le linn na féile."



Joe Molloy

Joe Molloy, Corr na Móna

"Beidh tionchar mór ag polasaithe Choimisiún na hEorpa ar shaol na Gaeltachta sa mhílaois. Tá béim mhór dhá chur acu ar chaomhnú na timpeallachta, ach is beag tagairt atá sna polasaithe seo do mhuintir na Gaeltachta. Is cosúil gur beag suim atá ag Coimisiún na hEorpa sa teanga agus tiocfaidh meath uirthi dá bharr sin.

"Cé go raibh tionchar mhór ag Raidió na Gaeltachta i gcaomhnú na teangan, tá a mhalairt de thionchar ag Tna G, a chraolann an iomarca i gcanúint amháin, atá dothuigthe ag Gaeilgeoirí sna ceantacha eile. Sa mhílaois nua ní bheidh sna Gaeltachtaí ach ionaid mhóra turasóireachta ina mbeidh cuairteoirí ón Mór-Roinn in ann saoire a chaitheamh i dtimpeallacht nach bhfuil fáil air a thuilleadh ar an Mór-Roinn. Is beag suim atá acu sna daoine atá ina gconaí faoi

láthair sa Ghaeltacht, nó ina dteanga. Beidh rath ar an timpeallacht agus meath ar na daoine i nGaeltacht na milaoise."



Bríd Treasa Ní Ghaioithín

An Mhílaois — Bríd Treasa Ní Ghaioithín

*Polláirí Láidre
Ag analú dusta órga
Draíocht is dramaí
Ag sleamhnú amach as cúinní
Ar seachrán ar fud na háite.*

*Cianta romhamsa
Cianta romhatsa
Domhan, óg, úr
Thosaigh an fás
Siar, siar sna cianta.*

*Sróníní snaofreacha
Ag boladh ar éigin thar
scáileáin
Díomuaíne agus déistin
Ag atáirgeadh sna cúinní
Ach ní raibh sé mar sin i
gconaí.*

*Cianta romhamsa
Cianta romhatsa
Domhan, óg, úr
Thosaigh an fás,
Siar Siar sna cianta.*

Tigh Henry

An Droim, Leitir Mór
Teil: 091-551106

Beár, Ceol & Craic

—Seirbhís Sochraide—

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Óst na nOileán

— TIGH LEE —

Leitir Mealláin 551161

Óst & Bialann
Ceol gach deireadh seachtaine

Go n-éirí leis an bPléaráca

Stáisiún Seirbhís Bhreathnach

Casla

091-572456/572169
Mobile: 087-2525088

Seirbhís Aisghabhála 24 uair a chloig
Trealamh lascaireachta
Páirteanna athlámha do charranna



Ócáidí

Bláthanna Chonamara

Bláthanna do gach ócáid
Bainis, Gnó agus Comhbhrón
Áitiúil, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

An Spidéal, Co na Gaillimhe
Fón: 091-553003



Gasúir scoile Leitir Mucú (Rang 3-6) 1998-99

pic: Bob Quinn/Archiva Chonamara

Cluichí Iománaíochta Nár Cheart a Dhearmad

San alt seo le Séamas Ó Cualáin rá cur síos suimiúil stairiúil ar an gcéad chluiche iománaíochta idirclubanna a imríodh faoi rialacha Chumann Lúthchleas Gael in 1885 agus freisin ar chluiche iomána eile faoi na rialacha nua idir sinsir na Gaillimhe agus Thiobraid Árann i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath ar 13 Feabhra 1886

Is léir ó na tuairiscí uilig atá ar fáil go raibh an Iománaíocht i réim go forleathan i gContae na Gaillimhe i bhfad sular bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael sa bhliain 1884. Ní iontas ar bith mar sin gur sa chontae seo a imríodh an chéad chluiche iománaíochta faoi rialacha Ch.L.G. sa bhliain 1885. Ba é Dónall De Búrca as Gort Inse Guaire ar impí Mhichíl Chíosóg a d'eagraigh an cluiche.

Toghadh Páirc Uí Dhuibheannaigh gar don Ghort mar ionad na coimhlinte agus ba iad an Gort féin is Cill Anna as Co. an Chláir na comhlannaigh. De bhrí nár coinníodh aon chuntas ar na scóir ní fios cé ag a raibh an lámh in uachtar.

Ba é an Fínín, Ned Treston, a bhí mar chaptaen ar fhoireann an Ghoirt agus de réir mar tuairiscíodh ba bhréa scolbánta an fear é. Is iomaí sin scéal barrúil a bhí le haithris ag Ned faoin gcéad chluiche iománaíochta idir chontaetha a fearadh i mBaile Átha Cliath.

Gaillimh v Tiobraid Árann, 1886

D'iarr Micheál Cíosóg ar Ned féin is ar Dhónall De Búrca buíon báireoirí as Gaillimh a thionól le dul i mbun comhraic le Tiobraid Árann sa

phríomhchathair. Ach lena chois sin bheadh ar an mbeirt acu gach costas a bhain leis an turas agus le lóistín i mBaile Átha Cliath a sholáthar freisin.

Nuair a bhí gach rud faoi réir d'imigh an chuideachta leo go dí an ardchathair ar thraein na maidine ar an Luan, 12

Theastaigh sliotar mór ó mhuintir Thiobraid Árann agus sliotar beag ó na Gaillimhigh, ach leis an dá dhream a shásamh cinneadh sa deireadh go n-imreofaí an dá chinéal sliotair in imeacht an chluiche - ceann acu i ngach tréimhse.

Feabhra, 1886. Ar shroichint Stáisiún na Cloiche Leithne dóibh cé a bhí ansin gan choinne le fáilte a chur rompu ach imreoirí Thiobraid Árann. Mháirseáil an dá bhuíon beirt ar bheirt, lena gcuid camán ar a nguailí acu chomh fada le hÓstan Clarence mar a raibh siad go léir ag cur fúthu.

Tráthnóna an lae sin tháinig Micheál Cíosóg agus oifigigh an dá thaobh le chéile le rialacha don chluiche a dhréachtú. Theastaigh sliotar mór ó mhuintir Thiobraid Árann agus sliotar beag ó na Gaillimhigh, ach leis an dá dhream a shásamh cinneadh sa deireadh go n-imreofaí an dá chinéal sliotair in

Foireann na Gaillimhe

Edward Treston (Gort Inse Guaire),
Thomas Keehan (Gort Inse Guaire),
Michael McCarthy (Gort Inse Guaire),
Pat Nestor (Cill Mhac Duach),
Martin Markham (Cill Mhac Duach),
Ned Healy (Cill Mhac Duach),
Roger Grealish (Cill Mhac Duach),
Michael Quinn (Cill Mhac Duach),
Michael Rock (Cill Mhac Duach),
Michael Connors (Cill Mhac Duach),
Michael Linnane (Cill Mhac Duach),
Thomas Kerrins (Cill Mhac Duach),
John Golden (Cill Tárntan),
John Morgan (Tobar Pheadair),
James Sexton (Tobar Pheadair),
Freddy Helly (Tobar Pheadair),
John Treston (Tobar Pheadair),
Pat Farrell (Tobar Pheadair),
Michael Fitzgerald (Tobar Pheadair),
Mike Lynskey (Cill Becnata),
Martin Halloran (An Tobar)

imeacht an chluiche - ceann acu i ngach tréimhse.

Ach bhí na Muimhnigh ullamh chun catha óir thug siadsan a sliotar féin leo -

rud nach ndearna na Connachtaigh. Maidin lá arna mhárach is iomaí sin sráid sa chathair a shiúil fir an Iarthair sular éirigh leo saidléir a fháil a dhéanfadh sliotar dóibh.

Scéin sna hÚdaráis

Ar ndóigh ní raibh aon pháirc imeartha ar leith ag Cumann Lúthchleas Gael cois Life an tráth úd agus i ngeall ar sin roghnaíodh Páirc an Fhionnuisce mar láthair an choimheascair. B'Éigean don Chíosógach féin is do roinnt fear eile cheithre scafall i gcomhair cuailí don chluiche a fháil ar iasacht ó thógálaí tí i gceartlár na cathrach. Níor theastaigh aon



Cló Iar-Chonnachta

Índreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 593307 Facs: (091) 593362
r-phost: cic@iol.ie

Saothair nua ó CIC / New Publications

FILÍOCHT AGUS FEANNADH
Cóil Learaí Ó Finneadh
£7.50; ISBN 1 902420 18 7

Tá idir ghreann, stair, pholaitíocht, agus ar ndóigh agallaimh bheirte sa leabhar seo agus cuireann filíocht agus agus feannadh an leabhair go mór le stór litríochta Chois Fharraige agus Chonamara fré chéile.



SEODA ÁR SINSEAR
Eddie Bheairtle Ó Conghaile
Leabhar £4; Cass: £6.99 (CIC L31)
ISBN 1 902420 13 6

Scéalta béaloidis do dhaoine óga. Ar fáil i bhfoirm leabhair agus ar chaiséad freisin.

Cuir fios ar chatalóg iomlán

ceardlann an spidéil



Caith

seal linn i gCeardlann an Spidéil,
áit a bhfuil scoth na ceardaíochta
agus ealaíne le feiceáil

Ár mbutochas dár gcustaiméirí uilig

FÁILTE ISTEACH



Foireann Thiobraid Árann, céad bliain ó shin

trasnán ag an am de bhrí nach n-áirítí ach cúil amháin.

Ar mbeith réidh do na foirne mháirseáil siad ar fad go Páirc an Fhionnuisce, amuigh i dtosach bhí na fir a bhí ag iompar na gcuailí, ina ndíadh rháinig fear le buicéad aoil is cúpla scuab agus ansin amhail mar a rinne na himreoirí an lá roimhe sin agus iad ag teacht ó stáisiún na traenach mháirseáil siad gualainn ar gualainn arís. Bhí siad feistithe amach ina gcuid léinte agus brístí glúine agus a gcuid camán ar a nguailí acu.

Ní fhacthas a shamhail seo i mBaile Átha Cliath cheana agus ní gan fáth gur thosaigh an olann ag téamh ar na húdaráis. Cuireadh scéala práinneach go Páirc an Fhionnuisce ag tabhairt le fios go raibh díorma Fíníní le reithe cogaidh (battering-ram) ag déanamh ar an áit le hÁras Ionadaí an Rí a ionsaí!

Faoi mar a bheadh súil leis bhí na geataí faoi ghlas nuair a shroich an Cíosógach agus na foirne an pháirc, agus ní gan dua a chuir Micheál ina luí ar na húdaráis gur cluiche iomána a bhí beartaithe acu a imirt.

Ar deireadh nuair a scaoileadh isteach na báireoirí agus thart ar 200 dá lucht leanúna feistíodh amach an fhaiche faoi chomhair na coimhlinte.

An Cath á Riar

Duine is fiche a bhíodh ar gach foireann

anuas go dtí an bhliain 1913 agus ní mórán gnaithe a bhí ag an bhfear beag lag san imirt an uair úd óir ba fhir mhóra láidre thoirtíúla a thoghaí agus ba mhinic an ceart ag an neart sna géarchomórtais. Ina cheann sin cheadaítí iomrascáil nó caraíocht ar feadh scaití le linn an chluiche. Go deimhin níorbh rud neamhghnách ach oiread imreoir ó gach taobh a fheiceáil ag caraíocht fhad is a bhí an dá scór báireoirí eile ag imirt an chluiche. Fíor-chorruair a shéidítí an fheadóg na laethanta croidhíle sin.

Ach maidir leis an gcomhrac idir Gaillimh is Tiobraid Árann deirtear go mba an-chluiche amach is amach a bhí ann — é anam-úil aigeanta agus saor ó ghangaid. Mhair an imirt uair is fiche nóiméad, ach i ndeireadh na dála d'éirigh leis na sárghir ó Dhúiche an Chéitinnigh le cúil amháin in aghaidh thada.

Níor cheart go ligfí eáchtaí na laochra seo i n de a r m a d choíche óir thug siad treoir, dea-

shampla is inspioráid dá dtáinig ina ndiaidh.

Rinne an comhrac seo an-leas don chumann nuabhunaíthe san ardhathair agus dá bharr sin tháinig borradh faoi chluiche ársa Chúchulainn cois Life áit ar bunaíodh roinnt clubanna.

Faoi mar is eol don saol Fódalach níor imríodh an chéad chluiche ceannais Iománaíochta go dtí 1 Aibreán 1888. Ba é seo babhta ceannais 1887 agus ba iad na Gaillimhigh agus báireoirí Thiobraid Árann a bhí i ngleic lena chéile arís. Dúrlas a bhí in éadan Mhílic i mBiorra agus bhí an lá leis na Muimhnigh leis an scór 1-1 i gcoinne tada.



Séamas Ó Cualáin (bunaitheoir) ag bronnadh duaise ar Dhiarmaid Ó Gráinne sa Chomórtas Amhrán Nuachumtha (in onóir do Phádraig Mac Piarais) sa Chránnóg i Ros Muc i 1986.

An tAthair Stiofán Ó Conghaile nó An Misean Mór

Is beag duine i gConamara a bhí tagtha in aois céille nuair a rugadh mise nár chuala caint agus trácht ar an Misean Mór nó an tAth Stiofán Ó Conghaile as Árainn. Go deimhin nuair a chuimhnítear air, cuimhnítear ar na línte seo leanas :

"Nach deas an rud poitín sa tír seo d'íocfadh sé cíos agus poor law Leigheasfadh sé casacht na hoíche agus dhíreodh sé an seandúine cam"

(Amhrán an Phoitín)

Go deimhin chuimhneofaí faoi aon líne a cumadh ariamh faoin "mbraoinín crua", "bainne na heasóige" nó an "stuif glas" seo. Nach aisteach le rá é ach go raibh an oiread gráin más fíor ag an misean mór ar an mbraon seo is a bhí ag an diabhal ar an uisce coisreacan. Go deimhin chuir sé a sheacht míle mallacht air más fíor a bhfuil ráite. Bhíodh sé ag dul thart ó áit go háit ag seanamóireacht agus deirtí go gcloisfí i bhfad is i ngearr a ghlór doimhin searbh. Bhíodh clamhsán ar an bpoitín aige i ngach áit mórán.

Deirtí go gcuirfeadh an Misean Mór scéin i ndaoine lena chuid seanamóireachta. Chuir sé mallacht trasna ar mhuintir Dhoire Fheárta sa

gCeathrú Rua más fíor faoin bpoitín.

Seans go mb'fhéidir gur iomaí braon de a dhóirt sé má fuair sé an deis. Má bhí leigheas i "drús an phota" do phianta cnámh, slaghdán agus don *arthritis*, níorbh é an misean mór a cheapfadh tada faoi.

Deirtear go mbíodh mallacht na croise céasta ag sagairt agus ag misiúin ariamh. Bhí sé ráite gur chaith an misean mór an chrois chéasta síos an t-urrlár agus deirtear fós gur bhuail sé duine leis. Chuirfeadh sé fainic nó breithiúnas aithrí nó iachall an chrua ar dhaoine gan baint ná páirt a bheith acu leis. Dhá bhfeiceadh sé duine agus é dalta ar meisce bheadh sé ina rúille búille.

Fear breá láidir a bhí san Athair Ó Conghaile le aoirde bhreá agus déanamh. Labhraíodh sé amach go láidir agus deirtí go mbíodh maidhmeanna allais air ag an gcaint.

Bhíodh sagairt mar shampla ag dul isteach i dtithe timeanna nó siamsaíochta ag an am agus deirtear gur chuir sagart amháin acu an lampa de na frathacha le teann oilc. Chuir sé an slua a bhí sa teach amach an doras de rith te reatha. Nach

mór an t-athrú ar an saol é ó shoin, buíochas le Dia agus an méid siamsaíochta atá i ngach áit inniu.

Bhí an altóir nó "scilling na haltóra" ann aimsir an mhiseain mhór agus go dtí le roinnt blianta le linn tórraimh. Cuireadh claochlú freisin ar ól ar an tórramh cé is móite go bhfuil an gnás fós beo i.e. braon óil bheith sa teach. Níl aon altóir i gceist sa lá atá inniu ann.

Deirtear "ná déan nós agus ná bris nós" ach ní measa an té a chum ná an té a cháin. Bhí sé ráite faoin sagart (agus muid ag trácht ar an misean mór) "ná bí leis 's ná bí ina aghaidh, tabhair a chuid dó agus fan amach uaidh".

Deirtear sa seanráiteas "Ceathrar sagart gan a bheith santach". Ní chreidim féin é seo i gcás na sagart inniu cibé scéal é.

Mar a deir ráiteas eile "níl fuacht, níl peannaid, níl ní ar bith is cráite ná éag na gcarad nó scaradh na gcompánach"

Maireann an chraobh sa bhfál ach ní mhaireann an láimh a chur.

Pádraig Seoige, Camus

Nioclás P. Ó Conchúir

LEITIR MÓIR

Teil: 551114 (obair); 551102 (baile)

SIOPA CRUA EARRAÍ

Pluiméireacht • Adhmad
Earraí Leictreach • Péint

TIGH PHÁDRAICÍN

Beár • Bialann

Leaba & Bricfeasta

Na Forbacha, Co na Gaillimhe.

Teil: 091-592444



Duais AIB Better Ireland Awards *Céard a rinne Pléaráca leis an Duaischiste?*

Bhí an-bhliain ag Pléaráca Teo., an scéim ealaíon phobail i 1998/99. Chomh maith leis na gnáthimeachtaí bliantúla a reachtáil, fostaíodh oifigeach ealaíon don óige i Meán Fómhair 1998 a chuir borradh faoi

imeachtaí ealaíona don óige i ndeisceart Chonamara. Déanadh clár leathuairte teilifíse faoin eagraíocht le linn Fhéile an Phléaráca 1998 agus léiríodh é seo ar TnaG agus ar RTÉ i rith na bliana nua. Cuireadh geamaireacht nua (an ceathrú geamaireacht léirithe go dtí seo ag Pléaráca) ar stáitse, *Neum Neum*, agus léiríodh é seo i hallaí pobail Chonamara, in Árainn chomh maith le Halla an Bhaile agus an Taibhdhearc i nGaillimh. Beidh an gheamaireacht seo dá léiriú ag an Oireachtas ag deireadh an Fhómhair. I lár mhí Eanáir, fuair Pléaráca amach gurbh iad na buaiteoirí iad sa gcatagóir ealaíon/cumarsáid i gcomórtas AIB Better Ireland Awards. Ní raibh ann ach go raibh sé seo faighte nuair a fógraíodh gurbh iad na buaiteoirí náisiúnta iad sa gcomórtas céanna. Bhronn an Taoiseach Bertie Ahern trófaí de chríostal Phort Láirge agus duais chiste de £50,000 ar Phléaráca ag ócáid

mhór i gCorcaigh.

Ní nach ionadh bhí an - bhród agus riméad ar chuile dhuine a raibh baint acu leis an scéim ealaíon phobail. Déanadh go leor smaoineamh faoi cén chaoi a gcaithfí an t-airgead, cén úsáid is fearr a bhainfí as?

Go dtí seo tá trí thogra beartaithe a mbainfear úsáid as duaischiste an AIB lena n-aghaidh.

1. Mionbhus a cheannacht le cúnamh ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán. Is iad na feidhmeanna is mó a bhainfí as an mionbhus seo ná soláthar taistil a chur ar fáil do dhaoine a mbeadh suim acu freastal ar imeachtaí a reachtáileann Pléaráca, na ceardlanna, imeachtaí óige, an gheamaireacht, an fhéile agus go leor eile.

Chomh maith leis sin beidh an mionbhus dá chur ar fáil don Ionad Lae do



(Thuas) Rang Cnagcheoil le linn Campa Samhraidh an Phléaráca, Iúil 1999
(Thuas ar dheis) Tommy Ceven Ó Níaidh, Turlough O'Connor agus Róisín Ní Loingsigh sa gheamaireacht *Neum Neum*
(Ar dheis) Campa Samhraidh an Phléaráca i Ros Muc, Iúil 1999
(Thíos ar dheis) An criú a bhí ar an gColmille le linn Féile an tSeoil Mhóir ag réiteach le dul amach



Sheanóirí i Ros Muc. Freastalaíonn 20 duine gach seachtain ar an ionad agus is é an sagart paróiste, an tAth Consaidín a chuireann córas taistil ar fáil dóibh ina charr féin. Tá teora leis an méid daoine ar féidir leis freastal orthu de bharr an chórais seo. Teastaíonn cúnamh ón sagart maidir leis an tseirbhís taistil. Dá mbeadh seirbhís níos cuimsíthigh ar fáil d'fhéadfaí ionad lae a reachtáil i gCamus chomh maith le breis imeachtaí don seandream sa dá cheantar. Beidh an mionbhus cóirithe chun cathaoir rothaí a thógáil.

2. Oifigeach Ealaíon Óige a fhostú ar feadh bliana eile le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta. Le bliain anuas tá clár leathan d'imeachtaí ealaíon don óige curtha ar bun ag Pléaráca. Is de bharr go raibh an eagraíocht in ann oifigeach ealaíona don óige a fhostú le cuidiú ó Chumas, Páirtnéireacht Chonamara agus Árann agus An Chomhairle Ealaíon a tharla sé sin. Cuireadh imeachtaí ar bun i bpáirt leis na bunscoileanna agus na hiarbhunscoileanna chomh maith le imeachtaí taobh amuigh dena struchtúir seo. Cuireadh cúrsa agus taispeántas damhsa comhaimseartha ar bun le scoláirí na Scoile Chuimsithigh, reachtáileadh cúrsa dramaíochta le bunscoileanna Chamuis, Ros Muc agus Chill Chairáin, eagraíodh turais chuig taispeántais agus seónna i nGaillimh agus i mBÁC, cuireadh ranganna ealaíne ar fáil i gColáiste Cholmille agus i nGairmscoil na bPíarsach agus go leor leor eile. Níl

Pléaráca ag iarraidh scaoileadh leis an gclár óige seo agus mar sin tá iarratas déanta acu ar an Údarás cuidiú leo an t-oifigeach óige a choinneáil fostaithe ar feadh bliana eile le go bhféadfar leanacht leis an dea-obair. Go dtí seo tá freagra dearfach faighte acu.

3. Coimisiún a bhunú a dhéanfadh staidéar ar labhairt na Gaeilge i nGaeltacht Chonamara. Seo ceist atá ag déanadh imní mhór do go leor sa nGaeltacht seo faoi láthair. Tá go leor teaghlach óg ag labhairt Bhéarla lena gcuid gasúr agus go minic is í an Béarla teanga comhluadair na ndéagóirí. Tá sé in am staidéar a dhéanamh ar seo agus a fháil amach cén chaoi a bhféadfaí polasaithe a cheapadh a chuideodh chun an Ghaeilge a choinneáil buan sa nGaeltacht. Beidh Pléaráca ag lorg tacaíochta ó eagraíochtaí eile i gConamara leis an obair seo a dhéanamh.

Tá súil go mbeidh na trí thogra seo faoi lán tseoil roimh an Nollaig agus go mbeidh tuairiscí dearfacha fúthu in iris Phléaráca 2000.



An Mhaighdean Mhara

Sibhse a tógadh ar an gcósta bheadh eolas agaibh faoi iontaisí na farraige agus faoi dhraíocht na mara. Cé go bhfuil neart iomrá in tíre ar an rón agus ar an mbéaloideas a bhaineann leis ní bheadh eolas faoin mhaighdean mhara chomh coitianta céanna - neach farraige a bhfuil an - iomrá uirthi i mbéaloideas Chúige Uladh. Ar ndóigh tá an t-amhrán *An Mhaighdean Mhara* cloiste agam i gConamara ach tá se i bhfad níos coitianta ag amhránaithe Thír Chonaill. Shíl mé féin i gcónaí go raibh an scéal seo thar a bheith spéisiúil agus románsúil, do pháistí agus do dhaoine fásta. Cé go bhfuil leaganacha éagsúla den scéal ann agus mórán difríochtaí sna móitífeanna sé cnámh an scéil ná go bhfeiceann fear ata thíos ar an gcladach an clóca/brat ab ildaite agus a ba deise dá bhfaca sé ariamh ina luí ar an ngaineamh. Nuair a iompaíonn sé thart le fáil amach cé leis é feiceann sé an bhean álainn seo amuigh ar charraig san uisce agus í ag cioradh a cuid gruaige. Tugann sé faoi deara gur maighdean mhara í mar go bhfuil eireaball éisc uirthi. Sciobann sé an clóca. Impíonn sí air an clóca a thabhairt ar ais di ach ní thugann sé aird uirthi agus téann sé i dtreo an bhaile. Leanann an bhean é amach as an fharraige agus nuair a bhuaileann sí an talamh athraíonn a heireaball ina dhá chois. Tuigeann sí ansin go gcaithfidh sí dhul leis. Tuigeann seisean go gcaithfidh sé an clóca a choinneáil i bhfolach i gcónaí nó dá bhfaigheadh sí é go nimeodh sí ar ais chun an bhaile - síos go bun na farraige. Bíonn beirt nó tríúr páistí acu. Athraíonn sé áit fholaigh an chlóca go minic le cinntiú nach nimeoidh sí uaidh ach faraíor gear tagann na páistí ar an rud

álainn seo i gcruach an fhéir agus sceitheann siad an scéal lena máthar.

Chomh luath agus a fheiceann an mháthair an clóca fágann sí slán ag na páistí agus síos léi chun na farraige chuig a dúchas féin. Ach geallann sí do na páistí go dtiocfaidh sí amach chuile lá ag chaint leo.

Tá briseadh croí ar an bhfear agus ar a clann. Coinníonn an mhaighdean mhara a gealltanais agus feictear í go minic ar an gcladach ag caint leis na páistí agus ag cioradh a gcuid gruaige.

Dár leis an Dr Bo Almqvist, iar Ollamh le Béaloideas i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath is in Éirinn, in Alba, san Íoslainn agus ar Oileáin Faró is coitianta atá an scéal seo le cloisteáil cé go bhfuil leaganacha le fáil ar Oileáin Sealtainne, sa tSualainn, san Ioruaidh agus ar Inis Orc fosta. Go hiondúil instear an scéal faoi chlann áirithe i gceantar cladaigh a bhfuil sé ráite fúthu sa seanchas gur ó dhream na maighdine mara a shíolraigh siad. Mar shampla, tá áit in iarthar Thír Chonaill den ainm Caiseal a' Gholláin, gar don Phort Nua agus tá sé ráite go fóill gur de bhunadh na mná seo a tháinig Gallchóirí an dúiche sin, daoine láidre, fíor-dhathúla. Fuair an duine deireanach de na Gallchóirí sin bás cúpla bliain ó shin.

I gceantracha eile i Tír Chonaill tarlaíonn an eachtra d'fhear de shloinne éigin eile - m/sh: Clann Uí Eochaidh i dTeileann atá luaite léi.

De réir an tseanchais is deirfiúr í an mhaighdean mhara don rón a bhfuil iomrá mór air i seanchas an iarthair. Sna hoileáin Faró tá móitíf sa scéal go raibh deartháir ag an mhaighdean mhara (ar ndóigh rón a bhí ann) mharaigh an fear



céile an rón gan fhios aige gur deartháir di é agus ansin bhí an lasair sa bharrach!

Deirte go bhfaightí ola ó mhéara na maighdine mara freisin mar atá le fáil ón rón.

An leagan a ba shine a ndearnadh taifeadh air agus an leagan a ba deise dár chuala mise thóg RTÉ é ó Shíle Mhicí Uí Ghallchóir, Gaoith Dobhair i 1949.

Tá meas mór ar amhrán *An Mhaighdean Mhara* i gCúige Uladh agus bhí an t-amhrán ag Síle Mhicí fosta. Déaradh sise gur as Oileán Thoraigh a tháinig an scéal agus an t-amhrán. *Amhrán Thoraigh* a thugadh sise air, is cosúil, agus ní raibh am ar bith dár dhúirt sí an t-amhrán ná go nínseodh sí an scéal fosta. Ba ó Shíle Mhicí a fuair Annie Eoghan Éamoinn Ní Ghallchóir (Uí Laoi) agus a deirfiúr Cítrí an t-amhrán. Tá cáil mhór ar amhránaíocht Annie, nach maireann agus ba é an t-amhrán seo ceann de na hamhráin mhóra a bhí luaite léi. Amhrán an-bhrónach atá ann, ina mbíonn an fear ag mairgní i ndiaidh na

maighdine mara.

Is cosúil gur chuir Paddy Moloney ó ghrúpa ceoil The Chieftains spéis mhór i bhfionn an amhráin agus go bhfuair sé an fonn ó Annie. Tá sé ar cheann de na chéad cheirníní a rinne na Chieftains faoin teideal *An Mhaighdean Mhara*. Ina dhiaidh sin chuir Paddy Moloney ceol le chéile don scannán *Barry Lyndon* le Stanley Kubrick agus tá fonn *An*

Mhaighdean Mhara sa scannán sin faoin teideal *The Sea Maiden*. Agus bíonn fonn *An Mhaighdean Mhara* á sheinm ag bannaí móra, tá sé ag banna píob an RUC fiú! Ar ndóigh bhain filí éagsúla leas as scéal na maighdine mara ina gcuid filíochta. *An Murúch san Ospidéal* is teideal de dhán a scríobh Nuala Ní Dhomhnaill a bhaineann úsáid as treibh na mara mar mheafar coitianta ina cuid

An Rón agus An Mhaighdean Mhara: Tommy Ceven Ó Níaidh, Ros Muc, agus Róisín Ní Loinsigh, Indreabhán, i nGeamaireacht an Phléaráca 'Púca Dubh na Tulaigh agus An Spailpín Fánach', 1997.

pic: Bob Quinn/Archiva Chonamara

filíochta. . . . "Dhúisigh sí agus ní raibh a heireaball éisc ann níos mó ach istigh sa leaba léi bhí an dá rud fada fuar seo, ba dhóigh leat gur ghaid mhara iad nó slamaicí feola. . . ." Murúch an focal atá acu ó dheas ar an mhaighdean mhara. Seamas Heaney é féin, an file a bhain duais Litríochta Nobel amach, scríobh sé dán álainn dár teideal *Maighdean Mhara* ina bhfuil na línte "She sleeps now, her cold breasts dandled by undertow, her hair lifted and laid . . . this is the great first sleep of homecoming, eight land years between hearth and bed, her magic garment almost ocean tintured still, he stole her garment as she combed her hair" Scríobh sé é seo i ndiaidh dó an scéal a chloisteáil ón mbailitheoir béaloideasa An Dr Seán O hEochaidh as Teileann. Cé gur breá liom an scéal agus an seanchas a bhaineann leis ní saineolaí ar bith mé ar an ábhar agus níl anseo thuas ach blúire beag eolais faoin neach mara seo a chuireann draíocht ar pháistí agus a thugann ionsparáid agus lón scríbhneoir-eachta do lucht ealaíne fós!

Áine Ní Dhíoraí

Eagarthóir *An Mhaighdean Mhara*, An Gúm 1992

Léiritheoir *An Mhaighdean Mhara*, RnaG 1997

Tigh Mhic Dhonnchadha

Béal an Daingin
091-572126

GRÓSAER • AN POST

Gach dea ghruí don Fhéile



an seol mór

CARNA, CO NA GAILLIMHE

ceol breá, beoir, beatha

agus fáilte mhór

FÓN: 095-32253 FÓN PÓCA: 087-2376143
Úinéir: BILLY LYONS



(Thuas): Nóra Ní Chartúir, Camus, le Josie Chóilí Óg Ó Cualáin, Indreabhán agus Seán Ó Curráin ag fáil réidh dá Chlár na nDéagóirí ar Raidió na Gaeltachta

(Thíos): Cruinniú a reachtáileadh in Áras Uí Chadhain nuair a tosaíodh an feachtas chun Teilifís na Gaeltachta a bhunú.



Níor chuir TnaG riamh

aon teora lena mianta...

Leagamar béim ón tús

ar chláracha den scoth...

Seo chugainn anois

an saol úr digiteach.

Réabhlóid Éabhlóid
Revolution Evolution



Súil Eile

<http://www.tg4.ie>

Forbairt na Gaeltachta...

...forbairt na Gaillimhe

- Tionscail
- Naíonraí
- Clubanna Óige
- Scéimanna Forbartha
- Pobail
- Printísigh
- Scoláireachtaí
- Seirbhísí Teanga
- Féiltí Áitiúla
- Feirmeoireacht & próiseáil éisc
- Tograí closamhairc & teilifíse

Forbairt chultúrtha, shóisialta agus thionsclaíoch na Gaeltachta - sin é cúram Údarás na Gaeltachta

Tá páirt duitse san obair thábhachtach seo!



Údarás na Gaeltachta

• Na Forbacha, Gaillimh. Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101
ríomhphost: eolas@udaras.ie <http://www.udaras.ie>

